

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2025
(OR. en)**

**10300/25
ADD 6**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0162(NLE)**

**AELE 53
CH 19
MI 400**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Meitheamh 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 309 iarscríbhinn
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 309 - Iarscríbhinn 6.

Encl.: COM(2025) 309 iarscríbhinn



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.6.2025
COM(2025) 309 final

ANNEX 6

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú

COMHAONTÚ
IDIR AN tAONTAS EORPACH
AGUS CÓNADHM NA hEILVÉISE
MAIDIR LE LEICTREACHAS

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta,

agus

CÓNAIDHM NA hEILVÉISE, dá ngairtear ‘an Eilvéis’ anseo feasta,

dá ngairtear ‘na Páirtithe Conarthacha’ anseo feasta;

I bhFIANAISE an dlúth-chomhtháthaithe atá ann cheana maidir le córais leictreachais an Aontais agus na hEilvéise agus go raibh an Eilvéis mar chuid den ghrúpa tíortha Eorpacha a d’fhorbair trádáil leictreachais trasteorann san Eoraip ar bhonn an chomhair idir oibreoirí córas tarchurtha, d’fhonn tairbhe a bhaint as na buntáistí a bhaineann le hacmhainní comhroinnte fuinnimh;

AG TABHAIRT DÁ hAIRE gur cruthaíodh creat dlíthiúil dlúth san Aontas le 20 bliain anuas chun margadh inmheánach éifeachtúil leictreachais a eagrú le sásraí trádála leictreachais, amhail margadhchúpláil ar fud an Aontais, a thiocfaidh in ionad an chreata comhair a bhí ann roimhe sin;

Á AITHINT DÓIBH go bhfuil dúshlán mhéadaitheacha ann don chomhar leictreachais idir na Páirtithe Conarthacha agus do shlándáil a soláthair mar thoradh ar easpa chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir le trádáil leictreachais agus slándáil an tsoláthair san Eilvéis, agus mar thoradh air sin nach bhfuil an Eilvéis rannpháirteach i scéimeanna trádála comhpháirteacha, in ardáin chomhpháirteacha agus i gcomhlachtaí comhordúcháin comhpháirteacha arna rialú ag dlí an Aontais, agus mar gheall ar na dúshlán sin tá neamhéifeachtúlachtaí sa mhargadh, costais idirbhirt níos airde, éiginnteacht dhlíthiúil agus easpa iontaofachta maidir le malartú leictreachais, rudaí as a leanann costais bhreise ar chustaiméirí leictreachais;

Á CHUR I dTÁBHACHT go bhfuil sé i gceist leis an gComhaontú seo, agus dlúth-chomhtháthú fisiceach chóras leictreachais na hEilvéise i gcóras leictreachais na hEorpa atá ann cheana féin á chur san áireamh, feabhas a chur ar an gcomhar frithpháirteach in earnáil an leictreachais, rannpháirtíocht na hEilvéise a chumasú i ngach scéim trádála, ardán agus comhlacht comhordúcháin coiteann arna rialú ag dlí an Aontais, trádáil trasteorann leictreachais a chothú, éifeachtúlacht eacnamaíoch agus leas sóisialta a mhéadú, slándáil an tsoláthair a neartú, cobhsaíocht na heangaí a mhéadú agus an t-aistriú chuig córas gás ceaptha teasa fuinnimh glan-nialasach san Eoraip a éascú faoi 2050 ar mhaithe le leas frithpháirteach na hEilvéise agus an Aontais;

ÓS RUD É go n-éilítear le rannpháirtíocht na hEilvéise i margadh inmheánach leictreachais an Aontais go ndéanfaí an Eilvéis a chomhtháthú ar bhealach lena n-áirithítear na cearta agus na hoibleagáidí céanna le haghaidh na bPáirtithe Conarthacha. Éilítear leis sin, dá réir sin, rialacha iomchuí maidir le cothrom iomaíochta lena n-áirithítear iomaíocht oscailte chóir idir na Páirtithe Conarthacha, lena n-áirítear rialacha ábhartha maidir le hiomaíocht, leis an gcomhshaol agus le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite;

AG TABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil gá le dlúthchomhar idir na Páirtithe Conarthacha agus a n-údaráis chun rialacha an mhargaidh inmheánaigh leictreachais a léiriú agus a chur i bhfeidhm go cuí agus chun cobhsaíocht fheabhsaithe a bhaint amach san eangach réigiúnach agus chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, go háirithe le linn géarchéim fuinnimh;

Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DÓIBH go leagann na Páirtithe Conarthacha béim mhór ar shlándáil an tsoláthair leictreachais ina gcomhar faoin gComhaontú seo agus gurb é príomhchuspóir an Chomhaontaithe seo rialacha iontaofa a chruthú, lena ráthófar go leanfaidh an dá Pháirtí Chonarthacha de leictreachas a mhalartú freisin tráth géarchéime fuinnimh, ar bhonn rialacha soiléire, ionas gur féidir leo brath ar shreafaí leictreachais óna chéile, rud a laghdóidh costais do thomhaltóirí leictreachais;

Á AITHINT DÓIBH go gcuireann forchoimeádais fhisiceacha fhadtéarmacha maidir le hacmhainneacht trasteorann srian ar phrionsabal na rochtana tríú páirtí mar a chuirtear chun feidhme i rialacha an Aontais maidir leis an margadh leictreachais agus go bhféadfadh sé go dtarraingeofaí ceisteanna casta dlí anuas i ngeall ar láimhseáil conarthaí stairiúla a bhfuil forchoimeádais fhisiceacha fhadtéarmacha acu le tíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad, ba cheart deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar leis an gComhaontú seo maidir le deireadh a chur de réir a chéile le forchoimeádais den sórt sin agus maidir leis an gcóras is infheidhme san idirthréimhse;

I bhFIANAISE na dtairbhí a bhaineann le leictreachas a thrádáil thar theorainneacha agus infheistíocht a dhreasú le haghaidh soláthairtí leictreachais costéifeachtacha, glana agus slána san Aontas agus san Eilvéis;

Á AITHINT DI gur féidir úinéireacht phoiblí ar bhonneagar leictreachais a bheith ina rogha pholaitiúil dhlísteanaigh;

ARB É IS AIDHM DÓIBH rannpháirtíocht na hEilvéise agus a gnóthais i margadh inmheánach an Aontais a neartú agus a dhoimhniú, margadh ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach ar bhonn an Chomhaontaithe seo;

Á AITHINT DÓIBH go n-éilíonn feidhmiú cuí agus aonchineálacht i réimsí an mhargaidh inmheánaigh ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach cothrom iomaíochta don iomaíocht idir gnóthais na hEilvéise agus gnóthais an Aontais bunaithe ar rialacha substainteacha agus ar rialacha nós imeachta atá coibhéiseach leo siúd a bhfuil feidhm acu sa mhargadh inmheánach a mhéid a bhaineann le Státchabhair;

AG ATHDHEABHRÚ DÓIBH neamhspleáchas na bPáirtithe Conarthacha agus ról agus inniúlachtaí a n-institiúidí agus, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, urraim do na prionsabail a eascraíonn as a hord bunreachtúil, lena n-áirítear daonlathas díreach, scaradh na gcumhachtaí agus feidearálachas;

DE BHRÍ go bhfuil an tAontas agus an Eilvéis faoi cheangal ag an iliomad comhaontuithe déthaobhacha lena gcumhdaítear réimsí éagsúla, lena bhforáiltear do chearta agus oibleagáidí sonracha atá comhchosúil, ar bhealaí áirithe, leis na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear laistigh den Aontas;

AG MEABHRÚ DÓIBH gurb é is cuspóir do na comhaontuithe déthaobhacha sin iomaíochas na hEorpa a mhéadú agus naisc eacnamaíocha níos dlúithe a chruthú idir na Páirtithe Conarthacha, bunaithe ar chomhionannas, ar chómhálartacht agus ar chothromaíocht ghinearálta a mbuntáistí, a gceart agus a n-oibleagáidí;

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU rannpháirtíocht na hEilvéise i margadh inmheánach an Aontais a neartú agus a dhoimhniú, ar bhonn na rialacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir leis an margadh inmheánach, agus a neamhspleáchas agus neamhspleáchas a n-institiúidí á gcaomhnú ag an am céanna agus, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, urraim do na prionsabail a eascraíonn as an daonlathas díreach, as an bhfeidearálachas agus as cineál earnála a rannpháirtíochta sa mhargadh inmheánach;

Á nATHDHEARBHÚ dóibh go gcaomhnaítear inniúlacht Chúirt Uachtarach Fheidearálach na hEilvéise agus inniúlacht chúirteanna uile na hEilvéise chomh maith le hinniúlacht chúirteanna na mBallstát agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun an Comhaontú a léiriú i gcásanna aonair;

ÓS FEASACH DÓIBH aonfhoirmeacht a áirithiú sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach, faoi láthair agus amach anseo,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CUID I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 1

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Chomhaontú seo rannpháirtíocht na hEilvéise i margadh inmheánach leictreachais an Aontais a cheadú, trí chur i bhfeidhm aonfhoirmeach rialacha an mhargaidh inmheánaigh leictreachais a áirithiú, arna n-oiriúnú i gcás inar gá, faoi na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú seo.
2. I ndáil leis an méid sin, is é is aidhm don Chomhaontú seo:
 - (a) rochtain chomhionann ar an margadh a ráthú do gach rannpháirtí sa mhargadh ar mhargáí leictreachais an Aontais agus na hEilvéise araon, lena n-áirítear rochtain ar scéimeanna trádála comhpháirteacha, ar ardáin chomhpháirteacha agus ar chomhlachtaí comhordúcháin comhpháirteacha;
 - (b) trádáil leictreachais trasteorann a chothú ar mhaithe le leas frithpháirteach an Aontais agus na hEilvéise, lena n-áirítear trí leithdháileadh agus bainistiú feabhsaithe acmhainneacht an chórais tarchurtha, go háirithe ar idirnascairí;
 - (c) cobhsaíocht an ghréasáin leictreachais réigiúnaigh agus nascadh chóras leictreachais na hEilvéise le córas idirnasctha an Aontais a áirithiú;
 - (d) ardleibhéal slándála soláthair a áirithiú;

- (e) sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola leictreachais a ráthú;
- (f) sciar an leictreachais a tháirgtear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus a chur chun cinn agus ardleibhéal cosanta comhshaoil a ráthú in earnáil an leictreachais, chun an t-aistriú chuig córas fuinnimh gás ceaptha teasa glan-nialasach san Eoraip faoi 2050 a éascú;
- (g) an comhar idir na Páirtithe Conarthacha, a n-údaráis rialála faoi seach agus a n-oibreoirí in earnáil an leictreachais a mhéadú.

AIRTEAGAL 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gComhaontú seo maidir le hearnáil an leictreachais, a mhéid a bhaineann le giniúint, tarchur, dáileadh, trádáil agus soláthar leictreachais.
2. Tá feidhm ag an gComhaontú seo freisin maidir leis na hábhair a bhaineann go díreach le hearnáil an leictreachais mar a leagtar amach sa Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 3

Neamh-idirdhealú

Gabhann na Páirtithe Conarthacha orthu féin gan bearta idirdhealaitheacha a dhéanamh agus an Comhaontú seo á chur i bhfeidhm acu.

CUID II

RIALACHA MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT SA MHARGADH INMHEÁNACH LEICTREACHAIS

AIRTEAGAL 4

Rialacha lena rialaítear earnáil an leictreachais

Cuirfidh an Eilvéis na gníomhartha dlí i bhfeidhm in earnáil an leictreachais a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

AIRTEAGAL 5

Oibreoir córais tarchurtha na hEilvéise

1. Gan dochar do na forálacha maidir le díchuachadh oibreoirí córais tarchurtha (dá ngairtear ‘OCTanna’ anseo feasta) sna gníomhartha dlí a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ní léireofar aon fhoráil den Chomhaontú seo mar ní a chuireann cosc ar chomhlachtaí poiblí na hEilvéise, amhail cantúin agus bardais, tromlach díreach nó indíreach a bheith acu in oibreoir chóras tarchurtha na hEilvéise.
2. Ní chuirfidh aon ní sa Chomhaontú seo cosc ar chuideachtaí atá gníomhach in earnáil an leictreachais tromlach díreach nó indíreach a bheith acu in OCT na hEilvéise laistigh de theorainneacha na bhforálacha maidir le díchuachadh OCTanna sna gníomhartha dlí a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

AIRTEAGAL 6

Oibreoirí córais dáileacháin na hEilvéise

Gan dochar do na forálacha maidir le hoibreoirí córais dáileacháin a dhíchuachadh sna gníomhartha dlí a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ní dhéanfar aon fhoráil den Chomhaontú seo a léiriú mar fhoráil lena gcuirtear cosc ar chomhlachtaí poiblí na hEilvéise, amhail cantúin nó bardais, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) úinéireacht iomlán a bheith acu ar oibreoirí córais dáileacháin na hEilvéise nó tromlach díreach nó indíreach a bheith acu iontu;
- (b) a n-oibreoirí eangaí agus a n-eintitis a eagrú le haghaidh giniúna nó soláthair faoin dlí poiblí.

AIRTEAGAL 7

Seirbhís uilíoch na hEilvéise

1. Ní léireofar aon fhoráil den Chomhaontú seo mar ní a chuireann cosc ar an Eilvéis bearta cosanta tomhaltóirí a ghlacadh lena ndéantar foráil maidir le ceart do theaghlaigh agus d'fhiontair faoi bhun tairseach áirithe tomhaltais tairbhiú de sheirbhís uilíoch, lena n-áirítear seirbhísí soláthróra na rogha deiridh i gcomhréir le forálacha na ngníomhartha dlí a leagtar amach in Iarscríbhinn I.
2. Ní léireofar an Comhaontú seo mar ní a chuireann cosc ar rialáil praghsanna don tseirbhís uilíoch i gcomhréir le forálacha na ngníomhartha dlí a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

AIRTEAGAL 8

Córas idirthréimhseach le haghaidh forchoimeádais acmhainneachta fhadtéarmacha atá ann cheana ar idirnascairí ag teorainneacha na hEilvéise

1. Chun comhlíontacht le prionsabal na rochtana neamh-idirdhealaithí ar an eangach a shuí, le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo bainfear na forchoimeádais acmhainneachta fhadtéarmacha atá ann cheana le haghaidh leictreachais ag idirnascairí idir an Eilvéis agus an Fhrainc, mar a shainaithnítear sna conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Eanáir 2002, a liostaítear i Roinn B d'Iarscríbhinn II. Deonófar cúiteamh airgeadais do shealbhóirí na gconarthaí sin ar feadh idirthréimhse a chríochnóidh 7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ach ar feadh tréimhse nach faide ná dáta deiridh an chonartha atá ann cheana faoi seach atá liostaithe i Roinn B d'Iarscríbhinn II má dhéantar an Conradh sin a fhoirceannadh roimhe sin. Ní dhéanfaidh athruithe ar na conarthaí a liostaítear i Roinn B d'Iarscríbhinn II difear do bhaint forchoimeádas acmhainneachta fadtéarmach ná don idirthréimhse.
2. Leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn II prionsabail an chúitimh airgeadais agus cúraimí na nÚdarás Rialála Náisiúnta (dá ngairtear 'NRAnna' anseo feasta) a bhaineann leis an gcúiteamh agus lena mhaoiniú.
3. D'ainneoin mhír 1, caomhnófar na forchoimeádais acmhainneachta a bhaineann le suiteálacha hidreachumhachta trasteorann ag a bhfuil toirt níos lú d'fhorchoimeádas acmhainneachta nach mó ná 65 MW, mar a liostaítear i Roinn C d'Iarscríbhinn II, le linn idirthréimhse a chríochnóidh 15 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ach ar feadh tréimhse nach faide ná dáta deiridh an lamháltais atá ann cheana faoi seach, má dhéantar an lamháltas a fhoirceannadh roimhe sin, agus bainfear é ina dhiaidh sin.

AIRTEAGAL 9

Slándáil an tsoláthair agus cúltaisc

1. Measann na Páirtithe Conarthacha go bhfuil slándáil an tsoláthair leictreachais an-tábhachtach ina gcomhar faoin gComhaontú seo. Chun margaí leictreachais feidhmiúla a áirithiú agus chun sreafaí leictreachais sna háiteanna is mó a bhfuil gá leo a áirithiú, fanfaidh idirnascairí trasteorann ar oscailt, lena n-áirítear tráth géarchéime leictreachais, i gcomhréir leis an gComhaontú seo. Seachnófar bearta a chuireann slándáil an tsoláthair leictreachais i mbaol, go háirithe i gcás géarchéimeanna leictreachais, go háirithe idirghabhálacha amhail srianta míchuí ar shreafaí leictreachais trasteorann.
2. Féadfaidh an Eilvéis bearta riachtanacha, comhréireacha agus neamhshaofa a dhéanamh chun slándáil an tsoláthair leictreachais a áirithiú, go háirithe trí chúlchistí leictreachais a bhunú agus a bheith i bhfeidhm a mhéid atá siad comhoiriúnach leis an gComhaontú seo.
3. Agus measúnú á dhéanamh ag an Eilvéis ar a leordhóthanacht acmhainní náisiúnta, féadfaidh sí toimhdí a dhéanamh agus sainiúlachtaí an éilimh agus an tsoláthair leictreachais náisiúnta á gcur san áireamh, lena n-áirítear na saintréithe sin a eascraíonn as an bhfioras nach Ballstát den Aontas í an Eilvéis, nó as gnéithe a d'fhéadfadh a bheith ábhartha go háirithe maidir le slándáil an tsoláthair san Eilvéis, amhail infhaighteacht laghdaithe cumhachta núicléiche agus gáis le haghaidh giniúint cumhachta i dtíortha comharsanachta, ar choinníoll go ndéanfar na hábhair inní sin a mheas ar bhealach comhréireach agus réasúnta.
4. Chun éifeachtacht na rialacha maidir le tacaíocht Stáit do leordhóthanacht giniúna faoin gComhaontú seo a áirithiú agus chun na féidearthachtaí nua a chur san áireamh maidir le leictreachas a mhalartú ar bhonn rialacha ceangailteacha tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ní rachaidh tacaíocht Stáit do chúlchistí leordhóthanachta a deonaíodh roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nach bhfuil comhoiriúnach leis an gComhaontú seo thar ré nach faide ná 6 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 10

Rannpháirtíocht na hEilvéise in institiúidí agus i gcomhlachtaí eile

1. Tá an Eilvéis agus gníomhaithe ábhartha na hEilvéise rannpháirteach in institiúidí, coistí, réigiúin, scéimeanna, ardáin, tionscnaimh agus comhlachtaí comhchosúla eile atá ábhartha faoin gComhaontú seo.
2. Go sonrach:
 - (a) tá NRA na hEilvéise rannpháirteach sa Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (dá ngairtear ‘ACER’ anseo feasta);
 - (b) tá OCT na hEilvéise rannpháirteach sa Líonra Eorpach d’Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (dá ngairtear ‘ENTSO-E’ anseo feasta);
 - (c) Tá oibreoirí córais dáileacháin na hEilvéise rannpháirteach san eintiteas Eorpach d’oibreoirí córais dáileacháin (dá ngairtear ‘eintiteas AE do OCDanna’ anseo feasta).
3. Leagtar amach na mionsonraí maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise sna hIarscríbhinní.

AIRTEAGAL 11

Saothrú acmhainní fuinnimh agus úinéireacht suiteálacha giniúna

1. Caomhnóidh an Eilvéis an ceart chun na coinníollacha a chinneadh maidir lena hacmhainní fuinnimh a shaothrú, lena n-áirítear úsáid hidreachumhachta, laistigh de theorainneacha an dlí ábhartha is infheidhme faoin gComhaontú seo, chomh maith lena rogha idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a soláthair fuinnimh.
2. Ní choiscfidh aon ní sa Chomhaontú seo úinéireacht phoiblí suiteálacha giniúna, lena n-áirítear giniúint hidreachumhachta, ag comhlachtaí poiblí, laistigh de theorainneacha an dlí ábhartha leictreachais is infheidhme.

CUID III

STÁTCHABHAIR

AIRTEAGAL 12

Cuspóirí na bhforálacha maidir le Státchabhair

1. Is iad cuspóirí na Coda seo cothrom iomaíochta a áirithiú don iomaíocht idir gnóthais an Aontais agus na hEilvéise i réimsí an mhargaidh inmheánaigh a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a ráthú trí rialacha substainteacha agus nós imeachta a leagan síos maidir le Státchabhair.

2. Ní athróidh an Chuid seo ná na hIarscríbhinní a ghabhann léi raon feidhme ná cuspóirí an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 13

Státchabhair

1. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, aon chabhair a thabharfaidh an Eilvéis nó Ballstáit den Aontas nó a thabharfar trí acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, beidh sí ar neamhréir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, a mhéid a dhéanann sí difear don trádáil idir na Páirtithe Conarthacha faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo.

2. Beidh na nithe seo a leanas i gcomhréir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh:

- (a) cabhair de chineál comhdhaonnach do thomhaltóirí aonair, ar choinníoll go dtugtar an chabhair sin gan idirdhealú maidir le tionscnamh na dtáirgí lena mbaineann;
- (b) cabhair chun an damáiste a dhéanann tubaiste nádúrtha nó tarluithe eisceachtúla a chur ina gceart;
- (c) na bearta a leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn III.

3. Féadfar a mheas go bhfuil na nithe seo a leanas i gcomhréir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh:

- (a) cabhair chun forbairt eacnamaíoch ceantair ina bhfuil an caighdeán maireachtála an íseal nó ina bhfuil dífhostaíocht thromchúiseach a chur chun cinn;

- (b) cabhair chun cur i gcrích tionscadail thábhachtaigh ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne, nó ar mhaithe le leas coiteann na bPáirtithe Conarthacha a chur chun cinn, nó chun suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar Ballstáit den Aontas nó na hEilvéise a leigheas;
- (c) cabhair chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe a éascú, i gcás nach ndéanann an chabhair sin dochar do dhálaí trádála a mhéid a bheadh contrártha do leas na bPáirtithe Conarthacha;
- (d) cabhair chun cultúr agus caomhnú na hoidhreacht a chur chun cinn i gcás nach ndéanann an chabhair sin difear do dhálaí trádála ná d'iomáiocht a mhéid a bheadh bunoscionn le leas na bPáirtithe Conarthacha;
- (e) na catagóirí cabhrach a leagtar amach i Roinn B d'Iarscríbhinn III.

4. Maidir le cabhair a dheonaítear i gcomhréir le Roinn C d'Iarscríbhinn III, toimhdeofar go bhfuil sí comhoiriúnach le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus beidh díolúine aici ó na ceanglais maidir le fógra a thabhairt faoi Airteagal 14.

5. Cabhair arna deonú do ghnóthais arb é a gcúram seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú nó seirbhísí de chineál monaplachta fiosaí, beidh sí faoi réir na rialacha sa Chomhaontú seo, a mhéid nach dtiocfaidh de na rialacha sin a chur i bhfeidhm bac ar chomhlíonadh, le dlí nó le gníomh, na gcúraimí áirithe a sannadh dóibh. Níor cheart difear a dhéanamh d'fhorbairt na trádála a mhéid a bheadh contrártha do leas na bPáirtithe Conarthacha.

6. Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo maidir le cabhair i gcás inarb ionann an méid a dheonaítear do ghnóthas aonair le haghaidh gníomhaíochtaí faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo agus cabhair *de minimis* mar a leagtar amach i Roinn D d'Iarscríbhinn III.

7. Féadfaidh an Comhchoiste a bhunaítear le hAirteagal 25 den Chomhaontú seo (dá ngairtear an ‘Comhchoiste’ anseo feasta) a chinneadh Ranna A agus B d’Iarscríbhinn III a thabhairt cothrom le dáta trí bhearta a shonrú a bheidh comhoiriúnach, nó catagóirí cabhrach a d’fhéadfaí a mheas a bheith comhoiriúnach, le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

AIRTEAGAL 14

Faireachas

1. Chun críocha Airteagal 12, i gcomhréir le dáileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit, agus an Eilvéis, i gcomhréir lena ord bunreachtúil inniúlachtaí, déanfaidh an tAontas maoirseacht ar chur i bhfeidhm na rialacha maidir leis an Státchabhair ina gcíoch faoi seach i gcomhréir leis an gCuid seo.
2. Chun críocha chur chun feidhme na Coda seo, coinneoidh an tAontas córas faireachais Státchabhrach ar bun i gcomhréir le hAirteagail 93, 106, 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear ‘CFAE’ anseo feasta) arna fhorlíonadh le gníomhartha dlí an Aontais i réimse na Státchabhrach agus le gníomhartha dlí an Aontais a bhaineann le Státchabhair in earnáil an leictreachais a liostaítear i bpointe 1 de Roinn A d’Iarscríbhinn IV.
3. Chun críocha chur chun feidhme na Coda seo, déanfaidh an Eilvéis, laistigh de 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, córas faireachais Státchabhrach a bhunú agus a choinneáil ar bun lena n-áiríteofar ag gach tráth leibhéal faireachais agus forfheidhmithe atá coibhéiseach leis an leibhéal atá i bhfeidhm san Aontas, mar a leagtar amach i mír 2, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
 - (a) údarás faireachais neamhspleách; agus

- (b) nósanna imeachta chun a áirithiú go ndéanfaidh an t-údarás faireachais athbhreithniú ar chomhoiriúnacht na cabhrach le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
- (i) réamhfhógra a thabhairt don údarás faireachais maidir le cabhair phleanáilte;
 - (ii) measúnú arna dhéanamh ag an údarás faireachais ar chabhair faoina dtugtar fógra agus ar a inniúlacht athbhreithniú a dhéanamh ar chabhair nár tugadh fógra ina leith;
 - (iii) agóid a dhéanamh os comhair an údarais bhreithiúnaigh inniúil, le héifeacht fionraíochta ón uair a bheidh an gníomh inchonspóide, maidir le cabhair a mheasann an t-údarás faireachais a bheith ar neamhréir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh; agus
 - (iv) aisghabháil, lena n-áirítear ús, cabhrach a deonaíodh agus a cinneadh a bheith ar neamhréir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

4. I gcomhréir le hord bunreachtúil inniúlachtaí na hEilvéise, níl feidhm ag mír 3, pointe (b)(iii) agus (iv) maidir le gníomhartha de chuid Thionól Cónaidhme na hEilvéise ná de chuid Chomhairle Chónaidhme na hEilvéise.

5. I gcás nach féidir le húdarás faireachais na hEilvéise agóid a dhéanamh in aghaidh chabhair Thionól Cónaidhme na hEilvéise nó chabhair Chomhairle Chónaidhme na hEilvéise os comhair údarás breithiúnach, mar gheall ar a theorainneacha inniúlachta faoi ord bunreachtúil na hEilvéise, déanfaidh sé agóid in aghaidh chur i bhfeidhm na cabhrach sin ag údarais eile i ngach cás sonrach. Má chinneann an t-údarás breithiúnach nach bhfuil an chabhair sin comhoiriúnach le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, cuirfidh údarais bhreithiúnacha agus riaracháin inniúla na hEilvéise an cinneadh sin san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar cé acu ba cheart nó nár cheart an chabhair sin a chur i bhfeidhm sa chás atá os a gcomhair.

AIRTEAGAL 15

Cabhair atá ann cheana

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 14(3), pointe (b), maidir le cabhair atá ann cheana, lena n-áirítear scéimeanna cabhrach agus cabhair aonair.
2. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, áireofar leis an gcabhair atá ann cheana cabhair arna deonú roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus laistigh de 5 bliana ón dáta sin.
3. Laistigh de 12 mhí ó dháta bunaithe an chórais faireachais de bhun Airteagal 14(3), gheobhaidh an t-údarás faireachais forbhreathnú ar scéimeanna cabhrach atá ann cheana laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe seo atá fós i bhfeidhm agus déanfaidh sé measúnú prima facie ar na scéimeanna sin in aghaidh na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 13.
4. Beidh gach scéim cabhrach atá ann cheana san Eilvéis faoi réir athbhreithniú leanúnach ag an údarás faireachais maidir lena gcomhoiriúnacht le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh de bhun mhíreanna 5, 6 agus 7.
5. Má mheasann an t-údarás faireachais nach bhfuil scéim cabhrach atá ann cheana comhoiriúnach, nó nach bhfuil sí comhoiriúnach a thuilleadh, le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, cuirfidh sé na húdaráis inniúla ar an eolas faoin oibleagáid maidir leis an gCuid seo a chomhlíonadh. Má dhéantar scéim cabhrach den sórt sin a leasú nó a fhoirceannadh, cuirfidh na húdaráis inniúla an t-údarás faireachais ar an eolas.
6. Má mheasann an t-údarás faireachais go bhfuil na bearta arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla iomchuí chun comhoiriúnacht na scéime cabhrach le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, foilseoidh sé na bearta sin.

7. D'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, má mheasann an t-údarás faireachais go bhfuil an scéim cabhrach fós ar neamhréir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, foilseoidh an t-údarás faireachais a mheasúnú agus cuirfidh sé i gcoinne chur i bhfeidhm na scéime cabhrach sin i ngach cás sonrach, i gcomhréir le hAirteagal 14(3), pointe (b)(iii), agus Airteagal 14(5).

8. Chun críocha na Coda seo, má leasaítear scéim cabhrach atá ann cheana ar bhealach a dhéanann difear do chomhoiriúnacht na cabhrach le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, measfar gur cabhair nua í an chabhair agus, dá bhrí sin, beidh sí faoi réir Airteagal 14(3), pointe (b).

AIRTEAGAL 16

Trédhearcacht

1. Maidir le cabhair a dheonaítear ina gcríoch, áiríteoidh na Páirtithe Conarthacha trédhearcacht. I gcás an Aontais, beidh trédhearcacht bunaithe ar rialacha substainteacha agus ar rialacha nós imeachta a bhfuil feidhm acu san Aontas maidir le Státchabhair atá faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo. I gcás na hEilvéise, beidh trédhearcacht bunaithe ar rialacha substainteacha agus ar rialacha nós imeachta atá coibhéiseach leo siúd a bhfuil feidhm acu san Aontas maidir le Státchabhair atá faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo.

2. Áiríteoidh gach Páirtí Conarthach, maidir lena chríoch agus mura bhforáiltear a mhalairt sa Chuid seo, go bhfoilseofar na nithe seo a leanas:

(a) cabhair a deonaíodh;

(b) tuairimí nó cinntí a údarás faireachais;

- (c) rialuithe na n-údarás breithiúnach inniúil maidir le comhoiriúnacht na cabhrach le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh; agus
- (d) treoirlínte agus teachtaireachtaí arna gcur i bhfeidhm ag a húdaráis faireachais.

AIRTEAGAL 17

Téarmaí comhair

1. Oibreoidh na Páirtithe Conarthacha i gcomhar agus malartóidh siad faisnéis maidir le Státchabhair, faoi réir a ndlíthe féin agus na n-acmhainní a bheidh ar fáil.
2. Chun na rialacha substainteacha maidir le Státchabhair agus forbairt chomhchuí na rialacha sin a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a léirmhíniú go haonfhoirmeach:
 - (a) oibreoidh na Páirtithe Conarthacha i gcomhar agus rachaidh siad i gcomhairle le chéile maidir leis na treoirlínte agus na teachtaireachtaí ábhartha dá dtagraítear i Roinn B d'Iarscríbhinn IV; agus
 - (b) tabharfaidh údaráis faireachais na bPáirtithe Conarthacha socruithe i gcrích maidir le malartú tráthrialta faisnéise, lena n-áirítear maidir leis na himpleachtaí do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le cabhair atá ann cheana.

AIRTEAGAL 18

Comhairliúcháin

1. Arna iarraidh sin do Pháirtí Conarthach, rachaidh na Páirtithe Conarthacha i gcomhairle le chéile, laistigh den Chomhchoiste, maidir le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme na Coda seo.
2. I gcás forbairtí a bhaineann le leasanna tábhachtacha Páirtí Chonarthaigh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibriú na Coda seo, tiocfaidh an Comhchoiste, arna iarraidh sin do Pháirtí Conarthach, le chéile ar ardleibhéal iomchuí laistigh de 30 lá ón iarraidh sin chun an t-ábhar a phlé.

AIRTEAGAL 19

Gníomhartha dlí a bhaineann le Státchabhair a chomhtháthú

1. D'ainneoin Airteagal 27, chun críocha Airteagal 13(4) agus (6) agus Airteagal 14(2) agus (3), agus chun deimhneacht dhlíthiúil agus aonchineálacht an dlí a ráthú i réimsí an mhargaidh inmheánaigh ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach de bhua an Chomhaontaithe seo, áiritheoidh an Eilvéis agus an tAontas go ndéanfar gníomhartha dlí de chuid an Aontais arna nglacadh sna réimsí a chumhdaítear le Ranna C agus D d'Iarscríbhinn III chomh maith le Roinn A d'Iarscríbhinn IV a chomhtháthú sna hIarscríbhinní sin a luaithe is féidir tar éis a nglactha.
2. Nuair a ghlacfaidh an tAontas gníomh dlí sa réimse a chumhdaítear le Ranna C agus D d'Iarscríbhinn III nó le Roinn A d'Iarscríbhinn IV, cuirfidh sé an Eilvéis ar an eolas faoi sin a luaithe is féidir tríd an gComhchoiste. Arna iarraidh sin do cheachtar de na Páirtithe Conarthacha, malartóidh an Comhchoiste tuairimí maidir leis an ábhar sin.

3. Gníomhóidh an Comhchoiste i gcomhréir le mír 1 trí chinneadh a ghlacadh a luaithe is féidir chun Roinn C agus Roinn D d'Iarscríbhinn III agus Roinn A d'Iarscríbhinn IV a leasú, lena n-áirítear na hoiriúnuithe is gá.

4. Faoi réir Airteagal 28, tiocfaidh cinntí an Chomhchoiste de bhun mhír 3 den Airteagal seo i bhfeidhm láithreach, ach ní thiocfaidh siad i bhfeidhm i gcás ar bith roimh an dáta a thiocfaidh an gníomh dlí comhfhreagrach de chuid an Aontais chun bheith infheidhme san Aontas.

CUID IV

RÉIMSÍ A BHAINNEANN LEIS AN MARGADH LEICTREACHAIS

AIRTEAGAL 20

Comhshaol

1. Áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha ardleibhéal cosanta comhshaoil in earnáil an leictreachais.

2. Áiritheoidh an Eilvéis ardleibhéal cosanta comhshaoil i gcomhréir le hAirteagal 27(3) agus Iarscríbhinn V.

AIRTEAGAL 21

Fuinneamh in-athnuaite

1. Oibreoidh na Páirtithe Conarthacha i gcomhar i réimse an fhuinnimh in-athnuaite, go háirithe maidir lena imscaradh agus lena chur chun cinn.
2. Geallann na Páirtithe Conarthacha go méadóidh siad sciar an fhuinnimh in-athnuaite ina gcórais fuinnimh. Cuirfidh an Eilvéis na gníomhartha dlí maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite i bhfeidhm mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI agus go háirithe leagfaidh sí síos sprioc tháscach iomchuí maidir le fuinneamh in-athnuaite.
3. Féachfaidh na Páirtithe Conarthacha le dlús a chur lena nósanna imeachta pleanála agus ceadaithe.

AIRTEAGAL 22

Comhar bonneagair

1. Oibreoidh na Páirtithe Conarthacha i gcomhar lena chéile chun forbairt thráthúil agus idir-inoibritheacht bonneagair leictreachais lena nasctar a gcríocha a éascú.
2. Áiritheoidh gach Páirtí Conarthach go ndéanfar pleananna um fhorbairt gréasáin dá chórais tarchurtha leictreachais a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

3. Chun críche cáiliú fèideartha thionscadail bhonneagair na hEilvéise mar thionscadail leasa fhrithpháirtigh de bhun Airteagal 2(1) agus Airteagal 4(2), pointe (e), de Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, glactar leis i gcás na hEilvéise go bhfuil ardleibhéal cóineasaithe sa chreat beartais. Éascóidh an Eilvéis amlíne chomhchosúil le haghaidh cur chun feidhme brostaithe agus bearta tacaíochta beartais eile, dá bhforáiltear leis an Rialachán sin.

CUID V

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 23

Cuspóirí na bhforálacha institiúideacha

1. Is é is cuspóir don Chuid seo deimhneacht dhlíthiúil níos fearr, cóir chomhionann agus cothrom iomaíochta sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo a ráthú do na Páirtithe Conarthacha, agus d'oibreoirí eacnamaíocha agus do dhaoine aonair.

¹ Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO AE L 152, 3.6.2022, lch. 45, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/869/oj>).

2. Chuige sin, soláthraítear leis an gCuid seo réitigh institiúideacha lena n-éascaítear neartú leanúnach cothrom an chaidrimh eacnamaíoch idir na Páirtithe Conarthacha. Agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta á gcur san áireamh, leagtar síos sa Chuid seo, go háirithe, réitigh institiúideacha le haghaidh an Chomhaontaithe seo ar réitigh iad is coiteann do na comhaontuithe déthaobhacha arna dtabhairt i gcrích nó atá le tabhairt i gcrích sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach, gan raon feidhme ná cuspóirí an Chomhaontaithe seo a athrú, go háirithe:

- (a) an nós imeachta chun an Comhaontú a ailíniú le gníomhartha dlí de chuid an Aontais atá ábhartha don Chomhaontú seo;
- (b) léiriú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Chomhaontaithe seo agus ghníomhartha dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú seo;
- (c) faireachas a dhéanamh ar an gComhaontú seo agus é a chur i bhfeidhm; agus
- (d) díospóidí a réiteach i gcomhthéacs an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 24

Comhaontuithe déthaobhacha sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach

1. Measfar comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo idir an tAontas agus an Eilvéis sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach a bheith comhleanúnach ina n-iomláine lena n-áirithítear cothromaíocht na gceart agus na n-oibleagáidí idir an tAontas agus an Eilvéis.

2. Is comhaontú déthaobhach é an Comhaontú seo i réimse a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach.

AIRTEAGAL 25

Comhchoiste

1. Bunaítear Comhchoiste leis seo. Is ionadaithe ó na Páirtithe Conarthacha a bheidh ar an gComhchoiste.
2. Beidh ionadaí ón Aontas Eorpach agus ionadaí ón Eilvéis ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste.
3. Déanfaidh an Comhchoiste:
 - (a) feidhmiú cuí agus riar agus cur i bhfeidhm éifeachtach an Chomhaontaithe seo a áirithiú;
 - (b) fóram a sholáthar le haghaidh comhairliúchán frithpháirteach agus malartú leanúnach faisnéise idir na Páirtithe Conarthacha, go háirithe d'fhonn teacht ar réiteach ar aon deacracht a bhaineann le léiriú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó gnímh dlí de chuid an Aontais dá ndéantar tagairt sa Chomhaontú seo i gcomhréir le hAirteagal 32;
 - (c) moltaí a chur faoi bhráid na bPáirtithe Conarthacha maidir le hábhair a bhaineann leis an gComhaontú seo;
 - (d) cinntí a ghlacadh i gcás ina bhforáiltear dó sin go sainráite sa Chomhaontú seo; agus

(e) aon inniúlacht eile a dheonaítear dó sa Chomhaontú seo a fheidhmiú.

4. I gcás leasú ar Airteagail 1 go 6, 10 go 15, 17 nó 18 den Phrótacal (Uimh. 7) ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear ‘Prótacal (Uimh. 7’ anseo feasta), leasóidh an Comhchoiste an Foscscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn I dá réir sin.

5. Feidhmeoidh an Comhchoiste trí chomhthoil.

Beidh Cinntí ina gceangal ar na Páirtithe Conarthacha, agus déanfaidh na Páirtithe na bearta uile is gá chun iad a chur chun feidhme.

6. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile uair sa bhliain ar a laghad, sa Bhruiséil agus i mBeirn gach re seach, mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt. Tiocfaidh sé le chéile freisin arna iarraidh sin do cheachtar de na Páirtithe Conarthacha. Féadfaidh na comhchathaoirligh a chomhaontú go dtionólfar cruinniú den Chomhchoiste trí fhíschomhdháil nó trí theileachomhdháil.

7. Glacfaidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta agus tabharfaidh sé cothrom le dáta iad de réir mar is gá.

8. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh aon mheitheal nó aon ghrúpa saineolaithe a bhunú a bheidh in ann cúnamh a thabhairt dó chun a chuid dualgas a chomhlíonadh.

CAIBIDIL 2

AILÍNIÚ AN CHOMHAONTAITHE SEO LE GNÍOMHARTHA DLÍ DE CHUID AN AONTAIS

AIRTEAGAL 26

Rannpháirtíocht i ndréachtú gníomhartha dlí de chuid an Aontais ('cinntí a mhúnlú')

1. Agus togra le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais á dhréachtú aige i gcomhréir le CFAE sa réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, cuirfidh an Coimisiún Eorpach (dá ngairtear an 'Coimisiún' anseo feasta) an Eilvéis ar an eolas faoi sin agus rachaidh sé i gcomhairle go neamhfhoirmiúil le saineolaithe na hEilvéise ar an mbealach céanna a iarrfaidh sé tuairimí ó shaineolaithe ó Bhallstáit an Aontais chun a thograí a dhréachtú.

Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí Conarthach, déanfar réamhmalartú tuairimí laistigh den Chomhchoiste.

Rachaidh na Páirtithe Conarthacha i gcomhairle le chéile arís, arna iarraidh sin do cheachtar acu, laistigh den Chomhchoiste ag tráthanna tábhachtacha den chéim sula nglacfaidh an tAontas an gníomh dlí, le linn próiseas leanúnach faisnéise agus comhairliúcháin.

2. Le linn don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ullmhú, i gcomhréir le CFAE, a bhaineann le bunghníomhartha dhlí an Aontais sa réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, áiríteoidh sé go mbeidh an rannpháirtíocht is leithne is féidir ag an Eilvéis in ullmhú na ndrächtaí agus rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe na hEilvéise ar an mbonn céanna agus a rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe Bhallstáit an Aontais.

3. Le linn don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú, i gcomhréir le CFAE, a bhaineann le bunghníomhartha dhlí an Aontais sa réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, áiritheoidh sé go mbeidh an rannpháirtíocht is leithne is féidir ag an Eilvéis in ullmhú na ndrachaí atá le cur faoi bhráid na gcoistí a thugann cúnamh don Choimisiún i bhfeidhmiú a chumhachtaí cur chun feidhme agus rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe na hEilvéise ar an mbonn céanna agus a rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe ó Bhallstáit an Aontais.
4. Beidh saineolaithe na hEilvéise rannpháirteach in obair na gcoistí nach gcumhdaítear le míreanna 2 agus 3 i gcás inar gá sin le haghaidh fheidhmiú cuí an Chomhaontaithe seo. Déanfaidh an Comhchoiste liosta de na coistí sin agus, i gcás inarb iomchuí, de choistí eile a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta.
5. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais ná maidir le forálacha díobh a thagann faoi raon feidhme eisceachta dá dtagraítear in Airteagal 27(8).

AIRTEAGAL 27

Gníomhartha dlí de chuid an Aontais a chomhtháthú

1. Chun deimhneacht dhlíthiúil agus aonchineálacht an dlí a ráthú sa réimse a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach de bhua an Chomhaontaithe seo, áiritheoidh an Eilvéis agus an tAontas go ndéanfar gníomhartha dlí de chuid an Aontais arna nglacadh sa réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a chomhtháthú sa Chomhaontú seo a luaithe is féidir tar éis a nglactha.
2. Gníomhartha dlí de chuid an Aontais arna gcomhtháthú in Iarscríbhinní I agus VI i gcomhréir le mír 5, beidh siad, trína gcomhtháthú sa Chomhaontú seo, ina gcuid de dhlíchóras na hEilvéise faoi réir, de réir mar a bheidh, na n-oiriúnuithe arna gcinneadh ag an gComhchoiste.

3. Déanfaidh an Eilvéis, le hinfheidhmeacht in earnáil an leictreachais, forálacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena leagtar síos ceanglais lena n-áirithítear an leibhéal céanna cosanta comhshaoil ar a laghad agus a leagtar síos sna gníomhartha dlí de chuid an Aontais arna gcomhtháthú in Iarscríbhinn V i gcomhréir le mír 5. Ní fhéadfar forálacha dhlí na hEilvéise arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun i gcomhréir leis an mír seo a agairt chun srian a chur ar shaor-rochtain earraí agus seirbhísí ón Aontas ar mhargadh na hEilvéise, earraí agus seirbhísí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sna gníomhartha dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn V.

4. Le linn don Aontas gníomh dlí a ghlacadh sa réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, cuirfidh sé an Eilvéis ar an eolas faoi sin a luaithe is féidir tríd an gComhchoiste. Arna iarraidh sin do cheachtar de na Páirtithe Conarthacha, malartóidh an Comhchoiste tuairimí maidir leis an ábhar sin.

5. Gníomhóidh an Comhchoiste i gcomhréir le mír 1 trí chinneadh a ghlacadh a luaithe is féidir chun Iarscríbhinní I, V agus VI a ghabhann leis an gComhaontú seo a leasú, lena n-áirítear na hoiriúnuithe is gá.

6. Gan dochar do mhíreanna 1 agus 2, más gá chun comhleanúnachas an Chomhaontaithe seo le hIarscríbhinní I, V agus VI arna leasú de bhun mhír 5 a áirithiú, féadfaidh an Comhchoiste athbhreithniú ar an gComhaontú seo a mholadh, lena fhormheas ag na Páirtithe Conarthacha de réir a nósanna imeachta inmheánacha.

7. Tagairtí sa Chomhaontú seo do ghníomhartha dlí de chuid an Aontais nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh, forléireofar iad mar thagairtí don ghníomh dlí aisghairme de chuid an Aontais mar atá comhtháite in Iarscríbhinní I, V agus VI ó theacht i bhfeidhm an chinnidh ón gComhchoiste maidir leis an leasú comhfhreagrach ar Iarscríbhinní I, V agus VI, mura bhforáiltear a mhalairt sa chinneadh sin.

8. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach i mír 1 maidir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais ná le forálacha díobh a thagann faoi raon feidhme na heisceachta seo a leanas:

– Airteagal 9(3).

9. Faoi réir Airteagal 28, tiocfaidh cinntí ón gComhchoiste de bhun mhír 5 i bhfeidhm láithreach, ach ní thiocfaidh siad i bhfeidhm i gcás ar bith roimh an dáta a thiocfaidh an gníomh dlí comhfhreagrach de chuid an Aontais chun bheith infheidhme san Aontas.

10. Oibreoidh na Páirtithe Conarthacha i gcomhar de mheon macánta le linn an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo chun an chinnteoireacht a éascú.

AIRTEAGAL 28

Oibleagáidí bunreachtúla á gcomhlíonadh ag an Eilvéis

1. Le linn an mhalartaithe tuairimí dá dtagraítear in Airteagal 27(4), cuirfidh an Eilvéis in iúl don Aontas cé acu a cheanglaítear nó nach gceanglaítear le cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 27(5) go gcomhlíonfaidh an Eilvéis oibleagáidí bunreachtúla chun bheith ceangailteach.

2. I gcás ina gceanglaítear leis an gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 27(5) ar an Eilvéis oibleagáidí bunreachtúla a chomhlíonadh chun bheith ceangailteach, beidh teorainn ama 2 bhliain ar a mhéad ag an Eilvéis ó dháta na faisnéise dá bhforáiltear i mír 1, ach amháin i gcás ina seolfar nós imeachta reifrinn, agus sa chás sin cuirfear síneadh bliana leis an tréimhse sin.

3. Go dtí go bhfaighidh an Eilvéis an fhaisnéis go bhfuil a hoibleagáidí bunreachtúla comhlíonta aici, cuirfidh na Páirtithe Conarthacha an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 27(5) i bhfeidhm go sealadach, mura rud é go gcuirfidh an Eilvéis in iúl don Aontas nach féidir an cinneadh a chur i bhfeidhm go sealadach agus go soláthróidh siad na cúiseanna leis sin.

Ní féidir, i gcás ar bith, an cur i bhfeidhm sealadach a dhéanamh roimh an dáta a thiocfaidh an gníomh dlí comhfhreagrach de chuid an Aontais chun bheith infheidhme san Aontas.

4. Tabharfaidh an Eilvéis fógra don Aontas gan mhoill tríd an gComhchoiste a luaithe a bheidh na hoibleagáidí bunreachtúla dá dtagraítear i mír 1 comhlíonta aici.

5. Tiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm an lá a thabharfar an fógra dá bhforáiltear i mír 4, ach ní thiocfaidh sé i bhfeidhm i gcás ar bith roimh an dáta a thiocfaidh an gníomh dlí comhfhreagrach de chuid an Aontais chun bheith infheidhme san Aontas.

CAIBIDIL 3

LÉIRMHÍNIÚ AGUS CUR I bhFEIDHM AN CHOMHAONTAITHE

AIRTEAGAL 29

Prionsabal an léirithe chomhionann

1. Chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 1, 12 agus 23 a bhaint amach agus i gcomhréir le prionsabail an dlí idirnáisiúnta phoiblí, déanfar na comhaontuithe déthaobhacha sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach agus gníomhartha dlí an Aontais dá ndéantar tagairt i gcomhaontuithe den sórt sin a léiriú agus a chur i bhfeidhm go comhionann sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach.
2. Gníomhartha dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú seo agus, a mhéid a bhaineann a gcur i bhfeidhm le coincheapa de dhlí an Aontais, déanfar forálacha an Chomhaontaithe seo a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, sula síneofar an Comhaontú seo nó dá éis.

AIRTEAGAL 30

Prionsabal cur i bhfeidhm éifeachtach agus comhchuí

1. Rachaidh an Coimisiún agus údaráis inniúla na hEilvéise i gcomhar le chéile agus tabharfaidh siad cúnamh dá chéile chun a áirithiú go ndéanfar faireachas ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Féadfaidh siad faisnéis a mhalartú maidir le gníomhaíochtaí faireachais ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Féadfaidh siad tuairimí a mhalartú agus saincheisteanna leasa choitinn a phlé.
2. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach bearta iomchuí chun cur i bhfeidhm éifeachtach comhchuí an Chomhaontaithe seo ar a chríoch a áirithiú.
3. Is iad na Páirtithe Conarthacha laistigh den Chomhchoiste a dhéanfaidh faireachas i gcomhpháirt ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Má thagann an Coimisiún nó údaráis inniúla na hEilvéise ar an eolas faoi chás inar cuireadh i bhfeidhm go mícheart é, féadfar an t-ábhar a tharchur chuig an gComhchoiste d'fhonn teacht ar réiteach inghlactha.
4. Déanfaidh an Coimisiún agus údaráis inniúla na hEilvéise faireachán ar mar a chuirfidh an Páirtí Conarthach eile an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm. Tá feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 32 den Chomhaontú seo.

A mhéid atá gá le hinniúlachtaí faireachais áirithe de chuid institiúidí an Aontais a mhéid a bhaineann le Páirtí Conarthach amháin chun cur i bhfeidhm éifeachtach comhchuí an Chomhaontaithe seo a áirithiú, amhail cumhachtaí imscrúdaithe agus cinnteoireachta, ní mór foráil shonrach a dhéanamh sa Chomhaontú seo maidir leo.

AIRTEAGAL 31

Prionsabal an eisiachais

Gabhann na Páirtithe Conarthacha orthu féin gan díospóid a chur isteach maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus ghníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú seo nó, i gcás inarb infheidhme, maidir le cinneadh arna ghlacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Chomhaontaithe seo a bheith i gcomhréir le haon mhodh réitigh seachas na modhanna sin dá bhforáiltear sa Chuid seo.

AIRTEAGAL 32

Nós imeachta i gcás ina mbeidh deacracht ann maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm

1. I gcás ina mbeidh deacracht ann an Comhaontú seo nó gníomh dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú a léiriú nó a chur i bhfeidhm, rachaidh na Páirtithe Conarthacha i gcomhairle le chéile laistigh den Chomhchoiste chun teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach. Chuige sin, cuirfear na heilimintí úsáideacha faisnéise uile ar fáil don Chomhchoiste chun é a chur ar a chumas dó scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar an gcás. Scrúdóidh an Comhchoiste na féidearthachtaí uile lena bhféadfar feidhmiú cuí an Chomhaontaithe seo a choinneáil ar bun.
2. Mura mbeidh an Comhchoiste in ann teacht ar réiteach ar an deacracht dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 3 mhí ón dáta a cuireadh an deacracht faoina bhráid, féadfaidh ceachtar de na Páirtithe Conarthacha a iarraidh ar bhinse eadrána an díospóid a réiteach i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa Phrótacal.

3. I gcás ina dtarraingeoidh an díospóid ceist anuas a bhaineann le léiriú nó cur i bhfeidhm forála dá dtagraítear in Airteagal 29(2), agus más rud é go bhfuil léiriú na forála sin ábhartha maidir leis an díospóid a shocrú agus gur gá é chun é a chur ar a chumas dó breith a thabhairt, déanfaidh an binse eadrána an cheist sin a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

I gcás ina dtarraingeoidh an díospóid ceist anuas maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm forála a thagann faoi raon feidhme eisceachta ón oibleagáid ailínithe dhinimiciúil dá dtagraítear in Airteagal 27(8) agus i gcás nach mbaineann an díospóid le léiriú nó cur i bhfeidhm coincheap de dhlí an Aontais, réiteoidh an binse eadrána an díospóid gan í a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

4. I gcás ina dtarchuirfidh an binse eadrána ceist chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh de bhun mhír 3:

- (a) beidh an rialú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina cheangal ar an mbinse eadrána, agus;
- (b) beidh na cearta céanna ag an Eilvéis agus atá ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais agus beidh sí faoi réir na nósanna imeachta céanna os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, *mutatis mutandis*.

5. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach gach beart is gá chun cinneadh an bhinse eadrána a chomhlíonadh de mheon macánta. An Páirtí Conarthach a gcinnfidh an binse eadrána nár chomhlíon sé an Comhaontú seo, cuirfidh sé an Páirtí Conarthach eile ar an eolas tríd an gComhchoiste faoi na bearta atá déanta aige chun an cinneadh ón mbinse eadrána a chomhlíonadh.

AIRTEAGAL 33

Bearta cúiteacha

1. Maidir leis an bPáirtí Conarthach a bhfuil cinneadh déanta ag an mbinse eadrána nár chomhlíon sé an Comhaontú seo, mura gcuireann sé in iúl don Pháirtí Conarthach eile, laistigh de thréimhse ama réasúnach a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal IV.2(6) den Phrótacal, faoi na bearta a rinne sé chun cinneadh an bhinse eadrána a chomhlíonadh, nó má mheasann an Páirtí Conarthach eile nach gcomhlíonann na bearta a chuirtear in iúl an cinneadh ón mbinse eadrána, féadfaidh an Páirtí Conarthach eile sin bearta cúiteacha comhréireacha a ghlacadh faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo nó aon chomhaontaithe dhéthaobhaigh eile sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach (dá ngairtear ‘bearta cúiteacha’ anseo feasta) chun éagothroime a d’fhéadfadh a bheith ann a leigheas. Tabharfaidh sé fógra don Pháirtí Conarthach a bhfuil cinneadh déanta ag an mbinse eadrána nár chomhlíon sé an Comhaontú seo maidir leis na bearta cúiteacha, rud a shonrófar san fhógra. Gabhfaidh éifeacht leis na bearta cúiteacha sin 3 mhí ó dháta an fhógra sin.
2. Más rud é, laistigh de 1 mhí amháin ón dáta a dtabharfar fógra faoi na bearta cúiteacha atá beartaithe, nach mbeidh cinneadh déanta ag an gComhchoiste na bearta cúiteacha sin a chur ar fionraí, a leasú nó a neamhniú, féadfaidh ceachtar Páirtí Conarthach an cheist maidir le comhréireacht na mbeart cúiteach sin a chur chun eadrána, i gcomhréir leis an bPrótacal.
3. Déanfaidh an binse eadrána cinneadh laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos in Airteagal III.8(4) den Phrótacal.
4. Ní bheidh éifeacht chúlghabhálach ag bearta cúiteacha. Go háirithe, caomhnófar na cearta agus na hoibleagáidí a fuair daoine aonair agus oibreoirí eacnamaíocha cheana féin sula ngabhfaidh éifeacht leis na bearta cúiteacha.

AIRTEAGAL 34

Comhar idir dlínsí

1. Chun an léirmhíniú aonchineálach a chur chun cinn, tiocfaidh Cúirt Uachtarach Chónaidhme na hEilvéise agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar chomhaontú maidir le hidirphlé agus módúlachtaí an idirphlé sin.
2. Beidh sé de cheart ag an Eilvéis ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a thaisceadh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás ina dtarchuirfidh cúirt de chuid Ballstáit den Aontas ceist chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le léiriú an Chomhaontaithe seo nó foráil de ghníomh dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear ann le haghaidh réamhrialú.

AIRTEAGAL 35

Tagairtí do chríocha

Aon uair a bheidh tagairtí sna gníomhartha dlí de chuid an Aontais arna gcomhtháthú sa Chomhaontú seo do chríoch ‘an Aontais Eorpaigh’, ‘an Aontais’, an ‘chómhargaidh’ nó an ‘mhargaidh inmheánaigh’, tuigfear, chun críocha an Chomhaontaithe seo, gur tagairtí do na críocha dá dtagraítear in Airteagal 43 iad na tagairtí.

AIRTEAGAL 36

Tagairtí do náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais

Aon uair a bheidh tagairtí sna gníomhartha dlí de chuid an Aontais arna gcomhtháthú sa Chomhaontú seo do náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais, tuigfear, chun críocha an Chomhaontaithe seo, gur tagairtí do náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais agus na hEilvéise iad na tagairtí.

AIRTEAGAL 37

Teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme ghníomhartha dlí an Aontais

Forálacha na ngníomhartha dlí de chuid an Aontais arna gcomhtháthú sa Chomhaontú seo maidir lena dteacht i bhfeidhm nó lena gcur chun feidhme, níl siad ábhartha chun críocha an Chomhaontaithe seo.

Na teorainneacha ama agus na dátaí don Eilvéis chun na cinntí lena gcomhtháthaítear gníomhartha dlí an Aontais sa Chomhaontú seo a thabhairt i bhfeidhm agus a chur chun feidhme, leanann siad ó Airteagal 27(9) agus Airteagal 28(5), agus ó fhorálacha maidir le socruithe idirthréimhseacha.

AIRTEAGAL 38

Seolaithe ghníomhartha dlí an Aontais

Forálacha na ngníomhartha dlí de chuid an Aontais arna gcomhtháthú sa Chomhaontú seo lena léirítear gur ar Bhallstáit an Aontais atá siad dírithe, níl siad ábhartha chun críocha an Chomhaontaithe seo.

CUID VI

FORÁLACHA EILE

AIRTEAGAL 39

Oiriúnuithe ginearálta

Déantar foráil sa Chuid seo maidir le hoiriúnuithe ginearálta is infheidhme maidir le gníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus VI, mura bhforáiltear a mhalairt san iarscríbhinn lena mbaineann.

AIRTEAGAL 40

Malartú faisnéise

1. I gcás ina bhfuil Ballstát den Aontas nó a údarás inniúil le faisnéis a chur faoi bhráid an Choimisiúin, cuirfidh an Eilvéis nó a húdarás inniúil an fhaisnéis sin faoi bhráid an Choimisiúin tríd an gComhchoiste.
2. I gcás ina bhfuil Ballstát den Aontas nó a údarás inniúil le faisnéis a chur faoi bhráid Ballstát amháin eile nó níos mó de chuid an Aontais, cuirfidh sé an fhaisnéis sin faoi bhráid na hEilvéise go díreach freisin agus an Coimisiún á chur ar an eolas ag an am céanna. I gcás ina bhfuil an Eilvéis nó a húdarás inniúil le faisnéis a chur faoi bhráid ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit den Aontas nó a n-údarás inniúil, déanfaidh sí é go díreach agus cuirfidh sí an Coimisiún ar an eolas tríd an gComhchoiste.

3. Féadfaidh an Comhchoiste teacht ar chomhaontú maidir le réitigh iomchuí lena bhforáiltear do mhalartú díreach faisnéise i limistéir ina n-iarrtar faisnéis a aistriú go tapa.
4. Tá míreanna 1 agus 2 gan dochar do na rialacha agus na socruithe earnáilsonracha is infheidhme maidir le malartú faisnéise trí bhíthin córais faisnéise.
5. Ach amháin mar a fhoráiltear i mír 1, i gcás inar gá faisnéis a mhalartú idir ACER nó institiúidí eile de chuid an Aontais agus údarás na hEilvéise le linn cinneadh nó tuarascáil, tuairim, moladh nó doiciméad comhchosúil eile a fhorbairt, déanfar an malartú sin go díreach idir na heintitis ábhartha mura gcinnfidh an Comhchoiste gur cheart an malartú sin a dhéanamh tríd an gComhchoiste.
6. I gcás inar gá don Choimisiún nó do ACER, chun na hinniúlachtaí a shanntar dóibh a fheidhmiú, faisnéis a mhalartú le gnóthais san Eilvéis, féadfaidh siad malartú díreach a dhéanamh leis na gnóthais sin mura gcinnfidh an Comhchoiste nós imeachta eile a mbeidh feidhm aige maidir leis na cásanna sin.
7. I gcás ina rachfar i gcomhairle le Ballstáit an Aontais, lena n-údaráis nó lena ngnóthais agus cinneadh ón Aontas á fhorbairt, rachfar i gcomhairle leis an Eilvéis, lena húdaráis agus lena gnóthais ar an mbealach céanna.

AIRTEAGAL 41

Doiciméid neamhcheangailteacha

1. I gcás ina n-eiseoidh an Coimisiún, ACER nó institiúidí eile de chuid an Aontais tuarascálacha, tuairimí, dearbhuithe, moltaí nó doiciméid chomhchosúla eile chuig Ballstáit an Aontais nó chuig a n-údaráis, féadfaidh siad déanamh amhlaidh freisin i ndáil leis an Eilvéis nó lena húdaráis. I gcás ina rachfar i gcomhairle le Ballstáit an Aontais, lena n-údaráis nó lena ngnóthais le linn ullmhú na ndoiciméad sin, rachfar i gcomhairle leis an Eilvéis, lena húdaráis agus lena gnóthais ar an mbealach céanna.
2. Mura bhfoilseofar iad, cuirfidh an Coimisiún na doiciméid sin ar fáil tríd an gComhchoiste. Is féidir leis an gComhchoiste teacht ar chomhaontú maidir le foráil a dhéanamh maidir le malartú díreach. Déanfaidh ACER agus institiúidí eile na doiciméid a sheachadadh go díreach.

AIRTEAGAL 42

Foilsíú faisnéise

1. I gcás ina bhfuil Ballstát den Aontas le faisnéis áirithe a fhoilsiú, foilseoidh an Eilvéis freisin, faoin gComhaontú seo, an fhaisnéis ábhartha ar bhealach comhfhreagrach.
2. Más rud é, de réir gníomh dá dtagraítear sna hlarscríbhinní, go bhfuil faisnéis le foilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, foilseoidh institiúid an Aontais faisnéis chomhfhreagrach maidir leis an Eilvéis ann freisin.

CUID VII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 43

Raon feidhme críochach

Beidh feidhm ag an gComhaontú seo, de pháirt, maidir leis an gcríoch ina gcuirtear an Conradh ar an Aontas Eorpach agus CFAE i bhfeidhm, agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin agus, den pháirt eile, maidir le críoch na hEilvéise.

AIRTEAGAL 44

Clásal éabhlóideach le haghaidh comhar leathnaithe

Dearbhaíonn na Páirtithe Conarthacha go bhfuil siad toilteanach machnamh a dhéanamh ar chomhar a dhoimhniú in earnáil an fhuinnimh seachas leictreachas, go háirithe i réimsí na hidrigine nó na ngás in-athnuaite.

AIRTEAGAL 45

Faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a cheanglóidh ar Pháirtí Conarthach faisnéis rúnaicmithe a chur ar fáil.

2. Déanfar faisnéis rúnaicmithe nó ábhar rúnaicmithe a sholáthróidh na Páirtithe Conarthacha nó a mhalartófar eatarthu faoin gComhaontú seo a láimhseáil agus a chosaint i gcomhréir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na nósanna imeachta slándála chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 28 Aibreán 2008, agus i gcomhréir le haon socrú slándála lena gcuirtear chun feidhme é.

3. Glacfaidh an Comhchoiste, trí bhíthin cinnidh, treoracha láimhseála chun a áirithiú go gcosnófar faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a mhalartaítear idir na Páirtithe Conarthacha.

AIRTEAGAL 46

Rúndacht ghairmiúil

Ceanglófar ar ionadaithe, ar shaineolaithe agus ar ghníomhairí eile de chuid na bPáirtithe Conarthacha, fiú tar éis deireadh a theacht lena ndualgaís, gan faisnéis a nochtadh, ar faisnéis í a fhaightear faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo agus atá cumhdaithe ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla.

AIRTEAGAL 47

Iarscríbhinní agus Prótacail

Beidh na hIarscríbhinní agus na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo ina gcuid dhílis den Chomhaontú.

AIRTEAGAL 48

Cur chun feidhme

1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha gach beart is iomchuí, bíodh siad ginearálta nó sonracha, le comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn ón gComhaontú seo a áirithiú, agus staonfaidh siad ó aon bheart a dhéanamh a chuirfeadh i mbaol baint amach a chuspóirí.
2. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha na bearta uile is gá chun toradh beartaithe ghníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú seo a ráthú agus staonfaidh siad ó aon bheart a dhéanamh a d'fhéadfadh gnóthú a n-aidhmeanna a chur i mbaol.

AIRTEAGAL 49

Ranníocaíocht airgeadais

1. Rannchuideoidh an Eilvéis le maoiniú ghníomhaíochtaí ghníomhaireachtaí an Aontais, na gcóras faisnéise agus na ngníomhaíochtaí eile a liostaítear in Airteagal 1 d'Iarscríbhinn VII a bhfuil rochtain aici orthu, i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hIarscríbhinn VII.

Féadfaidh an Comhchoiste cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinn VII a leasú.

2. Féadfaidh an tAontas rannpháirtíocht na hEilvéise sna gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur ar fionraí tráth ar bith mura gcomhlíonann an Eilvéis an sprioc-am íocaíochta i gcomhréir leis na téarmaí íocaíochta a leagtar amach in Airteagal 2 d'Iarscríbhinn VII.

I gcás nach gcomhlíonann an Eilvéis sprioc-am íocaíochta, seolfaidh an tAontas litir mheabhrúcháin fhoirmiúil chuig an Eilvéis. I gcás nach ndéanfar íocaíocht iomlán laistigh de 30 lá ón dáta a gheofar an litir mheabhrúcháin fhoirmiúil sin, féadfaidh an tAontas rannpháirtíocht na hEilvéise sa ghníomhaíocht ábhartha a chur ar fionraí.

3. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais suim na méideanna seo a leanas:

(a) ranníocaíocht oibríochtúil; agus

(b) táille rannpháirtíochta.

4. Beidh an ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ranníocaíochta airgeadais bliantúla agus beidh sí dlite ar na dátaí a shonraítear sna glaonna ar chistí arna n-eisiúint ag an gCoimisiún.

5. Beidh an ranníocaíocht oibríochtúil bunaithe ar threoir ranníoca arna sainiú mar an cóimheas idir olltáirgeacht intíre (dá ngairtear ‘OTI’ anseo feasta) na hEilvéise ag praghsanna an mhargaidh agus OTI an Aontais ag praghsanna an mhargaidh.

Chun na críche sin, is iad na figiúirí is déanaí a bheidh ar fáil ón 1 Eanáir den bhliain ina ndéantar an íocaíocht bhliantúil de réir mar a sholáthróidh Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh iad na figiúirí a úsáidfear le haghaidh OTI ag margadhphraghsanna na bPáirtithe Conarthacha, agus aird chuí á tabhairt ar an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhar i réimse an staidrimh, arna dhéanamh i Lucsamburg an 26 Deireadh Fómhair 2004. Má scoireann an Comhaontú sin d’fheidhm a bheith aige, is é an figiúr a ghlacfar mar OTI na hEilvéise an figiúr a bhunófar ar bhonn na faisnéise arna cur ar fáil ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta.

6. Déanfar an ranníocaíocht oibríochtúil le haghaidh gach gníomhaireachta de chuid an Aontais a ríomh tríd an treoir ranníoca a chur i bhfeidhm ar a buiséad bliantúil arna vótáil agus atá inscríofa ar línte fóirdheontais buiséid ábhartha an Aontais den bhliain atá i gceist, agus aon ranníocaíocht oibríochtúil choigeartaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 1 d'Iarscríbhinn VII á cur san áireamh le haghaidh gach gníomhaireachta.

Déanfar an ranníocaíocht oibríochtúil le haghaidh na gcóras faisnéise agus na ngníomhaíochtaí eile a ríomh tríd an treoir ranníoca a chur i bhfeidhm ar bhuiséad ábhartha na bliana atá i gceist mar a leagtar amach i ndoiciméid lena gcuirtear an buiséad sin chun feidhme, amhail cláir oibre nó conarthaí. Beidh na méideanna tagartha uile bunaithe ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanais.

7. 4 % den ranníocaíocht oibríochtúil bhliantúil arna ríomh i gcomhréir le míreanna 5 agus 6 a bheidh sa táille rannpháirtíochta bhliantúil.

8. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis leordhóthanach don Eilvéis i ndáil lena ranníocaíocht airgeadais a ríomh. Soláthrófar an fhaisnéis sin agus aird chuí á tabhairt ar rialacha rúndachta agus cosanta sonraí an Aontais.

9. Is in euro a dhéanfar ranníocaíochtaí airgeadais uile na hEilvéise nó na híocaíochtaí uile ón Aontas agus is in euro a ríomhfar na méideanna a bheidh dlite nó le fáil.

10. I gcás nach mbeidh teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i gcomhthráth le tús bliana féilire, beidh ranníocaíocht oibríochtúil na hEilvéise le haghaidh na bliana i gceist faoi réir coigeartú, de réir na modheolaíochta agus na dtéarmaí íocaíochta a shainítear in Airteagal 4 d'Iarscríbhinn VII.

11. Leagtar amach forálacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo in Iarscríbhinn VII.

12. 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus gach 3 bliana dá éis, déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú ar choinníollacha rannpháirtíochta na hEilvéise mar a shainmhínítear in Airteagal 1 d'Iarscríbhinn VII agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé iad a oiriúnú.

AIRTEAGAL 50

Teacht i bhfeidhm

1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha an Comhaontú seo a dhaingniú nó a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Tabharfaidh gach Páirtí Conarthach fógra don Pháirtí Conarthach eile faoi chur i gcrích na nósanna imeachta inmheánacha is gá do theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an fhógra dheireanaigh maidir leis na hionstraimí seo a leanas:
 - (a) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine;
 - (b) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine;
 - (c) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;

- (d) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;
- (e) Prótacal maidir le Státchabhair a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;
- (f) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar;
- (g) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar;
- (h) Prótacal maidir le Státchabhair a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar;
- (i) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta;
- (j) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta;
- (k) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta;
- (l) an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht thráthrialta airgeadais na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú;

- (m) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gclár de chuid an Aontais;
- (n) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis.

AIRTEAGAL 51

Leasuithe agus foirceannadh

1. Féadfar an Comhaontú seo a leasú tráth ar bith trí chomhaontú frithpháirteach na bPáirtithe Conarthacha.
2. Féadfaidh an tAontas nó an Eilvéis an Comhaontú seo a fhoirceannadh trí fhógra a thabhairt don Pháirtí Conarthach eile. Scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm a bheith aige 6 mhí tar éis an fógra sin a fháil.
3. I gcás ina scoirfidh an Comhaontú seo de bheith i bhfeidhm, caomhnófar na cearta agus na hoibleagáidí a fuair daoine aonair agus oibreoirí eacnamaíocha cheana féin de bhua an Chomhaontaithe seo roimh dháta scoir an Chomhaontaithe seo. Socróidh na Páirtithe Conarthacha trí chomhaontú frithpháirteach cén ghníomhaíocht a bheidh le déanamh i ndáil le cearta atá á bhfáil.

Arna dhéanamh [i/sa/san ...], an [...], i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus tá gach téacs díobh barántúil.

Á FHIANÚ SIN, chuir na daoine thíos-sínithe, agus údar cuí acu chuige sin, a lámh leis an gComhaontú seo.

(Bloc na sínithe (amhail an méid seo a leanas, i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais: ‘Thar ceann an Aontais Eorpaigh’ agus ‘Thar ceann Chónaidhm na hEilvéise’)

LEICTREACHAS

Mura bhforáiltear a mhalairt in oiriúnuithe teicniúla:

- na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear sna gníomhartha dlí de chuid an Aontais arna gcomhtháthú san Iarscríbhinn seo le haghaidh Bhallstáit an Aontais, tuigfear go ndéanfar foráil maidir leo don Eilvéis;
- na tagairtí do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe i mBallstáit den Aontas sna gníomhartha sin, tuigfear go n-áirítear iontu tagairtí do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe san Eilvéis.

Cuirfear an méid sin i bhfeidhm agus lánurraim á tabhairt do na forálacha institiúideacha atá i gCuid V den Chomhaontú seo.

GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR

1. 32019 R 0941: Rialachán (AE) 2019/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/89/CE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/941/oj>)

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2019/941, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) in Airteagal 3(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na bhfocal ‘A luaithe is féidir agus in aon chás faoin 5 Eanáir 2020, gach Ballstát’:

‘3 bliana ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, an Eilvéis’;

- (b) in Airteagal 7(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na bhfocal ‘Laistigh de 4 mhí ó shainaitheint na gcásanna géarchéime leictreachais réigiúnacha i gcomhréir le hAirteagal 6(1)’:

‘3 bliana ar a dhéanaí agus 4 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe’;

- (c) in Airteagal 7(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na bhfocal ‘Laistigh de 4 mhí de chásanna géarchéime leictreachais réigiúnacha a shainaitheint i gcomhréir le hAirteagal 6(1),’:

‘3 bliana ar a dhéanaí agus 4 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo’;

- (d) beidh feidhm ag Airteagail 10 agus 14 3 bliana ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. 32019 R 0942: Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO L 158, 14.6.2019, lch. 22, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/942/oj>), arna leasú le:
- 32024 R 1787: Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 (IO L 1787, 15.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1787/oj>)
 - 32024 R 1789: Rialachán (AE) 2024/1789 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir leis na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, gás nádúrtha agus hidrigine, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011, (AE) 2017/1938 agus (AE) 2019/942 agus (AE) 2022/869 agus Cinneadh (AE) 2017/684 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 (athmhúnlú) (IO L 1789, 15.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1789/oj>)

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2019/942, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) 2019/942 ach amháin maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo;

(b) d’ainneoin na forála ginearálta ag tús Iarscríbhinn I den Chomhaontú seo, léifear an téarma ‘Ballstát nó Ballstáit’ atá i Rialachán (AE) 2019/942 mar rud lena gcuimsítear, anuas ar an mbrí atá leis i Rialachán (AE) 2019/942, an Eilvéis. Mar an gcéanna, tuigfear go gcuimsítear leis an téarma ‘údarás rialála’ atá i Rialachán (AE) 2019/942, anuas ar an mbrí atá leis i Rialachán (AE) 2019/942, údarás rialála na hEilvéise;

(c) in Airteagal 3, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. I ndáil leis an Eilvéis, beidh ag ACER na hinniúlachtaí a shanntar dó i gcomhréir le hAirteagail 3 go 10 agus 12 de Rialachán (AE) 2019/942 mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo. Sula ndéanfaidh ACER cinneadh a bhaineann leis an Eilvéis, rachaidh sí i gcomhairle le húdarás inniúil na hEilvéise.’;

(d) in Airteagal 5(4), cuirtear an méid seo a leanas leis:

‘Le haghaidh Airteagal 9(6)(b) de Rialachán (AE) 2015/1222, beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas:

A mhéid a bhaineann an leasú ar réigiúin ríofa acmhainneachta le leithdháileadh theorainneacha na hEilvéise ar réigiún sonrach, tá sé de cheart ag an Eilvéis a iarraidh ar an gComhchoiste cinneadh a dhéanamh maidir le leithdháileadh theorainneacha na hEilvéise ar réigiún sonrach a fhorgha.

Mura dtiocfar ar chinneadh ón gComhchoiste laistigh de 6 mhí ón iarraidh sin, déanfaidh ACER cinneadh maidir leis na réigiúin ríofa acmhainneachta i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo, agus ábhair inní na hEilvéise á gcur san áireamh.

Má chinneann an Comhchoiste gan leithdháileadh theorainneacha na hEilvéise ar réigiún ar leith a fhormheas, ullmhóidh ACER cinneadh nua agus ábhair inní na hEilvéise á gcur san áireamh.’;

- (e) in Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas leis:

‘Beidh NRA na hEilvéise rannpháirteach go hiomlán sa Bhord Rialálaithe agus i ngach comhlacht ullmhúcháin eile de chuid ACER, lena n-áirítear meithleacha, coistí agus tascfhórsaí, maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo. Ní bheidh ceart vótála aige ar an mBord Rialálaithe. Le rialacha nós imeachta inmheánacha an Bhoird Rialálaithe agus leis na rialacha nós imeachta inmheánacha maidir le feidhmiú na meithleacha, tabharfar éifeacht iomlán do rannpháirtíocht NRA na hEilvéise.’;

- (f) in Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas leis:

‘Beidh an Eilvéis rannpháirteach i maoiniú ACER. Chun na críche sin, beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 49 den Chomhaontú seo.’;

- (g) deonóidh an Eilvéis do ACER agus dá foireann, faoi chuimsiú a bhfeidhmeanna oifigiúla do ACER, na pribhléidí agus na díolúintí dá bhforáiltear san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, atá bunaithe ar Airteagail 1 go 6, 10 go 15, 17 agus 18 de Phrótacal (Uimh. 7). Léirítear tagairtí d’airteagail chomhfhreagracha an Phrótacail idir lúibíní chun críocha faisnéise;

(h) in Airteagal 39, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘1a. De mhaolú ar Airteagal 12(2)(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, a leagtar síos i Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385), lena n-áirítear aon leasú ina dhiaidh sin, féadfaidh ACER, má chinneann sí amhlaidh, náisiúnaigh Eilvéiseacha a bhfuil a gcearta iomlána mar shaoránaigh á dteachtadh acu a fhostú faoi chonradh. Féadfaidh ACER glacadh le hiasacht saineolaithe ón Eilvéis.’;

(i) in Airteagal 41(1), cuirtear an méid seo a leanas leis:

‘Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 (‘OJ L 145, 31.5.2001, lch. 43) , maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, beidh feidhm aige maidir le haon doiciméad de chuid ACER a bhaineann leis an Eilvéis freisin.’;

3. 32020 D 2152: Cinneadh ón gCoimisiún (AE) 2020/2152 an 17 Nollaig 2020 maidir le táillí atá dlite do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh le haghaidh faisnéis arna tuairisciú faoi Rialachán (AE) 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhailiú, a láimhseáil, a phróiseáil agus a anailísiú (IO L 428, 18.12.2020, lch. 68, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2152/oj>)

4. 32019 R 943: Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas. (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/943/oj>), arna leasú le:
- 32022 R 0869: Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO AE L 152, 3.6.2022, lch. 45, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/869/oj>)
 - 32024 R 1747: Rialachán (AE) 2024/1747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (IO L, 2024/1747, 26.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1747/oj>)

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2019/943, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) in Airteagal 14(8), cuirtear an méid seo a leanas leis:

‘A mhéid atá sé beartaithe ag an gCoimisiún crios tairisceana a chumhdaíonn críoch na hEilvéise a leasú, cuirfidh sé an dréachtchinneadh faoi bhráid an Chomhchoiste lena fhormheas. Déanfaidh an Comhchoiste cinneadh laistigh de 6 mhí ón dáta a chuirfear isteach é. Mura bhformheasfaidh an Comhchoiste an leasú ar an gcrios tairisceana, lena gcumhdaítear críoch na hEilvéise, ullmhóidh an Coimisiún cinneadh nua agus ábhair inní na hEilvéise á gcur san áireamh.’;

- (b) in Airteagal 15(5), cuirtear an méid seo a leanas leis:

‘A mhéid atá sé beartaithe ag an gCoimisiún crios tairisceana a chumhdaíonn críoch na hEilvéise a leasú, cuirfidh sé an dréachtchinneadh faoi bhráid an Chomhchoiste lena fhorghnas. Déanfaidh an Comhchoiste cinneadh laistigh de 6 mhí ón dáta a chuirfear isteach é. Mura bhforghnasfaidh an Comhchoiste an leasú ar an gcrios tairisceana, lena gcumhdaítear críoch na hEilvéise, ullmhóidh an Coimisiún cinneadh nua agus ábhair inní na hEilvéise á gcur san áireamh.’;

- (c) déanfaidh údarás inniúil na hEilvéise sásraí acmhainneachta arna dtabhairt isteach ag an Eilvéis a fhorghnas. Dá réir sin, i gcás na sásraí acmhainneachta sin, in Airteagal 21(8), cuirtear ‘údarás inniúil na hEilvéise’ in ionad an fhocail ‘Coimisiún’;

- (d) in Airteagal 24(1), cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) toimhdí a dhéanamh agus sainiúlachtaí an éilimh agus an tsoláthair leictreachais náisiúnta á gcur san áireamh, lena n-áirítear na saintréithe sin a eascraíonn as an bhfioras nach Ballstát den Aontas í an Eilvéis, nó as gnéithe a d’fhéadfadh a bheith ábhartha go háirithe maidir le slándáil an tsoláthair san Eilvéis, amhail infhaighteacht laghdaithe fhéideartha cumhachta núicléiche agus gáis le haghaidh giniúint cumhachta i dtíortha comharsanachta, ar choinníoll go ndéanfar na hábhair inní sin a mheas ar bhealach comhréireach réasúnta’;

- (e) beidh na hinniúlachtaí ag an gCoimisiún de bhun Airteagail 34, 63 agus 64 i gcásanna a bhaineann leis an Eilvéis;

(f) in Airteagal 65(2), cuirtear an méid seo a leanas leis:

‘I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún faisnéis a iarraidh chun críocha an Airteagail seo ar ghnóthas atá lonnaithe san Eilvéis, soláthróidh an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis do NRA na hEilvéise lena n-áirítear teorainn ama faoina gceanglaítear ar an ngnóthas lena mbaineann an fhaisnéis sin a sholáthar. Iarrfaidh NRA an fhaisnéis sin láithreach ar an ngnóthas lena mbaineann agus áireoidh sé an fhaisnéis de bhun mhír 3 ina iarraidh. Cuirfidh NRA na hEilvéise freagra na ngnóthas lena mbaineann ar aghaidh chuig an gCoimisiún láithreach tar éis dó í a fháil.

Mura soláthraíonn gnóthas an fhaisnéis a iarrtar de bhun an tríú fomhír laistigh den teorainn ama arna leagan síos ag an gCoimisiún nó má sholáthraíonn sé faisnéis neamhiomlán, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar NRA na hEilvéise cinntí a ghlacadh de bhun mhír 5.’;

(g) in Airteagal 65(5), cuirtear an méid seo a leanas leis:

‘Má iarrann an Coimisiún amhlaidh de bhun mhír 2, ceanglóidh NRA na hEilvéise ar an ngnóthas lena mbaineann trí chinneadh an fhaisnéis a iarradh a sholáthar.’;

(h) in Airteagal 66(2), cuirtear an méid seo a leanas leis:

‘Má chomhlíontar coinníollacha na míre seo maidir le freagra ar iarraidh ar fhaisnéis arna déanamh ag NRA na hEilvéise de bhun Airteagal 65(2), féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar NRA na hEilvéise cinneadh a ghlacadh de bhun na míre seo maidir leis na gnóthais lena mbaineann.’;

- (i) cuirtear Airteagal nua isteach:

‘Airteagal 66a

Beidh cinntí arna nglacadh ag NRA na hEilvéise de bhun Airteagail 65 agus 66 faoi réir rialú breithiúnach chúirteanna na hEilvéise.’;

- (j) cuirfear Airteagal 7b, Airteagal 12(2) go (7), Airteagal 19a(3) go (9), Airteagail 19e, 19f, 50 agus 63 chun feidhme 3 bliana ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

5. 32010 R 0838: Rialachán (AE) Uimh. 838/2010 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2010 maidir le treoirlínte a leagan síos a bhaineann leis an sásra um chúiteamh idir oibreoirí córais tarchurtha agus cur chuige rialála coiteann maidir le muirearú tarchurtha (IO L 250, 24.9.2010, lch. 5, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/838/oj>)

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, beidh na hinniúlachtaí ag an gCoimisiún de bhun Chuid A, pointí 3.3 agus 5.1, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 838/2010.

6. 32013 R 0543: Rialachán (AE) Uimh. 543/2013 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2013 maidir le sonraí a thíolacadh agus a fhoilsiú i dtaca leis na margaí leictreachais agus lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO AE L 163, 15.6.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/543/oj>), arna leasú le:

- 32019 R 943: Rialachán (AE) 2019/943 an 5 Meitheamh 2019 (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54)

7. 32015 R 1222: Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus maidir le bainistiú ar phlódú (IO L 197, 25.7.2015, lch. 24, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1222/oj>), arna leasú le:

- 32021 R 0280: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/280 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2015/1222, (AE) 2016/1719, (AE) 2017/2195 agus (AE) 2017/1485 chun iad a ailíniú le Rialachán (AE) 2019/943 (IO AE L 62, 23.2.2021, lch. 24, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1222/oj>)

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2015/1222, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) in Airteagal 1, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘6. Beidh OCT na hEilvéise agus oibreoirí margaidh rannpháirteach i gcúpláil amháin lá roimh ré agus i gcúpláil amháin ionlae faoi na coinníollacha céanna le OCTanna agus oibreoirí margaidh ón Aontas, a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha teicniúla agus rialála faoin Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh, ina chinneadh de bhun Airteagal 1(5), go meastar go gcomhlíonann cur chun feidhme an Chomhaontaithe na coinníollacha de réir Airteagal 1(4). Déanfaidh na gníomhaithe uile lena mbaineann na bearta is gá go pras chun go mbeidh an Eilvéis in ann dul isteach sa mhargadhchúpláil laistigh de 9 mí ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.’;

- (b) maidir leis na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí ('TCManna') a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh faoi Rialachán (AE) 2015/1222:
- (i) bíonn OCT na hEilvéise, Oibreoirí Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais ('OAMLanna') agus an NRA rannpháirteach i bhforbairt aon TCM nua nó leasaithe, agus cuirfear a mbarúlacha san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na TCManna;
 - (ii) nuair a bheifear ag vótáil agus ag breithniú cé acu a baineadh nó nár baineadh amach tairseacha an Bhallstáit ábhartha nó an daonra ábhartha le haghaidh tromlaigh cháilithe, cuirfear an Eilvéis agus a daonra san áireamh;
 - (iii) léifear na tagairtí do 'réigiúin ina bhfuil níos mó ná cúig Bhallstát' in Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, agus do 'réigiúin ina bhfuil cúig Bhallstát nó níos lú' in Airteagal 9(3), an tríú fhomhír, mar 'réigiúin ina bhfuil níos mó ná ceithre Bhallstát de chuid an Aontais agus an Eilvéis' nó mar 'réigiúin ina bhfuil ceithre Bhallstát de chuid an Aontais agus an Eilvéis nó níos lú';
 - (iv) nuair a leasaítear leithdháileadh theorainneacha na hEilvéise ar réigiún ríofa acmhainneachta de bhun Airteagal 9(6)(b), beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach faoi Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2019/942;
 - (v) beidh feidhm ag na TCManna a glacadh cheana ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo san Eilvéis; agus

(vi) TCManna nua nó leasaithe a ghlacfaidh ACER i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaítear le Rialachán (AE) 2015/1222, déanfaidh NRA na hEilvéise iad a chomhtháthú laistigh de 1 mhí amháin in ord rialála na hEilvéise. Beidh na TCManna infheidhme go sealadach san Eilvéis ó dháta a gcur i bhfeidhm san Aontas. Tiocfaidh deireadh le haon chur i bhfeidhm sealadach nuair a dhéanfaidh NRA na hEilvéise iad a chomhtháthú in ord rialála na hEilvéise.

8. 32016 R 1719: Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne fadtréimhseach (IO L 259, 27.9.2016, lch. 42, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1719/oj>), arna leasú le:

- 32021 R 0280: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/280 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2015/1222, (AE) 2016/1719, (AE) 2017/2195 agus (AE) 2017/1485 chun iad a ailíniú le Rialachán (AE) 2019/943 (IO AE L 62, 23.2.2021, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/280/oj)

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2016/1719, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) in Airteagal 1, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘6. Beidh OCT na hEilvéise agus oibreoirí margaidh rannpháirteach san aon ardán amháin um leithdháileadh faoi na coinníollacha céanna le OCTanna agus oibreoirí margaidh ón Aontas, a luaite a chomhlíonfar na coinníollacha teicniúla agus rialála faoin Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh, ina chinneadh de bhun mhír 5, go meastar go gcomhlíonann cur chun feidhme an Chomhaontaithe na coinníollacha de réir mhír 4. Déanfaidh na gníomhaithe uile lena mbaineann na bearta is gá go pras chun go mbeidh an Eilvéis in ann dul isteach sa mhargadhchúpláil laistigh de 9 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.’;

- (b) maidir leis na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí ('TCManna') a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh faoi Rialachán (AE) 2016/1719:
- (i) bíonn OCT na hEilvéise agus NRA rannpháirteach in aon TCM nua nó leasaithe, agus cuirfear a mbarúlacha san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na TCManna;
 - (ii) nuair a bheifear ag vótáil agus ag breithniú cé acu a baineadh nó nár baineadh amach tairseacha an Bhallstáit ábhartha nó an daonra ábhartha le haghaidh tromlaigh cháilithe, cuirfear an Eilvéis agus a daonra san áireamh;
 - (iii) léifear na tagairtí do 'réigiúin ina bhfuil níos mó ná cúig Bhallstát' in Airteagal 4(3), an chéad fhomhír, agus do 'réigiúin ina bhfuil cúig Bhallstát nó níos lú' in Airteagal 4(3), an tríú fhomhír, mar 'réigiúin ina bhfuil níos mó ná ceithre Bhallstát de chuid an Aontais agus an Eilvéis' nó mar 'réigiúin ina bhfuil ceithre Bhallstát de chuid an Aontais agus an Eilvéis nó níos lú';
 - (iv) beidh feidhm ag na TCManna a glacadh cheana ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo san Eilvéis; agus
 - (v) déanfaidh NRA na hEilvéise TCManna nua nó leasaithe arna nglacadh ag ACER i gcomhréir leis an nós imeachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/1719 a chomhtháthú laistigh de 1 mhí amháin in ord rialála na hEilvéise. Beidh na TCManna infheidhme go sealadach san Eilvéis ó dháta a gcur i bhfeidhm san Aontas. Tiocfaidh deireadh le haon chur i bhfeidhm sealadach nuair a dhéanfaidh NRA na hEilvéise iad a chomhtháthú in ord rialála na hEilvéise.

9. 32017 R 2195: Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais (IO L 312, 28.11.2017, lch. 6, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2195/oj>), arna leasú le:
- 32021 R 0280: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/280 an 22 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2015/1222, (AE) 2016/1719, (AE) 2017/2195 agus (AE) 2017/1485 chun iad a ailíniú le Rialachán (AE) 2019/943 (IO AE L 62, 23.2.2021, lch. 24, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1222/oj>)

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2017/2195, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) in Airteagal 1, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘9. Beidh OCT na hEilvéise agus oibreoirí margaidh rannpháirteach sna hardáin Eorpacha chun táirgí caighdeánacha le haghaidh fuinneamh don chothromú a mhalartú faoi na coinníollacha céanna le OCTanna agus oibreoirí margaidh ón Aontas, a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha teicniúla agus rialála faoin Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh, ina chinneadh de bhun mhír 7, go meastar go gcomhlíonann cur chun feidhme an Chomhaontaithe na coinníollacha de réir mhír 6. Déanfaidh na gníomhaithe uile lena mbaineann na bearta is gá go pras chun go mbeidh an Eilvéis in ann dul isteach sa mhargadhchúpláil laistigh de 9 mí ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.’;

- (b) maidir leis na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí ('TCManna') a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh faoi Rialachán (AE) 2017/2195:
- (i) bíonn OCT na hEilvéise agus NRA rannpháirteach in aon TCM nua nó leasaithe, agus cuirfear a mbarúlacha san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na TCManna;
 - (ii) nuair a bheifear ag vótáil agus ag breithniú cé acu a baineadh nó nár baineadh amach tairseacha an Bhallstáit ábhartha nó an daonra ábhartha le haghaidh tromlaigh cháilithe, cuirfear an Eilvéis agus a daonra san áireamh;
 - (iii) léifear na tagairtí do 'réigiúin ina bhfuil níos mó ná cúig Bhallstát' in Airteagal 4(4), agus do 'réigiúin ina bhfuil cúig Bhallstát nó níos lú' in Airteagal 4(4), mar 'réigiúin ina bhfuil níos mó ná ceithre Bhallstát de chuid an Aontais agus an Eilvéis' nó mar 'réigiúin ina bhfuil ceithre Bhallstát de chuid an Aontais agus an Eilvéis nó níos lú';
 - (iv) beidh feidhm ag na TCManna a glacadh cheana ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo san Eilvéis; agus
 - (v) déanfaidh NRA na hEilvéise TCManna nua nó leasaithe arna nglacadh ag ACER i gcomhréir leis an nós imeachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2017/2195 a chomhtháthú laistigh de 1 mhí amháin in ord rialála na hEilvéise. Beidh na TCManna infheidhme go sealadach san Eilvéis ó dháta a gcur i bhfeidhm san Aontas. Tiocfaidh deireadh le haon chur i bhfeidhm sealadach nuair a dhéanfaidh NRA na hEilvéise iad a chomhtháthú in ord rialála na hEilvéise.

10. 32017 R 2196: Rialachán (AE) 2017/2196 ón gCoimisiún 24 Samhain 2017 lena mbunaítear cód líonra maidir le héigeandálaí leictreachais agus athbhunú leictreachais (IO AE L 312, 28.11.2017, lch. 54, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2196/oj>)
11. 32016 R 1388: Rialachán (AE) 2016/1388 ón gCoimisiún 17 Lúnasa 2016 lena mbunaítear cód líonra maidir le nascadh éileamh (IO AE L 223, 18.8.2016, lch. 10, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1388/oj>)

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, beidh na hinniúlachtaí de bhun Airteagal 51 ag an gCoimisiún.

12. 32016 R 0631: Rialachán (AE) 2016/631 ón gCoimisiún, 14 Aibreán 2016 lena mbunaítear cód líonra i dtaobh ceanglais maidir le gineadóirí a nascadh le heangacha (IO AE L 112, 27.4.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/631/oj>)

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, beidh na hinniúlachtaí de bhun Airteagal 61 ag an gCoimisiún.

13. 32016 R 1447: Rialachán (AE) 2016/1447 ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2016 lena mbunaítear cód líonra i dtaobh ceanglais maidir le córas srutha dhírigh ardvoltais agus modúil páirce cumhachta arna gceangal le sruth díreach a nascadh le heangacha (IO AE L 241, 8.9.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1447/oj>)

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, beidh na hinniúlachtaí ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 78.

14. 32017 R 1485: Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2017 lena mbunaítear treoirleá maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais (IO AE L 220, 25.8.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1485/oj>), arna leasú le:

- 32021 R 0280: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/280 an 22 Feabhra 2021 (IO L 62, 23.2.2021, lch. 24)

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2017/1485, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) maidir leis na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí ('TCManna') a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh faoi Rialachán (AE) 2017/1485:
 - (i) bíonn OCT na hEilvéise agus NRA rannpháirteach in aon TCM nua nó leasaithe, agus cuirfear a mbarúlacha san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na TCManna;
 - (ii) nuair a bheifear ag vótáil agus ag breithniú cé acu a baineadh nó nár baineadh amach tairseacha an Bhallstáit ábhartha nó an daonra ábhartha le haghaidh tromlaigh cháilithe, cuirfear an Eilvéis agus a daonra san áireamh;
 - (iii) léifear na tagairtí do 'réigiúin ina bhfuil níos mó ná cúig Bhallstát' in Airteagal 5(5), agus do 'réigiúin ina bhfuil cúig Bhallstát nó níos lú' in Airteagal 5(5), mar 'réigiúin ina bhfuil níos mó ná ceithre Bhallstát de chuid an Aontais agus an Eilvéis' nó mar 'réigiúin ina bhfuil ceithre Bhallstát de chuid an Aontais agus an Eilvéis nó níos lú';

- (iv) beidh feidhm ag an TCM a glacadh cheana ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo san Eilvéis; agus
- (v) déanfaidh NRA na hEilvéise TCManna nua nó leasaithe arna nglacadh ag ACER i gcomhréir leis an nós imeachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2017/1485 a chomhtháthú laistigh de 1 mhí amháin in ord rialála na hEilvéise. Beidh na TCManna infheidhme go sealadach san Eilvéis ó dháta a gcur i bhfeidhm san Aontas. Tiocfaidh deireadh le haon chur i bhfeidhm sealadach nuair a dhéanfaidh NRA na hEilvéise iad a chomhtháthú in ord rialála na hEilvéise.

15. 32024 L 01366: Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1366 ón gCoimisiún an 11 Márta 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chód gréasáin a bhunú i ndáil le rialacha earnáilsonracha maidir le gnéithe cibearshlándála de shreafaí leictreachais trasteorann (IO AE L, 2024/1366, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1366/oj)

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2024/1366, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

‘Airteagal 1a

1. Faoi theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, bunóidh nó ainmneoidh an Eilvéis na húdaráis agus na comhlachtaí seo a leanas:

- (a) údarás rialtais nó rialála náisiúnta atá freagrach as na cúraimí a shanntar don ‘údarás inniúil’ sa Rialachán seo a chur i gcrích; maidir leis an Eilvéis, léifear tagairtí sa Rialachán seo do ‘údarás inniúil’ mar thagairtí don údarás ainmnithe sin;

- (b) foireann freagartha amháin nó níos mó do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRTanna) atá freagrach as teagmhais a láimhseáil laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo i gcomhréir le próiseas dea-shainithe; féadfaidh na foirne sin caidrimh chomhair a bhunú le CSIRTanna náisiúnta Bhallstáit an Aontais a mhéid is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm; mar chuid de chaidrimh chomhair den sórt sin, éascóidh an Eilvéis malartú faisnéise éifeachtach, éifeachtúil agus slán leis na CSIRTanna náisiúnta sin, agus úsáid á baint as prótacail ábhartha comhroinnte faisnéise, lena n-áirítear an prótacal soilse tráchta. Maidir leis an Eilvéis, léifear tagairtí sa Rialachán seo do ‘CSIRT’ mar thagairtí don fhoireann nó do na foirne arna n-ainmniú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.

Ainmneoidh an Eilvéis ceann dá CSIRTanna mar chomhordaitheoir chun críocha nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí (dá ngairtear ‘CSIRT comhordúcháin’ anseo feasta). Gníomhóidh an CSIRT comhordúcháin mar idirghabhálaí iontaofa, agus éascóidh sé, i gcás inar gá, an idirghníomhaíocht idir an duine nádúrtha nó dlítheanach a thuairiscíonn leochaileacht agus monaróir nó soláthraí na dtáirgí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) nó na seirbhísí TFC a d’fhéadfadh a bheith leochaileach, arna iarraidh sin do cheachtar de na páirtithe sin. Áireofar an méid seo a leanas ar chúraimí CSIRT comhordúcháin:

- (i) na heintitis lena mbaineann a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leo;

- (ii) cúnamh a thabhairt do na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil leochaileacht á tuairisciú acu; agus
- (iii) amlínte nochta a chaibidliú, agus leochaileachtaí lena ndéantar difear d'eintitis iomadúla a bhainistiú.

Áiritheoidh an Eilvéis go mbeidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha in ann leochaileacht a thuairisciú, gan ainm i gcás ina n-iarrann siad amhlaidh, don CSIRT comhordúcháin. Áiritheoidh an CSIRT comhordúcháin go ndéanfar gníomhaíocht leantach dhícheallach maidir leis an leochaileacht a tuairiscíodh, agus áiritheoidh sé anaithnideacht an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a thuairiscíonn an leochaileacht. I gcás ina bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag leochaileacht thuairiscithe ar eintitis ní hamháin san Eilvéis ach i mBallstát amháin nó níos mó den Aontas freisin, oibreoidh CSIRT comhordúcháin na hEilvéise, i gcás inarb iomchuí, i gcomhar le CSIRTanna comhordúcháin eile laistigh den líonra CSIRTanna;

- (c) údarás inniúil amháin nó níos mó atá freagrach as teagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórsála a bhainistiú faoi raon feidhme an Rialacháin seo, lena saineofar plean náisiúnta maidir le freagairt ar theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórsála le haghaidh leictreachais ina leagtar amach na cuspóirí agus na socruithe maidir le teagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórsála a bhainistiú. Maidir leis an Eilvéis, léifear tagairtí sa Rialachán seo do 'údaráis bainistithe cibirghéarchéime', 'údaráis bainistithe cibirghéarchéime NIS' nó 'údaráis náisiúnta bainistithe cibirghéarchéime' mar thagairtí don údarás ainmnithe sin;

- (d) pointe teagmhála a fheidhmíonn feidhm idirchaidrimh chun comhar trasteorann a áirithiú laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo idir údaráis na hEilvéise agus údaráis ábhartha Bhallstáit an Aontais, agus, i gcás inarb iomchuí, leis an gCoimisiún agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (dá ngairtear ‘ENISA’ anseo feasta), agus chun comhar trasearnála a áirithiú le húdaráis inniúla eile laistigh den Eilvéis. Maidir leis an Eilvéis, léifear tagairtí sa Rialachán seo do ‘phointe teagmhála aonair náisiúnta’ mar thagairtí don phointe teagmhála ainmnithe sin;
- (e) údarás inniúil atá freagrach as an gcibearshlándáil. Maidir leis an Eilvéis, léifear tagairtí sa Rialachán seo do ‘údaráis inniúla atá freagrach as cibearshlándáil’ nó ‘CS-NCAnna’ mar thagairtí don údarás ainmnithe sin.

2. Faoi theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, tabharfaidh an Eilvéis fógra don Choimisiún, do ACER, do ENTSO-E agus don eintiteas AE do OCDanna, agus cuirfidh sí in iúl dóibh ainm agus sonraí teagmhála na n-údarás faoi seach dá dtagraítear i mír 1.’;

- (b) maidir leis na téarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí (‘TCManna’) nó pleananna a ndéantar foráil maidir lena nglacadh i Rialachán (AE) 2024/1366:
 - (i) glacann OCT na hEilvéise, oibreoirí córais dáileacháin na hEilvéise (OCD) tríd an eintiteas AE do OCDanna agus an t-údarás inniúil páirt i bhforbairt aon TCM nó plean nua nó leasaithe, agus cuirfear a mbarúlacha san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na TCManna;

- (ii) nuair a bheifear ag vótáil ar TCManna nó pleananna agus é á mheas cé acu ar baineadh nó nár baineadh amach tairseacha Ballstáit ábhartha an Aontais nó tairseacha daonra le haghaidh tromlaigh cháilithe, cuirfear an Eilvéis agus a daonra san áireamh;
 - (iii) léifear na tagairtí ‘tá níos mó ná cúig Bhallstát sa réigiún oibríochta córais lena mbaineann’ in Airteagal 7(3), mar ‘tá níos mó ná ceithre Bhallstát den Aontas Eorpach agus den Eilvéis sa réigiún oibríochta córas lena mbaineann’;
 - (iv) beidh feidhm ag na TCManna a glacadh cheana ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo san Eilvéis;
 - (v) TCManna nua nó leasaithe a ghlactar san Aontas i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaítear i Rialachán (AE) 2024/1366, déanfaidh údarás inniúil na hEilvéise iad a chomhtháthú laistigh de 1 mhí amháin in ordú rialála na hEilvéise. Beidh na TCManna infheidhme go sealadach san Eilvéis ó dháta a gcur i bhfeidhm san Aontas. Tiocfaidh deireadh le haon chur i bhfeidhm sealadach nuair a dhéanfaidh údarás inniúil na hEilvéise iad a chomhtháthú in ord rialála na hEilvéise;
- (c) an tagairt in Airteagal 2(6) agus Airteagal 33(2)(a)(i) do Rialachán (AE) 2016/679, maidir leis an Eilvéis, tuigfear í mar thagairt don reachtaíocht ábhartha náisiúnta;
- (d) ní bheidh feidhm ag Airteagal 5, an abairt dheireanach, Airteagal 38(8), Airteagal 41(2), an dara habairt, Airteagail 41(3), Airteagal 41(7) agus Airteagal 43(4);

- (e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 37(4):

‘Má thagann an t-údarás inniúil ar an eolas faoi leochaileacht neamhphaisteáilte, gan aon fhianaise a bheith ann go bhfuiltear á dúshaothrú go gníomhach go fóill, comhordóidh sé gan moill mhíchuí leis an CSIRT comhordúcháin chun críochnochtadh comhordaithe na leochaileachta mar a leagtar síos in Airteagal 1a(1)(b) den Rialachán seo.’;

- (f) cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 40(3):

‘I gcás ina gcáilíonn an cibirionsaí mar theagmhas mórsála cibearshlándála nó ina meastar go gcáileoidh sé mar theagmhas mórsála cibearshlándála agus ina ndéanfaidh sé difear don Eilvéis, cuirfidh an grúpa *ad hoc* um chomhordú géarchéime trasteorann na húdaráis náisiúnta bainistithe cibirghéarchéime san Eilvéis agus i mBallstáit an Aontais a ndéanann an teagmhas difear dóibh, chomh maith leis an gCoimisiún agus an Líonra Eorpach um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibirghéarchéimeanna (‘EU CyCLONE’) ar an eolas láithreach. Sa chás sin, tabharfaidh an grúpa *ad hoc* um chomhordú géarchéime trasteorann tacaíocht do EU-CyCLONE maidir le sainiúlachtaí earnálacha.’;

- (g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 42(3):

‘Scaipfidh CSIRTanna an fhaisnéis a fhaightear ó ENISA ar na heintitis lena mbaineann gan mhoill.’.

16. 32019 L 0944: Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO AE L 158, 14.6.2019, lch. 125, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj>), arna leasú le:
- 32022 R 0869: Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/869/oj>)
 - 32024 L 1711: Treoir (AE) 2024/1711 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dheardh an mhargaidh leictreachais san Aontas (IO AE L, 2024/1711, 26.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1711/oj>)

Léifear forálacha Threoir (AE) 2019/944, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) beidh na hinniúlachtaí ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 44(1), Airteagal 63 agus Airteagal 66(1) i gcásanna a bhaineann leis an Eilvéis;
- (b) déanfar Airteagal 6a, Airteagal 7(1) go (2) agus (4) go (5), Airteagal 8, Airteagal 12(1), Airteagal 15, Airteagal 15a(1) go (8), Airteagail 16 agus 23, Airteagal 24(1) agus (3), Airteagail 28 agus 28a, Airteagal 29(1), Airteagal 32, Airteagal 38 agus Airteagal 66a a chur chun feidhme 3 bliana ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;

- (c) cuirfear Airteagal 35(1) agus (2) chun feidhme maidir le díchuachadh oibreoirí córais dáileacháin a eagraítear faoi dhlí poiblí na hEilvéise 3 bliana ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (d) feidhmeoidh NRA na hEilvéise na cúraimí a bhaineann le nascadh agus rochtain ar ghréasáin náisiúnta, lena n-áirítear taraifí tarchurtha agus dáileacháin, de bhun Airteagal 59(1)(a) agus (7)(a) 5 bliana ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (e) beidh an inniúlacht ag an gComhchoiste de bhun Airteagal 65.

17. 32023 R 1162: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1162 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2023 maidir le ceanglais idir-inoibritheachta agus nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha le haghaidh rochtain ar shonraí méadraithe agus tomhaltais (IO AE L 154, 15.6.2023, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1162/oj)
18. 32011 R 1227: Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (IO AE L 326, 8.12.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1227/oj>), arna leasú le:
 - 32024 R 1106: Rialachán (AE) 2024/1106 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011 agus (AE) 2019/942 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar chosaint an Aontais ar chúbláil margaidh sa mhargadh mórdhíola fuinnimh (IO AE L, 2024/1106, 17.4.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1106/oj>)

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) in Airteagal 1(2), cuirtear an méid seo a leanas leis:

‘Maidir le díorthaigh leictreachais nach gcumhdaítear le hAirteagal 2(4) agus a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála nó ar shaoráid trádála teicneolaíochta mórleabhar dáilte a bhfuil a hoifig chláraithe san Eilvéis, leanfaidh an Eilvéis de rialacha a chur i bhfeidhm lena dtoirmisctear cúbláil mhargaidh agus trádáil chos istigh lena n-áirithítear caighdeán cosanta inchomparáide mar atá san Aontas.’;

(b) in Airteagal 1, cuirtear mír nua isteach:

‘6. San Eilvéis, níl feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir le trádáil mhórdhíola le leictreachas ach ní bhaineann sé le hearnáil an gháis’;

(c) in Airteagal 9, cuirtear isteach mír nua:

‘1a. Rannpháirtithe sa mhargadh atá cláraithe le NRA na hEilvéise agus le NRA Ballstáit den Aontas araon tráth theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, tabharfaidh siad a n-oibleagáidí clárúcháin i gcomhréir leis an Airteagal seo.’;

(d) in Airteagal 13, cuirtear isteach mír nua:

‘8a. Maidir leis an Eilvéis, déanfaidh an Ghníomhaireacht imscrúduithe trasteorann de bhun Airteagal 13(5) go (8) i ndlúthchomhar gníomhach le NRA na hEilvéise.

I gcomhthéacs imscrúduithe trasteorann den sórt sin, déanfaidh údaráis inniúla na hEilvéise, go háirithe NRA na hEilvéise, bearta imscrúdaitheacha i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht de bhun Airteagal 13a, Airteagal 13b(2) agus Airteagal 13c ar chríoch na hEilvéise.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht cuireadh a thabhairt do NRA na hEilvéise bearta imscrúdaitheacha coinceáiteacha a dhéanamh agus déanfaidh údaráis inniúla na hEilvéise na bearta sin. Beidh an Ghníomhaireacht rannpháirteach i gcur i gcrích na mbeart arna iarraidh sin di.

Baileoidh NRA na hEilvéise an fhaisnéis is gá chun go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht a himscrúdú go héifeachtach agus roinnfidh sé an fhaisnéis sin leis an nGníomhaireacht gan moill mhíchúí tar éis an beart imscrúdaitheach faoi seach a thabhairt chun críche.

Nuair a bheidh sé beartaithe ag an nGníomhaireacht cumarsáid a dhéanamh le daoine ar chríoch na hEilvéise, lena n-áirítear chun críche iarrataí ar fhaisnéis faoi Airteagal 13b(1), cuirfidh NRA na hEilvéise an fhaisnéis ábhartha ar aghaidh chuig na daoine sin agus chuig an nGníomhaireacht faoi seach.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht an tuarascáil imscrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(11) a tharraingt suas. Is é NRA na hEilvéise a dhéanfaidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 13(11).”;

- (e) i gcás bearta arna ndéanamh ag údaráis inniúla na hEilvéise de bhun Airteagal 13(8a), léifear an téarma ‘Gníomhaireacht’ in Airteagal 13 g(1) agus (4) mar ‘údarás inniúil na hEilvéise’;

(f) cuirtear Airteagal nua isteach i ndiaidh Airteagal 13j:

‘Airteagal 13k

Beidh bearta arna nglacadh ag údaráis inniúla na hEilvéise de bhun Airteagal 13(8a) agus Airteagal 13g faoi réir rialú breithiúnach chúirteanna na hEilvéise.”.

19. 32014 R 1348: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2014 maidir le sonraí a thuairisciú i dtaca le cur chun feidhme Airteagal 8(2) agus Airteagal 8(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (IO AE L 363, 18.12.2014, lch. 121, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/1348/oj)
20. 32012 D 1117(01): Cinneadh ón gCoimisiún an 15 Samhain 2012 lena mbunaítear an Grúpa Comhordaithe Leictreachais (IO C 353, 17.11.2012, lch. 2)

PRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ

AIRTEAGAL 1

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 1 de Phrótacal (Uimh. 7))

Beidh áitribh agus foirgnimh na Gníomhaireachta dosháraithe. Beidh na háitribh agus na foirgnimh sin díolmhaithe ó chuardach, foréileamh, coigistiú nó díshealbhú. Ní bheidh maoin agus sócmhainní na Gníomhaireachta faoi réir aon bheart comhéigin riarachán ná dlíthiúil gan údarás Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

AIRTEAGAL 2

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 2 de Phrótacal (Uimh. 7))

Beidh cartlann na Gníomhaireachta dosháraithe.

AIRTEAGAL 3

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagail 3 agus 4 de Phrótacal (Uimh. 7))

1. Beidh an Ghníomhaireacht, a shócmhainní, a ioncam agus a mhaoín eile saortha ó gach cáin dhíreach.

2. Earraí agus seirbhísí a onnmhairítear chuig an nGníomhaireacht ón Eilvéis le haghaidh a n-úsáide oifigiúla nó a sholáthraítear don Ghníomhaireacht san Eilvéis, ní bheidh siad faoi réir aon dleacht indíreach ná aon cháin indíreach.
3. Tabharfar díolúine ó CBL má tá ar a laghad 100 franc Eilvéiseach (lena n-áirítear cáin) san iomlán i gceist le praghas ceannaigh iarbhir na n-earraí agus na seirbhísí a luaitear sa sonrasc nó sa doiciméad comhfhreagrach. Beidh an Ghníomhaireacht díolmhaithe ó gach dleacht chustam, ó gach toirmeasc agus ó gach srian ar allmhairí agus onnmhairí maidir le hearraí le haghaidh a húsáide oifigiúla; ní dhéanfar earraí a allmhaireofar amhlaidh a dhiúscairt, cibé acu ar íocaíocht nó nach ea, san Eilvéis, ach amháin faoi choinníollacha arna bhformheas ag rialtas na hEilvéise.
4. Deonófar an díolúine ó CBL, ó dhleacht mháil agus ó aon cháin indíreach eile trí bhíthin logha nuair a thíolacfar don soláthróir earraí nó seirbhísí na foirmeacha Eilvéiseacha arna soláthar chun na críche sin.
5. Ní dheonófar díolúine ar bith i leith cánacha agus dleachtanna nach bhfuil iontu ach táillí as seirbhísí fónais phoiblí.

AIRTEAGAL 4

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 5 de Phrótacal (Uimh. 7))

Maidir lena cumarsáid oifigiúil agus tarchur a cuid doiciméad uile, gheobhaidh an Ghníomhaireacht san Eilvéis an chóir a thugann an Stát sin do mhisin taidhleoireachta.

Ní bheidh comhfhreagras oifigiúil ná teachtaireachtaí oifigiúla eile de chuid na Gníomhaireachta faoi réir cinsireachta.

AIRTEAGAL 5

(a chomhfhreagraíonn d’Airteagal 6 de Phrótacal (Uimh. 7))

Laissez-passer an Aontais a eisítear chuig comhaltaí agus seirbhísigh na Gníomhaireachta, aithneofar iad mar dhoiciméid taistil bhailí laistigh de chríoch na hEilvéise. Eiseofar na *laissez-passer* sin chuig oifigigh agus seirbhísigh eile faoi choinníollacha arna leagan síos i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais (Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385), lena n-áirítear aon leasú ina dhiaidh sin).

AIRTEAGAL 6

(a chomhfhreagraíonn d’Airteagal 10 de Phrótacal (Uimh. 7))

Na hionadaithe do Bhallstáit an Aontais a ghlacann páirt in obair na Gníomhaireacht, beidh acu féin agus ag a gcomhairleoirí agus a saineolaithe teicniúla, i gcomhlíonadh a ndualgas agus le linn a dtaistil go dtí áit an chruinnithe san Eilvéis agus uaidh, na pribhléidí, na díolúintí agus na saoráidí is gnách.

AIRTEAGAL 7

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 11 de Phrótacal (Uimh. 7))

Maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile de chuid na Gníomhaireachta, i gcríoch na hEilvéise agus cibé náisiúntacht atá acu:

- (a) beidh siad díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla i leith gníomhartha a rinne siad ina gcáil oifigiúil, lena n-áirítear a bhfocail labhartha nó scríofa, faoi réir fhorálacha na gConarthaí a bhaineann leis na rialacha i dtaobh freagracht oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais ar thaobh amháin, agus ar an taobh eile, le dlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun breith a thabhairt ar ábhair atá faoi dhíospóid idir an tAontas agus a oifigigh agus a sheirbhísigh eile. Fanfaidh an díolúine sin acu tar éis scor dá n-oifig;
- (b) ní bheidh siad féin ná a gcéilí ná daoine cleithiúnacha dá dteaghlaigh faoi réir srianta inimirce ná foirmiúlachtaí chun eachtrannaigh a chlárú;
- (c) tabharfar dóibh, maidir le rialacháin airgid reatha nó mhalairte, na saoráidí céanna is gnách a thabhairt d'oifigigh eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (d) beidh acu an ceart chun a dtroscán agus a n-éifeachtaí a allmhairiú saor ó dhleacht, ag dul i mbun a bpoist i gcéadair dóibh san Eilvéis, agus an ceart chun a dtroscán agus a n-éifeachtaí a athonnmhairiú saor ó dhleacht ar chríochnú a ndualgas sa tír sin, ach i gceachtar cás díobh faoi réir na gcoinníollacha is riachtanach le rialtas na hEilvéise;

- (e) beidh acu an ceart chun gluaisteán le haghaidh a n-úsáide pearsanta féin a allmhairiú saor ó dhleacht, más gluaisteán é a fuarthas sa tír dheiridh ina raibh cónaí orthu nó sa tír ar náisiúnaigh di iad, ar théarmaí mhargadh baile na tíre sin, agus é a athonnmhairiú saor ó dhleacht, ach i gceachtar cás díobh faoi réir na gcoinníollacha is riachtanach le rialtas na hEilvéise.

AIRTEAGAL 8

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 12 de Phrótacal (Uimh. 7))

Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile na Gníomhaireachta faoi dhliteanas cánach, chun tairbhe don Aontas, ar thuarastail, ar phá agus ar dhíolaíochtaí a íocfaidh an Gníomhaireacht leo, i gcomhréir leis na coinníollacha agus an nós imeachta a leagtar síos le dlí an Aontais.

Beidh siad díolmhaithe ó chánacha cónaidhme, cantúin agus comhchoiteanna na hEilvéise ar thuarastail, ar phá agus ar dhíolaíochtaí arna n-íoc ag an nGníomhaireacht.

AIRTEAGAL 9

(a chomhfhreagraíonn d’Airteagal 13 de Phrótacal (Uimh. 7))

Maidir le cáin ioncaim, cáin rachmais, agus dleachtanna báis a chur chun feidhme agus maidir le coinbhinsiúin chun cánachas dúbailte a sheachaint a tugadh i gcrích idir an Eilvéis agus Ballstáit den Aontas a chur chun feidhme, oifigigh agus seirbhísigh eile de chuid na Gníomhaireachta a bhunaíonn a n-áit chónaithe i gcríoch na hEilvéise chun críoch cánach tráth a théann siad isteach i seirbhís na Gníomhaireachta, mar gheall ar chomhlíonadh a ndualgas i seirbhís na Gníomhaireachta agus mar gheall air sin amháin, measfar sa Eilvéis agus sa tír shainchónaithe chun críoch cánach araon gur choinnigh siad a sainchónaí sa tír shainchónaithe sin chun críoch cánach ar choinníoll gur Ballstát den Aontas í. Bainfidh an fhoráil sin le céile freisin, sa mhéid nach bhfuil an céile sin ag gabháil go leithleach do phost sochair, agus le leanaí atá i gcleithiúnas agus faoi chúram na ndaoine dá dtagraítear san Airteagal seo.

Maoin shochorraithe le daoine dá dtagraítear sa chéad mhír agus atá san Eilvéis, beidh sí díolmhaithe ó dhleachtanna báis san Eilvéis; measfar, chun an dleacht sin a mheasúnú, an maoin sin a bheith sa tír shainchónaithe chun críocha cánach, faoi réir ceart tríú tíortha agus ar an gcuntar go bhféadfadh sé go gcuirfí chun feidhme forálacha coinbhinsiún idirnáisiúnta ar chánachas dúbailte.

Ní chuirfear san áireamh aon sainchónaí a fuarthas mar gheall ar dhualgais a chomhlíonadh i seirbhís eagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus mar gheall air sin amháin agus forálacha an Airteagail seo á gcur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 10

(a chomhfhreagraíonn d’Airteagal 14 de Phrótacal (Uimh. 7))

Leagfar síos le dlí an Aontais scéim na sochar slándála sóisialta d’oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais.

Dá bhrí sin, ní bheidh sé d’oibleagáid ar oifigigh ná ar sheirbhísigh eile na Gníomhaireachta a bheith ina gcomhaltaí de chóras slándála sóisialta na hEilvéise ar choinníoll go bhfuil siad cumhdaithe cheana féin ag scéim na sochar slándála sóisialta d’oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais. Baill de theaghlach bhaill foirne na Gníomhaireachta ar cuid dá dteaghlach iad, cumhdófar iad le scéim na sochar slándála sóisialta d’oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais ar choinníoll nach bhfuil siad fostaithe ag fostóir eile seachas an Ghníomhaireacht agus ar choinníoll nach bhfaigheann siad sochair slándála sóisialta ó Bhallstát den Aontas ná ón Eilvéis.

AIRTEAGAL 11

(a chomhfhreagraíonn d’Airteagal 15 de Phrótacal (Uimh. 7))

Cinnfear le dlí an Aontais na catagóirí oifigeach agus seirbhíseach eile de chuid na Gníomhaireachta a mbeidh feidhm ag forálacha Airteagail 7, 8 agus 9 maidir leo, go hiomlán nó go páirteach.

Cuirfear ainmneacha, gráid agus seoltaí na n-oifigeach agus na seirbhíseach eile a áirítear sna haicmí sin in iúl go tréimhsiúil don Eilvéis.

AIRTEAGAL 12

(a chomhfhreagraíonn d’Airteagal 17 de Phrótacal (Uimh. 7))

Is chun leasa na Gníomhaireachta agus chuige sin amháin a thabharfar pribhléidí, díolúintí agus saoráidí d’oifigigh agus seirbhísigh eile de chuid na Gníomhaireachta.

Ceanglófar ar an nGníomhaireacht an díolúine a tugadh d’oifigeach nó do sheirbhíseach eile a tharscaoileadh aon uair a mheasfaidh an Gníomhaireachta nach bhfuil tarscaoileadh na díolúine sin contrártha do leasanna na Gníomhaireachta.

AIRTEAGAL 13

(a chomhfhreagraíonn d’Airteagal 18 de Phrótacal (Uimh. 7))

Chun an Fhoscríbhinn seo a chur i bhfeidhm, rachaidh an Gníomhaireacht i gcomhar le húdaráis fhreagracha na hEilvéise nó Bhallstáit an Aontais lena mbaineann.

CÓRAS IDIRTHRÉIMHSEACH LE HAGHAIDH FORCHOIMEÁDAIS ACMHAINNEACHTA
FHADTÉARMACHA ATÁ ANN CHEANA MAIDIR LE HIDIRNASCAIRÍ AG
TEORAINNEACHA NA HEILVÉISE

ROINN A

PRIONSABAIL MAIDIR LE CÚITEAMH AIRGEADAIS

AIRTEAGAL 1

Prionsabail ghinearálta agus raon feidhme

1. Bunaítear leis an Iarscríbhinn seo na prionsabail maidir le sásra idirthréimhseach cúitimh airgeadais do shealbhóirí conarthaí a liostaítear i Roinn B.
2. Ríomhfar an cúiteamh airgeadais bunaithe ar luach eacnamaíoch na bhforchoimeádas acmhainneachta do shealbhóirí conartha, arna ríomh de bhun Airteagal 2.
3. Deonófar an cúiteamh airgeadais le haghaidh na hidirthréimhse a leagtar amach in Airteagal 8(1) den Chomhaontú seo.

4. Sula mbeidh an Eilvéis rannpháirteach i gcúpláil amháin lá roimh ré, sealbhóirí conartha ar mian leo an cúiteamh airgeadais a fháil, gheobhaidh siad an acmhainneacht trasteorann is gá trí cheant a dhéanfaidh an Oifig um Leithdháileadh Comhpháirteach, i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme arna leagan amach ag an Oifig um Leithdháileadh Comhpháirteach. Ní bheidh sealbhóirí conartha i dteideal cúitimh mura n-éiríonn leo an acmhainneacht is gá a fháil trí phróiseas an cheant.

5. A luaithe a rachaidh an Eilvéis isteach i gcúpláil amháin lá roimh ré, léireoidh na sealbhóirí conarthaí ar mian leo cúiteamh airgeadais a fháil gur glacadh lena dtairiscint sa phróiseas lá amháin roimh ré i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2015/1222 an 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú (IO L 197, 25.7.2015, lch. 24, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1222/oj>).

AIRTEAGAL 2

An cúiteamh airgeadais a ríomh

1. Ríomhfar an cúiteamh airgeadais bunaithe ar mhéid cúitimh (in MW le haghaidh uair an chloig ar leith) mar a shainmhínítear i míreanna 2 agus 3, arna iolrú faoi phraghas cúitimh (in euro/MWh), mar a shainmhínítear i mír 4.

2. Is éard a bheidh sa mhéid cúitimh le haghaidh gach conartha:

- (a) le linn na tréimhse sular tháinig an Eilvéis isteach sa chúpláil amháin lá roimh ré, an toilleadh (in MW ar feadh uair an chloig ar leith) a leithdháiltear ar an sealbhóir conartha sa phróiseas ceantála; agus an cúiteamh á éileamh, soláthróidh na sealbhóirí conarthaí cruthúnas go bhfuarthas agus gur úsáideadh acmhainneacht suas le méid an chonartha ag an teorainn agus go bhfuil an tsuiteáil giniúna ar fáil san aonad ama margaidh i gceist.
- (b) tar éis don Eilvéis dul isteach sa chúpláil amháin lá roimh ré, toirt na tairisceana rathúla (in MW ar feadh uair an chloig ar leith) sa phróiseas cúplála amháin lá roimh ré sa chríos tairisceana faoi seach, suas le huasmhéid na gconarthaí; agus an cúiteamh airgeadais á éileamh, seachadfaidh na sealbhóirí conartha cruthúnas ar mhéid na tairisceana rathúla agus ar infhaighteacht na suiteála giniúna san aonad ama margaidh faoi seach.

3. In aon bhliain ar leith, laghdófar méid an chúitimh de bhun mhír 2 go dtí na céatadáin seo a leanas:

- 74.3 % don treo ón bhFrainc go dtí an Eilvéis sa gheimhreadh (1 Deireadh Fómhair go 30 Aibreán) agus 68.5 % sa samhradh (1 Bealtaine go dtí an 30 Meán Fómhair);
- 93.9 % don treo ón Eilvéis go dtí an Fhrainc sa gheimhreadh (1 Deireadh Fómhair go 30 Aibreán) agus 100 % sa samhradh (1 Bealtaine go dtí an 30 Meán Fómhair).

4. Déanfar an praghas cúitimh a ríomh *ex post* mar an difríocht dhearfach sa phraghas idir praghanna imréitigh margaidh lá roimh ré na hEilvéise agus na Fraince, agus treo an fhorchoimeádais acmhainneachta stairiúla á cur san áireamh, a eascraíonn as an toradh ar an margadh sa chreat ama lá roimh ré, arna ríomh le haghaidh gach aonaid ama margaidh ar leithligh. I gcás ina bhfuil an difríocht sa phraghas diúltach, ní íocfar aon chúiteamh.

5. Déanfar méid an chúitimh a ríomhfar de bhun mhíreanna 1 go 4 a laghdú tuilleadh 20 % chun ranníocaíocht na sealbhóirí conartha le costais chothabhála agus chaipitil na heangaí a chur san áireamh.
6. I gcás ina sáraíonn na híocaíochtaí cúitimh iomlána le sealbhóirí conartha arna ríomh de bhun mhíreanna 1 go 5 an t-ioncam ó phlódú ó teorainn na Fraince-na hEilvéise nó a shanntar di, laghdófar na híocaíochtaí cúitimh go comhréireach do gach sealbhóir conartha chun a áirithiú nach sáróidh na híocaíochtaí cúitimh iomlána an t-ioncam ó phlódú atá ar fáil.
7. Íocfar an cúiteamh airgeadais iomlán do gach sealbhóir conartha arna ríomh de bhun an Airteagail seo leis na sealbhóirí conartha *ex post* ar bhonn míosúil.

AIRTEAGAL 3

An cúiteamh a mhaoiniú

Déanfar an cúiteamh airgeadais de bhun Airteagal 2 a mhaoiniú leis an ioncam ó phlódú a ghintear trí leithdháileadh acmhainneachta ar teorainn na Fraince-na hEilvéise, mar a fhaightear ó cheant acmhainneachta ag an teorainn sin a dhéanann an Oifig um Leithdháileadh Comhpháirteach nó a shanntar don teorainn trí chur i bhfeidhm na modheolaíochta maidir le Dáileadh Ioncaim ó Phlódú.

AIRTEAGAL 4

Cur chun feidhme, faireachán agus réiteach díospóidí

1. Comhaontóidh NRAnna na Fraince agus na hEilvéise, i gcás inar gá, nósanna imeachta chun na rialacha san Iarscríbhinn seo a chur chun feidhme laistigh de 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Tabharfaidh siad fógra faoi dhréacht de na nósanna imeachta do ACER, don Choimisiún agus don Chomhchoiste 2 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
2. Beidh NRAnna na Fraince agus na hEilvéise freagrach as a fhíorú go gcomhlíonann OCTanna agus sealbhóirí conarthaí na nósanna imeachta arna bhforbairt de bhun mhír 1, lena n-áirítear go bhfuil an cúiteamh a dheonaítear do shealbhóirí conarthaí teoranta do na conarthaí a liostaítear i Roinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Seolfaidh siad tuarascáil bhliantúil maidir le cur i bhfeidhm an tsásra idirthréimhsigh chuig ACER agus chuig an gComhchoiste faoin 1 Márta den bhliain dár gcionn.
3. I gcás nach dtiocfaidh na NRAnna ar chomhthoil maidir leis na nósanna imeachta de bhun mhír 1 laistigh de 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, féadfaidh an Eilvéis an tsaincheist a tharchur chuig an gComhchoiste a dhéanfaidh cinneadh maidir leis na nósanna imeachta cur chun feidhme laistigh de 6 mhí ó dháta an tarchuir sin.
4. D'ainneoin mhíreanna 1 go 3, beidh sé de cheart ag sealbhóirí conartha an cúiteamh airgeadais a fháil ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí deireadh na hidirthréimhse.

ROINN B

CONARTHAÍ FADTÉARMACHA MAIDIR LE FORCHOIMEÁDAS ACMHAINNEACHTA LE CÚITEAMH AIRGEADAIS

Treo	Ainm an Chonartha	Teicneolaíocht	Dáta Deiridh Uasta
FR => CH	EOS CNP Cattenom 3 / 4	Fuinneamh núicléach	Deireadh ghníomhaíocht giniúna na n-aonad
FR => CH	NOK 94 / EDF 95	Fuinneamh núicléach	30.9.2036
FR => CH	EDL Cattenom 3 / 4	Fuinneamh núicléach	Deireadh ghníomhaíocht giniúna na n-aonad
FR => CH	EDL 2000	Fuinneamh núicléach	31.12.2039
FR => CH	Rannpháirtíocht Bugey 2	Fuinneamh núicléach	Deireadh ghníomhaíocht giniúna an aonaid
FR => CH	Gníomhaíocht Bugey 3	Fuinneamh núicléach	Deireadh ghníomhaíocht giniúna an aonaid
FR => CH	EOS Cleuson Dixence	Cumhacht hidrileictreach	30.4.2030
CH => FR	EOS Cleuson Dixence	Cumhacht hidrileictreach	30.4.2030
FR => CH	Ecosson Pompage	Cumhacht hidrileictreach	Deireadh ghníomhaíocht giniúna an aonaid
CH => FR	Ecosson Turbine	Cumhacht hidrileictreach	Deireadh ghníomhaíocht giniúna an aonaid

ROINN C

GLÉASRAÍ HIDREACHUMHACHTA A CHAOMHNAÍONN FORCHOIMEÁDAIS

ACMHAINNEACHTA

NACH MÓ NÁ 65 MW

Treo	Ainm an ghléasra cumhachta	Forchoimeádas Acmhainneachta Uasta [MW]	Dáta Deiridh Uasta
FR => CH	Kembs	35	Deireadh an lamháltais (31.12.2035)
FR => CH	FM Chatelot	15	Deireadh an lamháltais (31.12.2028)
CH => FR	FM Chatelot	30	Deireadh an lamháltais (31.12.2028)
AT => CH	GKW Inn	13,3	Deireadh an lamháltais (tar éis 2050)
CH => IT	Kraftwerke Hinterrhein	65	Deireadh an lamháltais (31.12.2042)
FR => CH	Bagnes Martigny (Champsec)	2	Deireadh an lamháltais (31.12.2041)
CH => FR	Forces Motrices de Mauvoisin	41	Deireadh an lamháltais (31.12.2041)

STÁTCHABHAIR

DÍOLÚINTÍ AGUS SOILÉIRITHE

ROINN A

BEARTA ATÁ COMHOIRIÚNACH D’FHEIDHMIÚ CUÍ
AN MHARGAIDH INMHEÁNAIGH,
DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 13(2), POINTE (c)

1. Beidh na bearta seo a leanas san Eilvéis atá ann cheana comhoiriúnach d’fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus ní bheidh siad faoi réir Airteagal 14(3), pointe (b):
 - (a) deontais infheistíochta le haghaidh giniúint leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite de réir Airteagail 25 go 29 den Acht Fuinnimh¹ (dá ngairtear ‘EnG’ anseo feasta), lena n-áirítear díolúine shealadach ó ríchíosanna uisce de réir Airteagal 50a den Acht um Hidreachumhacht)²;
 - (b) conarthaí difríochta le haghaidh giniúint leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i gcomhréir le hAirteagail 29a go 29e EnG;
 - (c) ranníocaíocht an chostais oibriúcháin le haghaidh bithmhaise de réir Airteagal 33a EnG;
 - (d) ráthaíochtaí geoiteirmeacha de réir Airteagal 33 EnG;

¹ Energiegesetz, 30 Meán Fómhair 2016 (EnG, SR 730.0), leagan is infheidhme an 1 Eanáir 2025

² Bundesgesetz über die Nutzbarmachung der Wasserkräfte, 22 Nollaig 1916 (WRG, SR 721 80), leagan is infheidhme an 1 Eanáir 2023

- (e) cúiteamh as bearta sreafa iarmharaigh de réir Airteagal 80(2) den Acht um Chosaint Uisce¹; agus
 - (f) cúiteamh as bearta athchóirithe éiceolaíocha a bhaineann le hidreachumhacht (hidrea-bhuaice, iompar dríodair agus imirce iascaireachta) de réir Airteagal 34 EnG.
2. Geallann údaráis na hEilvéise, ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, nach féidir cabhair nua a dheonú do shuiteálacha nach soláthraítear maolú dóibh de bhun Airteagal 5(2), pointe (b) nó Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2019/943² le haghaidh táirgeadh leictreachais faoi na bearta a luaitear i bpointe 1 ach amháin más rud é:
- go gceanglaítear orthu a dtáirgeadh leictreachais a dhíol ar an margadh;
 - nár tugadh dreasacht dóibh chun a n-aschur a thairiscint faoi bhun a gcostas imeallach agus mura tugadh cabhair oibriúcháin dóibh le haghaidh táirgthe in aon tréimhse ina bhfuil margadhluach na táirgeachta sin diúltach.
3. Scoirfidh forálacha phointe 1, (a) agus (b) d'fheidhm a bheith acu 10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus scoirfidh forálacha phointí 1, (c) go (f) d'fheidhm a bheith acu 6 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Tar éis do na teorainneacha ama sin dul in éag, áireoidh Údarás Faireacháin na hEilvéise na bearta sin ina athbhreithniú leanúnach faoi Airteagal 15(4).

¹ Bundesgesetz über den Schutz der Gewässer, 24 Eanáir 1991 (GschG, SR 814 20), leagan is infheidhme an 1 Feabhra 2023

² Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas, IO L 158, 14.6.2019, lch. 54, de réir mar is infheidhme de réir na hIarscríbhíne.

ROINN B

CATAGÓIRÍ CABHRACH A D'FHÉADFAÍ A MHEAS A BHEITH COMHOIRIÚNACH LE FEIDHMIÚ CUÍ AN MHARGAIDH INMHEÁNAIGH, DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 13(3), POINTE (e)

Féadfar a mheas go bhfuil na catagóirí cabhrach seo a leanas i gcomhréir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh:

[...]

ROINN C

BLOCDHÍOLÚINTÍ, DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 13(4)

Toimhdeofar go bhfuil cabhair comhoiriúnach le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus beidh díolúine aici ó na ceanglais maidir le fógra a thabhairt faoi Airteagal 14, má dheonaítear í i gcomhréir leis na coinníollacha substainteacha a leagtar amach sna forálacha seo a leanas:

- (a) Caibidlí I agus III de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO AE L 187, 26.6.2014, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/651/oj>), arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2023/1315 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh agus Rialachán (AE) 2022/2473 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach do ghnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh, i bpróiseáil agus i margú táirgí iascaigh agus do bharshaothraithe comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO AE L 167, 30.6.2023, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1315/oj>);
- (b) Airteagail 1 go 6 de Chinneadh ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2011 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 106(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí arna dheonú do ghnóthais áirithe a gcuirtear ar a n-iontaoibh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú (IO L 7, 11.1.2012, lch. 3, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2832/oj>).

ROINN D

CABHAIR *DE MINIMIS*, DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 13(6)

Beidh an bhrí chéanna ag ‘cabhair *de minimis*’ is atá aici i Rialachán (AE) Uimh. 2023/2831 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cabhair *de minimis* (IO AE L, 2023/2831, 15.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2831/oj>).

Maidir le cabhair a dheonaítear do ghnóthais a gcuirtear ar a n-iontaoibh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú, beidh ag ‘cabhair *de minimis*’ an bhrí atá aici i Rialachán (AE) 2023/2832 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 maidir le hAirteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir le cabhair *de minimis* a dheonaítear do ghnóthais a sholáthraíonn seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (IO L, 2023/2832, 15.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2382/oj>).

STÁTCHABHAIR

GNÍOMHARTHA GINEARÁLTA AGUS EARNÁLA IS INFHEIDHME SAN AONTAS
EORPACH
DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 14(2)

ROINN A

GNÍOMHARTHA GINEARÁLTA AGUS EARNÁLA

- (1) Chun críocha Chuid III agus de bhun Airteagal 14(2) den Chomhaontú seo, cuirfidh an tAontas na gníomhartha seo a leanas i bhfeidhm:
 - (a) Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO AE L 248, 24.9.2015, lch. 9, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1589/oj>);
 - (b) Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO AE L 140, 30.4.2004, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/794/oj>), arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2016/2105 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2016 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 a mhéid a bhaineann leis an bhfoirm atá le húsáid chun fógra a thabhairt faoi Státchabhair d'earnáil an iascaigh agus an docharshaothraithe (IO AE L 327, 2.12.2016, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2105/oj>);

- (c) Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO AE L 187, 26.6.2014, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/651/oj>), arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2023/1315 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh agus Rialachán (AE) 2022/2473 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach do ghnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh, i bpróiseáil agus i margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO AE L 167, 30.6.2023, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1315/oj>);
- (d) Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2011 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 106(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair i bhfoirm cúiteamh seirbhíse poiblí arna dheonú do ghnóthais áirithe a gcuirtear ar a n-iontaoibh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú (IO AE L 7, 11.1.2012, lch. 3, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2012/21\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2012/21(1)/oj));
- (e) Rialachán (AE) 2023/2831 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 maidir le hAirteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir le cabhair *de minimis* (IO AE L, 2023/2831, 15.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2831/oj>);
- (f) Rialachán (AE) 2023/2832 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 maidir le hAirteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ar chabhair *de minimis* arna deonú do ghnóthais a sholáthraíonn seirbhísí ar lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (IO AE L, 2023/2832, 15.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2832/oj>).

- (2) Chun críocha Chuid III agus de bhun Airteagal 14(3) den Chomhaontú seo, déanfaidh an Eilvéis córas faireachais Státchabhrach a bhunú agus a choinneáil ar bun lena n-áiritheofar ag gach tráth leibhéal faireachais agus forfheidhmithe atá coibhéiseach leis an leibhéal a chuireann an tAontas i bhfeidhm, mar a leagtar amach in Airteagal 14(2) agus i bpointe (1) den Roinn seo.

ROINN B

TREOIRLÍNTE, TEACHTAIREACHTAÍ AGUS CLEACHTAS CINNTEOIREACHTA AN CHOIMISIÚIN

- (1) Chun críocha Chuid III agus de bhun Airteagal 14(3) den Chomhaontú seo, tabharfaidh údarás faireachais na hEilvéise agus na húdaráis bhreithiúnacha inniúla san Eilvéis aird chuí ar na treoirlínte agus na teachtaireachtaí ábhartha atá ina gceangal ar an gCoimisiún, agus leanfaidh siad a mhéid is féidir iad, chomh maith lena chleachtas cinnteoireachta, chun leibhéal faireachais agus forfheidhmithe atá coibhéiseach le leibhéal an Aontais a áirithiú.
- (2) Tabharfaidh an Coimisiún fógra don Chomhchoiste faoi na treoirlínte agus na teachtaireachtaí a mheasann sé a bheith ábhartha faoin gComhaontú seo, agus foilseoidh sé na treoirlínte agus na teachtaireachtaí sin.

COMHSHAOL

Is iad seo a leanas na gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais maidir le cosaint an chomhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 20 agus Airteagal 27(3) den Chomhaontú seo:

1. 32011 L 0092: Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO AE L 26, 28.1.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2011/92/oj>), arna leasú le:
 - 32014 L 0052: Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leasaítear Treoir 2011/92/AE maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO AE L 124, 25.4.2014, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/52/oj>).
2. 32001 L 0042: Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2001/42/oj>).
3. 32016 L 0802: Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe (IO L 132, 21.5.2016, lch. 58, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/802/oj>).

4. 32010 L 0075: Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO AE L 334, 17.12.2010, lch. 17, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2010/75/oj>).
5. 32009 L 0147: Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO AE L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj>), arna leasú le:
 - 32013 L 0017: Treoir 2013/17/AE ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 lena n-oiriúnaítear teoracha áirithe i réimse an chomhshaoil, de bharr aontachas Phoblacht na Cróite (IO AE L 158, 10.6.2013, lch. 193, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/17/oj>),
 - 32019 R 1010: Rialachán (AE) 2019/1010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le hoibleagáidí tuairiscithe a ailíniú i réimse na reachtaíochta a bhaineann leis an gcomhshaol, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 166/2006 agus (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/49/CE, 2004/35/CE, 2007/2/CE, 2009/147/CE agus 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 338/97 agus (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle, agus Treoir 86/278/CEE ón gComhairle (IO AE L 170, 25.6.2019, lch. 115, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1010/oj>).

6. 32004 L 0035: Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO AE L 143, 30.4.2004, lch. 56, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2004/35/oj>), arna leasú le:
- 32006 L 0021: Treoir 2006/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le dramhaíl ó na tionscail eastóscacha a bhainistiú agus lena leasaítear Treoir 2004/35/CE (IO AE L 102, 11.4.2006, lch. 15, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2006/21/oj>),
 - 32009 L 0031: Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO AE L 140, 5.6.2009, lch. 114, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/31/oj>),
 - 32013 L 0030: Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le sábháilteacht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta agus lena leasaítear Treoir 2004/35/CE (IO AE L 178, 28.6.2013, lch. 66, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/30/oj>),

- 32019 R 1010: Rialachán (AE) 2019/1010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le hoibleagáidí tuairiscithe a ailíniú i réimse na reachtaíochta a bhaineann leis an gcomhshaol, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 166/2006 agus (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/49/CE, 2004/35/CE, 2007/2/CE, 2009/147/CE agus 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 338/97 agus (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle, agus Treoir 86/278/CEE ón gComhairle (IO AE L 170, 25.6.2019, lch. 115, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1010/oj>).

FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

Mura bhforáiltear a mhalairt in oiriúnuithe teicniúla,

- na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear sna gníomhartha dlí a leagtar amach san Iarscríbhinn seo le haghaidh Bhallstáit an Aontais, tuigfear go ndéanfar foráil maidir leo don Eilvéis;
- na tagairtí do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe i mBallstáit den Aontas sna gníomhartha sin, tuigfear go n-áirítear iontu tagairtí do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe san Eilvéis.

Cuirfear an méid sin i bhfeidhm agus lánurraim á tabhairt do na forálacha institiúideacha atá i gCuid V den Chomhaontú seo.

GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR

1. 32018 L 2001: Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO AE L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj>), arna leasú le:
 - 32023 L 2413: Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO AE L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj>),
 - 32022 R 0759: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/759 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modheolaíocht chun méid an fhuinnimh in-athnuaite a úsáidtear le haghaidh an fhuaraithe agus fuarú ceantair a ríomh (IO AE L 139, 18.5.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/759/oj),
 - 32024 L1711: Treoir (AE) 2024/1711 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (IO L, 2024/1711, 26.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1711/oj>).

Léifear forálacha Threoir (AE) 2018/2001, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas leis:

‘Ní bheidh feidhm ag an sainmhíniú ar théarma ach amháin má úsáidtear an téarma sin i bhforáil atá ionchorpraithe in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir le leictreachas.’;

(b) déantar Airteagal 3 a oiriúnú mar a leanas:

(i) ní bheidh feidhm ag mír 1;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘Socróidh an Eilvéis sprioc tháscach de sciar 48.4 % d’fhuinneamh in-athnuaite ina holltomhaltas deiridh fuinnimh in 2030. Déanfaidh an Comhchoiste an sprioc sin a oiriúnú le haghaidh na dtréimhsí tar éis 2030, agus an sprioc is infheidhme san Aontas á cur san áireamh. Foilseoidh an Eilvéis faisnéis agus cuirfidh sí an Comhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta i dtreo na sprice sin agus faoi chur chun feidhme Airteagail 19 agus 26 go 31a de Threoir (AE) 2018/2001 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gComhaontú sin gach 2 bhliain ar a laghad.’;

(iii) i mír 3c, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) lomáin sáibh, lomáin veiníre, lomáin chruinne de ghrád tionsclaíoch, stumpaí agus fréamhacha a úsáid chun leictreachas a tháirgeadh.’

(iv) ní bheidh feidhm ag mír 3c, pointe (b), ná ag míreanna 4, 5 agus 6;

(v) déantar mír 4a a oiriúnú mar a leanas:

‘4a. Bunóidh an Eilvéis creat, lena bhféadfár scéimeanna tacaíochta agus bearta a áireamh lena n-éascófar glacadh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite, lena gcumasófar leictreachas in-athnuaite a chur in úsáid go leibhéal atá comhsheasmhach leis an sprioc náisiúnta dá dtagraítear i mír 2. Go háirithe, rachaidh an creat sin i ngleic leis na bacainní atá fós ann ar ardleibhéal soláthair leictreachais in-athnuaite, agus ar fhorbairt an bhonneagair tarchurtha, dáileacháin agus stórála is gá, lena n-áirítear stóráil fuinnimh chomhshuite. Le linn dóibh an creat sin a dhearadh, cuirfidh an Eilvéis san áireamh an leictreachas in-athnuaite breise is gá chun freastal ar an éileamh in earnálacha an iompair, na tionsclaíochta, na tógála, agus an téimh agus an fhuaraithe agus maidir le táirgeadh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch’;

(c) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 5;

(d) ní bheidh feidhm ag Airteagail 8 go 14;

(e) ní bheidh feidhm ag Airteagal 15 ná ag Airteagail 15b go 16f; ina ionad sin, déanfaidh an Eilvéis rialacha inchomparáide a choinneáil ar bun agus a bhunú chun an sprioc a bhaint amach maidir lena sciar leictreachais ó fhuinneamh in-athnuaite a mhéadú. Áirítear ar na rialacha sin:

(i) limistéir a shannadh inar féidir gléasraí chun leictreachas a tháirgeadh ó fhuinneamh in-athnuaite a thógáil,

(ii) rannpháirtíocht an phobail,

- (iii) nósanna imeachta tapa agus éifeachtúla maidir le ceadanna a dheonú,
- (iv) stádas iomchuí leasa phoiblí maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite;
- (f) ní bheidh feidhm ag Airteagal 15a;
- (g) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 17;
- (h) ní bheidh feidhm ag Airteagal 18(1), (2) agus (4) go (6);
- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18(3):

‘Bunóidh an Eilvéis creat chun líon leordhóthanach suiteálaithe oilte agus cáilithe a áirithiú maidir le (i) gach cineál córas téimh agus fuaraithe in-athnuaite i bhfoirgnimh, sa tionsclaíocht agus sa talmhaíocht, (ii) córais fhótavoltacha ghréine, lena n-áirítear stóráil fuinnimh, agus (iii) pointí athluchtaithe lena gcumasaítear freagairt don éileamh chun freastal ar fhás an fhuinnimh in-athnuaite is gá chun an sprioc a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 3(2) a bhaint amach.’;
- (j) ní chuirfidh an Eilvéis Airteagal 19 i bhfeidhm maidir le fuinneamh seachas leictreachas a tháirgtear ó lomáin sábhadóireachta, lomáin veiníre, lomáin chruinne de ghrád tionsclaíoch, stumpaí agus fréamhacha;
- (k) ní bheidh feidhm ag Airteagal 20 ná ag Airteagal 20a(3) agus (4);
- (l) beidh feidhm ag Airteagal 20a(1), (2) agus (5) 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;

(m) ní bheidh feidhm ag Airteagail 21 agus 22; ina ionad sin, déanfaidh an Eilvéis rialacha inchomparáide a choinneáil ar bun agus a bhunú maidir le féintomhaltóirí in-athnuaite agus comhphobail fuinnimh in-athnuaite i réimse an leictreachais;

(n) ní bheidh feidhm ag Airteagail 22a go 25;

(o) in Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas leis:

‘Féadfaidh an Eilvéis a sciar de bhithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bharra bia agus beatha a shocrú ag 0 %.’;

(p) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 27(1) go (5);

(q) Ní bheidh feidhm ag Airteagail 28(6) agus (7);

(r) ní bheidh feidhm ag Airteagal 29 (7a) ná (7b).

(s) ní bheidh feidhm ag Airteagal 29a(2);

(t) leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(i) i mír 1, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

‘I gcás ina bhfuil breoslaí in-athnuaite le háireamh sna spriocanna dá dtagraítear in Airteagal 3(2), ceanglóidh na Ballstáit ar oibreoirí eacnamaíocha a thaispeáint, trí bhíthin iniúchtaí éigeantacha neamhspleácha agus trédhearcacha, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 8 den Airteagal seo, gur comhlíonadh na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) le haghaidh breoslaí in-athnuaite. Chuige sin, ceanglóidh siad ar oibreoirí eacnamaíocha úsáid a bhaint as córas cothromúcháin maise ar fíor an méid seo a leanas ina leith:’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcás ina bpróiseáiltear coinsíneacht, déanfar oiriúnú ar an bhfaisnéis faoi na hairíonna inbhuanaitheachta agus faoi na hairíonna maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus sannfar í don aschur i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:

(a) i gcás nach mbíonn de thoradh ar an bpróiseáil a dhéantar ar choinsíneacht amhábhair ach aschur amháin atá beartaithe chun bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise, nó breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a tháirgeadh, oiriúnófar méid na coinsíneachta agus cainníochtaí gaolmhara na n-airíonna inbhuanaitheachta agus na n-airíonna maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí fhachtóir coinbhéartachta a chur i bhfeidhm, is é sin an choibhéis atá idir mais an aschuir atá beartaithe do tháirgeadh den sórt sin agus mais an amhábhair atá á thabhairt isteach sa phróiseas;

- (b) i gcás ina mbíonn de thoradh ar an bpróiseáil a dhéantar ar choinsíneacht amhábhair níos mó ná aschur amháin atá beartaithe chun bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise, nó breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh, cuirfear fachtóir tiontaithe ar leithligh i bhfeidhm ar gach aschur agus úsáidfear cothromaíocht mhaise ar leithligh.’;
- (iii) i mír 3, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad na chéad abairte:
- ‘1. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go dtíolacfaidh oibreoirí faisnéis iontaofa faoi chomhlíonadh na gcritéar maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus Airteagal 29a(1), agus chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ar fáil don Bhallstát ábhartha, arna iarraidh sin dó, na sonraí a úsáideadh chun an fhaisnéis sin a fhorbairt.’;
- (iv) i mír 3, an dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad na chéad abairte:
- ‘Beidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos sa mhír seo gan beann ar cé acu a tháirgtear nó nach dtáirgtear breoslaí in-athnuaite laistigh den Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas iad.’;
- (v) i mír 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:
- ‘10. Arna iarraidh sin don Eilvéis, ar iarraidh í a fhéadfar a bheith bunaithe ar iarraidh ó oibreoir eacnamaíoch, scrúdóidh an Coimisiún, ar bhonn na fianaise uile atá ar fáil, ar comhlíonadh na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) i ndáil le foinse breoslaí in-athnuaite.’;

(vi) i mír 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

‘(a) na breoslaí in-athnuaite ón bhfoinse sin a chur san áireamh chun na geríoch dá dtagraítear in Airteagal 29(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c); nó

(b) de mhaolú ar mhír 9, a cheangal ar sholáthróirí fhoinse na mbreoslaí in-athnuaite tuilleadh fianaise a sholáthar faoi chomhlíonadh na gcritéar sin maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus faoi chomhlíonadh na dtairseach sin maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.’;

(u) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 31a(1):

‘Faoin 21 Samhain 2024, áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear bunachar sonraí de chuid an Aontais ar bun chun gur féidir breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha a rianú (‘bunachar sonraí an Aontais’).’;

(v) ní bheidh feidhm ag Airteagail 32 go 39;

(w) ní bheidh feidhm ag Iarscríbhinní I, IA, IV agus VIII;

(x) ní bheidh feidhm ag Cuid A, pointí (a) agus (p), d’Iarscríbhinn IX;

(y) ní bheidh feidhm ag Iarscríbhinn X ná ag Iarscríbhinn XI.

2. 32019 R807: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunábhar lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a chinneadh ina ndéantar síneadh suntasach a chur leis an limistéar táirgthe le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin ann chomh maith le deimhniú bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann ísealriosca maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid (IO AE L 133, 21.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/807/oj)
3. 32023 R 1184: Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíocht de chuid an Aontais a bhunú ina leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir le táirgeadh breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (IO AE L 157, 20.6.2023, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1184/oj)
4. 32024 R 1408: Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1408 ón gCoimisiún an 14 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 a mhéid a bhaineann le téarma teicniúil a ailíniú le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO AE L, 2024/1408, 21.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1408/oj)
5. 32023 R 1640: Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1640 ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2023 maidir leis an modheolaíocht chun sciar an bhithbhreosla agus an bhithgháis le haghaidh iompair a chinneadh, ar bithbhreosla agus bithghás iad arna dtáirgeadh ó bhithmhais a phróiseáil le breoslaí iontaise i bpróiseas comhchoiteann (IO AE L 205, 18.8.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1640/oj)

6. 32023 R 1185: Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí íostairseach i gcomhair laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte a bhunú agus trí mhodheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte (IO L 157, 20.6.2023, lch. 20, http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1185/oj)

Léifear forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) ní bheidh feidhm ag forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 maidir le ríomh na spriocanna le haghaidh breoslaí agus leictreachais ó fhuinneamh in-athnuaite a sholáthraítear d'earnáil an iompair agus na spriocanna le haghaidh bithbhreoslaí ardghorbartha agus bithghás lena dtagraítear d'Airteagal 25(2) de Threoir (AE) 2018/2001;
- (b) ní bheidh feidhm ag forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 a bhaineann le breoslaí carbóin athchúrsáilte.
7. 32022 R 2448: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2448 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2022 maidir le treoir oibríochtúil a bhunú i dtaca leis an bhfianaise lena léireofar gur comhlíonadh na critéir inbhuanaitheachta um bithmhais foraoise a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO AE L 320, 14.12.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2448/oj)

8. 32022 D 599: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/599 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim dheonach ‘Biomass Biofuels Sustainability voluntary scheme (2BSvs)’ chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO AE L 114, 12.4.2022, lch. 173, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/599/oj)
9. 32022 D 600: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/600 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim dheonach ‘Bonsucro EU’ chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO AE L 114, 12.4.2022, lch. 176, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/600/oj)
10. 32022 D 601: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/601 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim dheonach ‘Better Biomass’ chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO AE L 114, 12.4.2022, lch. 179, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/601/oj)
11. 32022 D 602: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/602 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim dheonach ‘International Sustainability & Carbon Certification – ISCC EU’ chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO AE L 114, 12.4.2022, lch. 182, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/602/oj)

12. 32022 D 604: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/604 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim dheonach ‘Red Tractor Farm Assurance Crops and Sugar Beet Scheme’ chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO AE L 114, 12.4.2022, lch. 188, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/604/oj)
13. 32022 D 605: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/605 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim dheonach ‘REDcert-EU’ chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO AE L 114, 12.4.2022, lch. 191, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/605/oj)
14. 32022 D 606: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/606 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim dheonach ‘Round Table on Responsible Soy with EU RED Requirements (RTRS EU RED)’ chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO AE L 114, 12.4.2022, lch. 194, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/606/oj)
15. 32022 D 607: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/607 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim dheonach ‘Roundtable on Sustainable Biomaterials (RSB) EU RED’ chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO AE L 114, 12.4.2022, lch. 197, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/607/oj)

16. 32022 D 608: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/608 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim ‘Scottish Quality Crops Farm Assurance Scheme (SQC)’ chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO AE L 114, 12.4.2022, lch. 200, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/608/oj)
17. 32022 D 609: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/609 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim dheonach ‘SURE’ chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO AE L 114, 12.4.2022, lch. 203, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/609/oj)
18. 32022 D 610: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/610 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt do scéim ‘Trade Assurance Scheme for Combinable Crops (TASCC)’ chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO AE L 114, 12.4.2022, lch. 206, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/610/oj)
19. 32022 D 611: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/611 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim ‘Universal Feed Assurance Scheme (UFAS)’ chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO AE L 114, 12.4.2022, lch. 209, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/611/oj)

20. 32022 D 2461: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2461 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2022 lena dtugtar aitheantas don scéim “KZR IniG” chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/603 ón gCoimisiún (IO AE L 321, 15.12.2022, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/2461/oj)
21. 32022 D 1657: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1657 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2022 maidir le haitheantas a thabhairt do scéim dheonach an Chláir Bithmhaise Inbhuanaithe chun a léiriú go bhfuil ceanglais Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO AE L 249, 27.9.2022, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1657/oj)
22. 32022 D 1656: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1656 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2022 maidir le haitheantas a thabhairt do scéim deimhniúcháin talmhaíochta na hOstaire (AACS) chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO AE L 249, 27.9.2022, lch. 50, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1656/oj)
23. 32022 R 996: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 i ndáil le rialacha chun critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus critéir maidir le riosca íseal i ndáil le hathrú indéiríoch ar thalamhúsáid a fhíorú (IO AE L 168, 27.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/996/oj)

24. 32022 D 1655: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1655 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2022 lena n-aithnítear an tuarascáil lena n-áirítear faisnéis maidir leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa tipiciúla a thagann ó shaothrú pónairí soighe san Airgintín faoi Airteagal 31(3) agus (4) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO AE L 249, 27.9.2022, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1655/oj)
25. 32024 D 861: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/861 ón gCoimisiún an 15 Márta 2024 maidir le haitheantas a thabhairt don tuarascáil lena n-áirítear faisnéis faoi na hastaíochtaí gás ceaptha teasa tipiciúla ó shaothrú olashíl canóla (síol ráibe) i gCeanada faoi Airteagal 31(3) agus (4) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO AE L, 2024/861, 19.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/861/oj)
26. 32023 D 1760: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1760 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2023 maidir le haitheantas a thabhairt don tuarascáil lena n-áirítear faisnéis faoi na hastaíochtaí gás ceaptha teasa tipiciúla ó shaothrú olashíl canóla (síol ráibe) san Astráil faoi Airteagal 31(3) agus (4) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO AE L 224, 12.9.2023, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1760/oj)
-

IARSCRÍBHINN MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM AIRTEAGAL 49 DEN CHOMHAONTÚ SEO

AIRTEAGAL 1

Liosta de ghníomhaíochtaí ghníomhaireachtaí, chórais faisnéise agus ghníomhaíochtaí eile an Aontais a bhfuil an Eilvéis le ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh leo

Déanfaidh an Eilvéis ranníocaíocht airgeadais i leith na nithe seo a leanas:

(a) ghníomhaireachtaí:

- An Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh, arna bhunú le Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO L 158, 14.6.2019, lch. 22, de réir mar is infheidhme de réir Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú), agus raon feidhme an Chomhaontaithe seo á chur san áireamh, le haghaidh 85 % de líne bhuiséid fhóirdheontais an Aontais don bhliain i gceist;

(b) córais faisnéise:

- bunachar sonraí an Aontais, mar a bunaíodh le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, de réir mar is infheidhme de réir Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gComhaontú);

(c) gníomhaíochtaí eile:

ceann ar bith.

AIRTEAGAL 2

Téarmaí íocaíochta

1. Déanfar íocaíochtaí atá dlite de bhun Airteagal 49 den Chomhaontú seo i gcomhréir leis an Airteagal seo.
2. Agus glao ar chistí na bliana airgeadais á eisiúint ag an gCoimisiún, cuirfidh sé an fhaisnéis seo a leanas in iúl don Eilvéis:

(a) méid na ranníocaíochta oibríochtúla; agus

(b) méid na táille rannpháirtíochta.

3. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis seo a leanas maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise in iúl don Eilvéis a luaithé is féidir agus ar a dhéanaí an 16 Aibreán de gach bliain airgeadais:

- (a) na méideanna i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais bhuiséad bliantúil an Aontais a vótáladh atá inscríofa ar línte fóirdheontais buiséid ábhartha an Aontais don bhliain i gceist le haghaidh gach gníomhaireachta de chuid an Aontais, agus aon ranníocaíocht oibríochtúil choigeartaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 1 á cur san áireamh le haghaidh gach gníomhaireachta, agus na méideanna i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais i ndáil le buiséad an Aontais a vótáladh don bhliain i gceist le haghaidh bhuiséad ábhartha na gcórais faisnéise agus gníomhaíochtaí eile, lena gcumhdaítear rannpháirtíocht na hEilvéise i gcomhréir le hAirteagal 1;
- (b) méid na táille rannpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 49(7) den Chomhaontú seo; agus
- (c) a mhéid a bhaineann le gníomhaireachtaí, i mbliain N+1 na méideanna i ngealltanais bhuiséadacha a rinneadh maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais a údaráíodh i mbliain N ar na línte fóirdheontais buiséid ábhartha de chuid an Aontais i ndáil le buiséad bliantúil an Aontais atá inscríofa ar línte fóirdheontais buiséid ábhartha an Aontais le haghaidh bhliain N.

4. Ar bhonn a dhréachtbhuiséid, soláthróidh an Coimisiún meastachán ar an bhfaisnéis faoi phointí (a) agus (b) de mhír 3 a luaithé is féidir, agus, ar a dhéanaí, faoin 1 Meán Fómhair den bhliain airgeadais.

5. Eiseoidh an Coimisiún don Eilvéis, an 16 Aibreán ar a dhéanaí agus, más infheidhme maidir leis an ngníomhaireacht ábhartha, an córas faisnéise nó gníomhaíocht eile, an 22 Deireadh Fómhair ar a luaithé agus ar a dhéanaí an 31 Deireadh Fómhair gach bliain airgeadais, glao ar chistí a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht na hEilvéise faoin gComhaontú seo le haghaidh gach ceann de na gníomhaireachtaí, na córais faisnéise agus na gníomhaíochtaí eile ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach.

6. Déanfar an glao (nó na glaonna) ar chistí dá dtagraítear i mír 5 a struchtúró i dtráthchodanna mar a leanas:

- (a) an chéad tráthchuid de gach bliain, i ndáil leis an nglao ar chistí atá le heisiúint faoin 16 Aibreán, comhfhreagróidh sí do mhéid suas le coibhéis an mheastacháin ar ranníocaíocht bhliantúil airgeadais na gníomhaireachta, an chórais faisnéise nó na gníomhaíochta eile i gceist dá dtagraítear i mír 4.

Íocfaidh an Eilvéis an méid a shonrófar sa ghlaó ar chistí sin 60 lá ar a dhéanaí tar éis eisiúint an ghlaó ar chistí;

- (b) i gcás inarb infheidhme, an dara tráthchuid den bhliain, i ndáil leis an nglao ar chistí atá le heisiúint an 22 Deireadh Fómhair ar a luaithe agus an 31 Deireadh Fómhair ar a dhéanaí, comhfhreagróidh sí don difríocht idir an méid dá dtagraítear i mír 4 agus an méid dá dtagraítear i mír 5 i gcás ina mbeidh an méid dá dtagraítear i mír 5 níos airde.

Íocfaidh an Eilvéis an méid a shonrófar sa ghlaó ar chistí faoin 21 Nollaig ar a dhéanaí.

I gcás gach glao ar chistí, féadfaidh an Eilvéis íocaíochtaí ar leithligh a dhéanamh le haghaidh gach gníomhaireachta, córais faisnéise nó gníomhaíochta eile.

7. I gcás na chéad bhliana de chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, eiseoidh an Coimisiún aon ghlaó amháin ar chistí, laistigh de 90 lá ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Íocfaidh an Eilvéis an méid a shonrófar sa ghlaó ar chistí 60 lá ar a dhéanaí tar éis eisiúint an ghlaó ar chistí.

8. Is é an toradh a bheidh ar aon mhoill ar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais go n-íocfaidh an Eilvéis ús mainneachtana ar an méid atá gan íoc ón dáta dlite suas go dtí an lá a íocfar ina iomláine an méid sin gan íoc.

Is é an ráta úis ar mhéideanna is infhaighte nach n-íoctar ar an dáta dlite an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí ina mbeidh an dáta dlite, nó 0 %, cibé acu is airde, móide 3,5 pointe céatadán.

AIRTEAGAL 3

Ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise le gníomhaireachtaí an Aontais a choigeartú i bhfianaise an chur chun feidhme

Déanfar ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise le gníomhaireachtaí an Aontais a choigeartú i mbliain N+1 nuair a choigeartófar an ranníocaíocht oibríochtúil tosaigh suas nó síos de réir na difríochta idir an ranníocaíocht oibríochtúil tosaigh agus ranníocaíocht choigeartaithe arna ríomh trí threoir ranníoca bhliain N a chur i bhfeidhm maidir le méid na ngealltanais buiséadach a dhéantar ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanais a údaraítear i mbliain N faoi na línte buiséid ábhartha maidir le fóirdheontais an Aontais. I gcás inarb infheidhme, cuirfear san áireamh sa difríocht, i gcás gach gníomhaireachta, an ranníocaíocht oibríochtúil choigeartaithe bunaithe ar chéatadán mar a shainmhínítear in Airteagal 1.

AIRTEAGAL 4

Socruithe idirthréimhseacha

I gcás nach é an 1 Eanáir dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh feidhm ag an Airteagal seo de mhaolú ar Airteagal 2.

I gcás chéad bhliain chur chun feidhme an Chomhaontaithe, i ndáil leis an ranníocaíocht oibríochtúil atá dlite le haghaidh na bliana i gceist is infheidhme maidir leis an ngníomhaireacht ábhartha, leis an gcóras faisnéise ábhartha nó le gníomhaíocht eile ábhartha, mar a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 49 den Chomhaontú agus le hAirteagail 1 go 3 den Iarscríbhinn seo, laghdófar an ranníocaíocht oibríochtúil ar bhonn *pro rata temporis* trí mhéid na ranníocaíochta oibríochtúla bliantúla atá dlite a iolrú faoi chóimheas na nithe seo a leanas:

- (a) an líon laethanta féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe go dtí an 31 Nollaig den bhliain i gceist, agus
- (b) an líon iomlán laethanta féilire den bhliain i gceist.

PRÓTACAL

PRÓTACAL MAIDIR LEIS AN mBINSE EADRÁNA

CAIBIDIL I

RÉAMHFHORÁLACHA

AIRTEAGAL I.1

Raon feidhme

Má chuireann ceann de na Páirtithe Conarthacha (dá ngairtear ‘páirtithe’ anseo feasta) díospóid isteach le haghaidh eadrána i gcomhréir le hAirteagail 32(2) nó 33(2) den Chomhaontú seo, beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach sa Phrótacal seo.

AIRTEAGAL I.2

Seirbhísí clárlainne agus rúnaíochta

Comhlíonfaidh Biúró Idirnáisiúnta na Buanchúirte Eadrána sa Háig (dá ngairtear ‘an Biúró Idirnáisiúnta’ anseo feasta) feidhmeanna na clárlainne agus soláthróidh sé na seirbhísí rúnaíochta is gá.

AIRTEAGAL I.3

Fógraí agus teorainneacha ama a ríomh

1. Féadfar fógraí, lena n-áirítear teachtaireachtaí nó tograí, a sheoladh trí aon mhodh cumarsáide lena ndeimhnítear a dtarchur, nó lena gcumasaítear iad a dheimhniú.
2. Ní fhéadfar fógraí den sórt sin a sheoladh go leictreonach ach amháin má tá seoladh ainmnithe nó údaraithe ag páirtí go sonrach chun na críche sin.
3. Seolfar fógraí den sórt sin a sheirbheálfar ar na páirtithe, i gcás na hEilvéise, chuig Rannán Eorpach Roinn Cónaidhme Gnóthaí Eachtracha na hEilvéise agus, i gcás an Aontais, chuig Seirbhís Dlí an Choimisiúin.
4. Rithfidh aon teorainn ama a leagtar síos sa Phrótacal seo ón lá tar éis tarlú teagmhais nó déanamh birt. Más rud é gur lá nach lá oibre ag institiúidí an Aontais nó rialtas na hEilvéise an lá deireanach chun doiciméad a sheachadadh, tiocfaidh deireadh le tréimhse seachadta an doiciméid ar an gcéad lá oibre ina dhiaidh sin. Déanfar laethanta neamhoibre a thagann faoi réim na tréimhse ama a chomhaireamh.

AIRTEAGAL I.4

Fógra eadrána

1. An páirtí a chuirfidh chuige eadráin a úsáid (dá ngairtear ‘iarratasóir’ anseo feasta) seolfaidh sé fógra eadrána chuig an bpáirtí eile (dá ngairtear ‘cosantóir’ anseo feasta) agus chuig an mBiúró Idirnáisiúnta.

2. Measfar imeachtaí eadrána a bheith tosaithe ar an lá tar éis an lae a gheobhaidh an cosantóir an fógra eadrána.

3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san fhógra eadrána:

- (a) an t-éileamh go ndéanfar an díospóid a tharchur chun eadrána;
- (b) ainmneacha agus sonraí teagmhála na bpáirtithe;
- (c) ainm agus seoladh ghníomhaire nó ghníomhairí an iarratasóra;
- (d) is iad Airteagal 32(2) nó Airteagal 33(2) den Chomhaontú seo bunús dlí na n-imeachtaí agus:
 - (i) sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 32(2) den Chomhaontú seo, an cheist is cúis leis an díospóid arna hiontráil go hoifigiúil, lena réiteach, ar chlár oibre an Chomhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 32(1) den Chomhaontú seo; agus
 - (ii) sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 33(2) den Chomhaontú seo, cinneadh an bhinse eadrána, aon bhearta cur chun feidhme a luaitear in Airteagal 32(5) den Chomhaontú seo agus na bearta cúiteacha is ábhar díospóide;
- (e) aon riail is cúis leis an díospóid nó a bhaineann léi a ainmniú;
- (f) tuairisc ghairid ar an díospóid; agus
- (g) ainmniú eadránaí nó, má tá cúigear eadránaithe le ceapadh, ainmniú beirt eadránaithe.

4. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 32(3) den Chomhaontú seo, féadfaidh faisnéis a bheith san fhógra eadrána freisin maidir leis an ngá atá le tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

5. Ní choiscfidh aon éileamh ar leordhóthanacht an fhógra eadrána bunú an bhinse eadrána. Déanfaidh an binse eadrána an díospóid a chinneadh go cinntitheach.

AIRTEAGAL I.5

Freagairt ar an bhfógra eadrána

1. Laistigh de 60 lá ón bhfógra eadrána a fháil, seolfaidh an cosantóir freagra ar an bhfógra eadrána chuig an iarratasóir agus chuig an mBiúró Idirnáisiúnta, ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) ainmneacha agus sonraí teagmhála na bpáirtithe;
- (b) ainm agus seoladh ghníomhaire nó ghníomhairí an chosantóra;
- (c) freagra ar an bhfaisnéis a thugtar san fhógra eadrána i gcomhréir le pointí (d) go (f) d'Airteagal I.4(3); agus
- (d) ainmniú eadránaí nó, má tá cúigear eadránaithe le ceapadh, ainmniú beirt eadránaithe.

2. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 32(3) den Chomhaontú seo, féadfaidh freagra ar an bhfaisnéis a thugtar san fhógra eadrána i gcomhréir le hAirteagal I.4(4) den Phrótacal seo agus faisnéis maidir leis an ngá atá le tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bheith sa fhreagra ar an bhfógra eadrána.
3. Ní chuirfidh easpa freagartha nó freagra neamhiomlán nó déanach ón gcosantóir ar an bhfógra eadrána cosc ar bhunú binse eadrána. Déanfaidh an binse eadrána an díospóid a chinneadh go cinntitheach.
4. Má iarrann an cosantóir go mbeadh cúigear eadránaithe ar an mbinse eadrána ina fhreagra ar an bhfógra eadrána, ainmneoidh an t-iarratasóir eadránaí breise laistigh de 30 lá ón bhfreagra ar an bhfógra eadrána a fháil.

AIRTEAGAL I.6

Ionadaíocht agus cúnamh

1. Déanfaidh gníomhaire amháin nó níos mó ionadaíocht ar na páirtithe os comhair an bhinse eadrána. Féadfaidh an gníomhaire cúnamh a fháil ó chomhairleoirí nó ó dhlíodóirí.
2. Cuirfear aon athrú ar na gníomhairí nó ar a seoltaí in iúl don pháirtí eile, don Bhiúró Idirnáisiúnta agus don bhinse eadrána. Féadfaidh an binse eadrána, tráth ar bith, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó pháirtí, fianaise ar na cumhachtaí a thugtar do ghníomhairí na bpáirtithe a iarraidh.

CAIBIDIL II

COMHDHÉANAMH AN BHINSE EADRÁNA

AIRTEAGAL II.1

An líon eadránaithe

Triúr eadránaithe a bheidh ar an mbinse. Má iarrann an t-iarratasóir ina fhógra eadrána nó an cosantóir ina fhreagra ar an bhfógra eadrána amhlaidh, beidh cúigear eadránaithe ar an mbinse eadrána.

AIRTEAGAL II.2

Na headránaithe a cheapadh

1. Má tá triúr eadránaithe le ceapadh, ainmneoidh gach ceann de na páirtithe duine acu. Roghnóidh an bheirt eadránaithe arna gceapadh ag na páirtithe an tríú headránaí, a bheidh ina chathaoirleach ar an mbinse eadrána.
2. Má tá cúigear eadránaithe le ceapadh, ainmneoidh gach páirtí beirt díobh. Roghnóidh an ceathrar eadránaithe arna gceapadh ag na páirtithe an cúigiú headránaí, a bheidh ina chathaoirleach ar an mbinse eadrána.

3. Más rud é, laistigh de 30 lá tar éis ainmniú an eadránaí deiridh arna cheapadh ag na páirtithe, nach mbeidh na headránaithe tar éis teacht ar chomhaontú maidir le cathaoirleach an bhinse eadrána a roghnú, is é Ardrúnaí na Buanchúirte Eadrána a cheapfaidh an cathaoirleach.

4. Chun cúnamh a thabhairt eadránaithe a roghnú chun an binse eadrána a chomhdhéanamh, déanfar liosta táscach de dhaoine ag a bhfuil na cáilíochtaí dá dtagraítear i mír 6 a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá, ar liosta é a bheidh i gcoiteann ag gach comhaontú déthaobhach sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach chomh maith leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le sláinte, arna dhéanamh in [...] an [...] (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le Sláinte’ anseo feasta), an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, arna dhéanamh i Lucsamburg an 21 Meitheamh 1999 (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta’ anseo feasta) agus an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht thráthrialta airgeadais na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú, arna dhéanamh i [...] an [...] (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le ranníocaíocht rialta airgeadais’ anseo feasta). Déanfaidh an Comhchoiste an liosta sin a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta le cinneadh chun críocha an Chomhaontaithe.

5. I gcás nach n-ainmneoidh páirtí eadránaí, ceapfaidh Ardrúnaí na Buanchúirte Eadrána an t-eadránaí sin ón liosta dá dtagraítear i mír 4. In éagmais liosta den sórt sin, déanfaidh Ard-Rúnaí na Buanchúirte Eadrána an t-eadránaí a cheapadh trí chrannchur ó na pearsana aonair a mhol páirtí amháin nó an dá pháirtí go foirmiúil chun críocha mhír 4.

6. Is daoine ardcháilithe iad na daoine a chomhdhéanann an binse eadrána, bíodh nó ná bíodh ceangail acu leis na páirtithe, a ráthaítear a neamhspleáchas agus a n-easpa coinbhleachtaí leasa, mar aon le raon leathan taithí. Go háirithe, beidh saineolas léirithe acu ar an dlí agus ar na hábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú seo; ní ghlacfaidh siad teoracha ó cheachtar páirtí; agus feidhmeoidh siad ina gcáil phearsanta, agus ní ghlacfaidh siad le teoracha ó aon eagraíocht ná aon rialtas maidir le hábhair a bhaineann leis an díospóid. Beidh taithí ag cathaoirleach an bhinse eadrána freisin ar nósanna imeachta um réiteach díospóidí.

AIRTEAGAL II.3

Dearbhuithe eadránaithe

1. Le linn do dhuine a bheith á mheas lena cheapadh mar eadránaí, tuairisceoidh an duine sin na himthosca uile is dóigh a bheidh ina gcúis le hamhras dlisteanach maidir lena neamhchlaontacht nó lena neamhspleáchas. Ón gceapachán agus le linn na n-imeachtaí eadrána ar fad, tuairisceoidh eadránaí na himthosca sin do na páirtithe agus do na headránaithe eile gan mhoill, mura ndearna an t-eadránaí amhlaidh cheana féin.
2. Féadfar aon eadránaí a bhriseadh as a phost más ann d'imthosca a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hamhras dlisteanach faoina neamhchlaontacht nó faoina neamhspleáchas.
3. Ní fhéadfaidh páirtí a iarraidh go ndéanfaí eadránaí a dhífhostú ach amháin ar chúis a thagann chun cinn dó tar éis an cheapacháin sin.
4. Mura ngníomhaíonn eadránaí nó mura féidir le headránaí *de jure* nó *de facto* a ról a chomhlíonadh, beidh feidhm ag an nós imeachta um eadránaithe a dhífhostú a leagtar síos in Airteagal II.4.

AIRTEAGAL II.4

Eadránaithe a dhífhostú

1. Aon pháirtí ar mian leis eadránaí a dhífhostú, déanfaidh sé iarraidh ar dhífhostú laistigh de 30 lá ón dáta a thugtar fógra dó faoi cheapadh an eadránaí sin nó laistigh de 30 lá ón dáta a thagann sé ar an eolas faoi na himthosca dá dtagraítear in Airteagal II.3.
2. Seolfar an iarraidh ar dhífhostú chuig an bpáirtí eile, chuig an eadránaí dífhostaithe, chuig na headránaithe eile agus chuig an mBiúró Idirnáisiúnta. Leagfar amach ann na cúiseanna atá leis an iarraidh ar dhífhostú.
3. Nuair a bheidh iarraidh ar dhífhostú déanta, féadfaidh an páirtí eile glacadh leis an iarraidh ar dhífhostú. Féadfaidh an t-eadránaí i gceist éirí as freisin. Ní thugtar le tuiscint leis an nglacadh nó leis an éirí as go n-aithnítear na cúiseanna atá leis an iarraidh ar dhífhostú.
4. Más rud é, laistigh de 15 lá ón dáta ar tugadh fógra faoin iarraidh ar dhífhostú, nach nglacfaidh an páirtí eile leis an iarraidh ar dhífhostú nó nach n-éireoidh an t-eadránaí i gceist as, féadfaidh an páirtí a d'iarr an dífhostú a iarraidh ar Ard-Rúnaí na Buanchúirte Eadrána cinneadh a dhéanamh maidir leis an dífhostú.
5. Mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt, léireofar sa chinneadh dá dtagraítear i mír 4 na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin.

AIRTEAGAL II.5

Eadránaí a ionadú

1. Faoi réir mhír 2 den Airteagal seo, más gá eadránaí a ionadú le linn na n-imeachtaí eadrána, ceapfar nó roghnófar ionadaí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal II.2 is infheidhme maidir le ceapadh nó roghnú an eadránaí a bheidh le hionadú. Beidh feidhm ag an nós imeachta sin fiú murar fheidhmigh páirtí amháin a cheart chun an t-eadránaí atá le hionadú a cheapadh nó páirt a ghlacadh i gceapadh an eadránaí sin.
2. I gcás eadránaí a ionadú, atosófar ar an nós imeachta ag an gcéim inar scoir an t-eadránaí ar cuireadh eadránaí eile ina ionad dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna a chomhlíonadh, mura gcinnfidh an binse eadrána a mhalairt.

AIRTEAGAL II.6

Eisiamh dliteanais

Ach amháin i gcásanna éagóiritheoireachta d'aon ghnó nó mórfhaillí, diúltaíonn na páirtithe, a mhéid is féidir a cheadaítear leis an dlí is infheidhme, aon chaingean in aghaidh na n-eadránaithe maidir le haon ghníomh nó neamhghníomh a bhaineann leis an eadráin.

CAIBIDIL III

IMEACHTAÍ EADRÁNA

AIRTEAGAL III.1

Forálacha ginearálta

1. Is é dáta bunaithe an bhinse eadrána an dáta ar ghlac an t-eadránaí deiridh lena cheapachán nó lena ceapachán.
2. Áiritheoidh an binse eadrána go gcaithfear go cothrom leis na páirtithe agus, ag céim chuí de na himeachtaí, go mbeidh deis leordhóthanach ag gach ceann acu a gcearta a dhearbhu agus a gcás a chur i láthair. Seolfaidh an binse eadrána na himeachtaí ar shlí a sheachnóidh moilleanna agus caiteachas nach bhfuil gá leis agus a áiritheoidh go socrófar an díospóid idir na páirtithe.
3. Eagrófar éisteacht, mura gcinnfidh an binse eadrána a mhalairt, tar éis na páirtithe a éisteacht.
4. Nuair a chuirfidh páirtí teachtaireacht chuig an mbinse eadrána, déanfaidh sé amhlaidh tríd an mBiúró Idirnáisiúnta agus cuirfidh sé cóip chuig an bpáirtí eile an tráth céanna. Seolfaidh an Biúró Idirnáisiúnta cóip den teachtaireacht sin chuig gach duine de na headránaithe.

AIRTEAGAL III.2

Áit eadrána

Is í an Háig an áit eadrána. Féadfaidh an binse eadrána, más gá sin in imthosca eisceachtúla, teacht le chéile in aon áit eile is iomchuí leis dá phlé.

AIRTEAGAL III.3

Teanga

1. Is iad an Fhraincis agus an Béarla teangacha na n-imeachtaí.
2. Féadfaidh an binse eadrána a ordú go mbeidh aistriúchán go ceann de theangacha na n- imeachtaí ag gabháil leis na doiciméid uile atá i gceangal leis an ráiteas éilimh nó leis an ráiteas cosanta agus leis na doiciméid bhreise uile a tháirgtear le linn na n- imeachtaí, arna gcur isteach ina dteanga bhunaidh.

AIRTEAGAL III.4

Ráiteas éilimh

1. Seolfaidh an t-iarratasóir a ráiteas éilimh i scríbhinn chuig an gcosantóir agus chuig an mbinse tríd an mBiúro Idirnáisiúnta, laistigh den teorainn ama arna socrú ag an mbinse eadrána. Féadfaidh an t-iarratasóir a chinneadh a fhógra eadrána dá dtagraítear in Airteagal I.4 a mheas mar ráiteas éilimh, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na coinníollacha i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo freisin.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa ráiteas éilimh:

(a) an fhaisnéis a leagtar amach i bpointí (b) go (f) d'Airteagal I.4(3);

(b) ráiteas fíoras a cuireadh isteach mar thaca leis an éileamh; agus

(c) na hargóintí dlíthiúla a cuireadh chun cinn mar thaca leis an éileamh.

3. Beidh ag gabháil leis an ráiteas éilimh, a mhéid is féidir, aon doiciméad agus aon fhianaise eile a bheidh luaite ag an iarratasóir nó ba cheart tagairt a dhéanamh dóibh ann. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 32(3) den Chomhaontú seo, beidh faisnéis sa ráiteas éilimh freisin, a mhéid is féidir, maidir leis an ngá atá le tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

AIRTEAGAL III.5

Ráiteas cosanta

1. Seolfaidh an cosantóir an ráiteas cosanta i scríbhinn chuig an iarratasóir agus chuig an mbinse eadrána tríd an mBiúró Idirnáisiúnta, laistigh den teorainn ama arna socrú ag an mbinse eadrána. Féadfaidh an cosantóir a chinneadh an freagra ar an bhfógra eadrána dá dtagraítear in Airteagal I.5 a mheas mar ráiteas cosanta, ar choinníoll go gcomhlíonann an freagra ar an bhfógra eadrána na coinníollacha i mír 2 den Airteagal seo freisin.

2. Freagróidh an ráiteas cosanta do na pointí sa ráiteas éilimh a shonraítear i gcomhréir le pointí (a) go (c) d'Airteagal III.4(2) den Phrótacal seo. Beidh ag gabháil leis, a mhéid is féidir, aon doiciméad agus aon fhianaise eile a bheidh luaite ag an gcosantóir nó ba cheart tagairt a dhéanamh dóibh ann. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 32(3) den Chomhaontú seo, beidh faisnéis sa ráiteas éilimh freisin, a mhéid is féidir, maidir leis an ngá atá le tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
3. Sa ráiteas cosanta, nó ag céim níos déanaí sna himeachtaí eadrána má chinneann an binse eadrána go bhfuil údar le moill de bharr imthosca, féadfaidh an cosantóir frithéileamh a dhéanamh ar choinníoll go bhfuil dlínse ag an mbinse eadrána ina leith.
4. Beidh feidhm ag Airteagal III.4(2) agus (3) maidir le frithéileamh.

AIRTEAGAL III.6

Dlínse eadrána

1. Rialóidh an binse eadrána an bhfuil dlínse aige ar bhonn Airteagal 32(2) nó Airteagal 33(2) den Chomhaontú seo.
2. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 32(2) den Chomhaontú seo, beidh sainordú ag an mbinse eadrána scrúdú a dhéanamh ar an gceist is cúis leis an díospóid arna hiontráil go hoifigiúil, lena réiteach, ar chlár oibre an Chomhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 32(1) den Chomhaontú seo.

3. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 33(2) den Chomhaontú seo, beidh sainordú ag an mbinse eadrána a d'éist leis an bpríomhchás scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht na mbeart cúiteach is ábhar díospóide, lena n-áirítear i gcás ina ndearnadh na bearta sin go hiomlán nó go páirteach i gcomhaontú déthaobhach eile sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach.

4. Déanfar réamhagóid maidir le heaspa dlínse an bhinse eadrána ar a dhéanaí sa ráiteas cosanta nó, i gcás frithéilimh, sa fhreagra. Má tá páirtí tar éis eadránaí a cheapadh nó má ghlac sé páirt ina cheapachán, ní bhainfear an ceart de réamhagóid den sórt sin a dhéanamh. Déanfar an réamhagóid go rachadh an díospóid thar chumhachtaí an bhinse eadrána a luaithe a tharraingeofar an cheist anuas a líomhnaítear a théann thar a cumhachtaí le linn na n-imeachtaí eadrána. In aon chás, féadfaidh an binse eadrána réamhagóid a cheadú a dhéanfar tar éis don teorainn ama atá leagtha síos a bheith caite má chreideann sé go raibh cúis bhailí leis an moill.

5. Féadfaidh an binse eadrána rialú a thabhairt ar an réamhagóid dá dtagraítear i mír 4 trí dhéileáil léi mar réamhcheist nó sa chinneadh ar shubstaint an cháis.

AIRTEAGAL III.7

Aighneachtaí eile i scríbhinn

Déanfaidh an binse eadrána, tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe, breith a thabhairt ar na haighneachtaí eile i scríbhinn, i dteannta an ráitis éilimh agus an ráitis cosanta, a dhéanfaidh nó a fhéadfaidh na páirtithe a chur isteach agus socróidh sé an teorainn ama lena gcur isteach.

AIRTEAGAL III.8

Teorainneacha ama

1. Ní rachaidh na teorainneacha ama arna socrú ag an mbinse eadrána chun na doiciméid i scríbhinn a chur in iúl, lena n-áirítear an ráiteas éilimh agus an ráiteas cosanta, thar 90 lá, mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt.
2. Déanfaidh an binse eadrána a chinneadh críochnaitheach laistigh de 12 mhí ó dháta a bhunaithe. In imthosca eisceachtúla a bhfuil deacracht ar leith ag baint leo, féadfaidh an binse eadrána síneadh suas le 3 mhí bhreise a chur leis an tréimhse sin.
3. Déanfar na teorainneacha ama a leagtar síos i míreanna 1 agus 2 a laghdú faoina leath:
 - (a) arna iarraidh sin don iarratasóir nó don chosantóir, más rud é, laistigh de 30 lá tar éis an iarraidh sin a fháil, go rialaíonn an binse eadrána, tar éis an páirtí eile a éisteacht, go bhfuil práinn leis an gcás; nó
 - (b) má chomhaontaíonn na páirtithe amhlaidh.
4. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 33(2) den Chomhaontú seo, déanfaidh an binse eadrána a chinneadh críochnaitheach laistigh de 6 mhí ón dáta a dtabharfar fógra faoi na bearta cúiteacha i gcomhréir le hAirteagal 33(1) den Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL III.9

Cásanna arna dtarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

1. I gcur i bhfeidhm Airteagal 29 agus Airteagal 32(3) den Chomhaontú seo, déanfaidh an binse eadrána tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
2. Féadfaidh an binse eadrána tarchur a dhéanamh chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh tráth ar bith sna himeachtaí, ar choinníoll go bhfuil an binse eadrána in ann cúlra dlíthiúil agus fíorasach an cháis a shainiú beacht go leor, mar aon leis na ceisteanna dlí a tharraingítear anuas ann.

Cuirfear na himeachtaí os comhair an bhinse eadrána ar fionraí go dtí go mbeidh a rialú tugtha ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
3. Féadfaidh gach páirtí iarraidh réasúnaithe a chur chuig an mbinse eadrána chun tarchur a dhéanamh chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Diúltóidh an binse eadrána d'iarraidh den sórt sin má mheasann sé nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear i mír 1. Má dhiúltaíonn an binse eadrána d'iarraidh páirtí ar tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tabharfaidh sé cúiseanna lena chinneadh sa bhreith ar shubstaint an cháis.
4. Déanfaidh an binse eadrána tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh trí bhíthin fógra. Beidh an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, san fhógra:
 - (a) tuairisc ghairid ar an díospóid;
 - (b) gníomh dlí nó gníomhartha dlí an Aontais agus/nó an fhoráil nó na forálacha den Chomhaontú seo atá i gceist; agus

(c) coincheap dhlí an Aontais atá le léiriú i gcomhréir le hAirteagal 29(2) den Chomhaontú seo.

Tabharfaidh an binse eadrána fógra maidir leis an tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh do na páirtithe.

5. Cuirfidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm, de réir analaí, na rialacha nós imeachta inmheánacha is infheidhme maidir le feidhmiú a dlínse chun réamhrialú a dhéanamh ar léirmhíniú na gConarthaí agus na gníomhartha arna ndéanamh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

6. Na gníomhairí agus na dlíodóirí atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh do na páirtithe os comhair an bhinse eadrána de bhun Airteagail I.4, I.5, III.4 agus III.5, údarófar dóibh ionadaíocht a dhéanamh ar na páirtithe os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

AIRTEAGAL III.10

Bearta idirlinne

1. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 33(2) den Chomhaontú seo, féadfaidh ceachtar páirtí, ag aon chéim den nós imeachta eadrána, iarratas a dhéanamh ar bhearta eatramhacha arb é atá iontu na bearta cúiteacha a chur ar fionraí.

2. Sonrófar in iarratas de bhun mhír 1 ábhar na n-imeachtaí, na himthosca is cúis le práinn agus na saincheisteanna fíorais agus dlí lena mbunaítear cás *prima facie* le haghaidh na mbeart eatramhach arna n-iarraidh. Beidh ann an fhianaise agus na tairiscintí fianaise uile atá ar fáil chun údar a thabhairt le deonú na mbeart eatramhach.

3. Déanfaidh an páirtí a iarrann na bearta eatramhacha a iarratas a sheoladh i scríbhinn chuig an bpáirtí eile agus chuig an mbinse eadrána tríd an mBiúró Idirnáisiúnta. Socróidh an binse eadrána teorainn ama ghearr ar laistigh di a fhéadfaidh an páirtí eile sin barúlacha i scríbhinn nó ó bhéal a chur isteach.
4. Glacfaidh an binse eadrána, laistigh de 1 mhí amháin tar éis an t-iarratas dá dtagraítear i mír 1 a chur isteach, cinneadh maidir leis na bearta cúiteacha atá á gconspóid a chur ar fionraí má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
- (a) gur deimhin leis an mbinse eadrána *prima facie* fiúntas an cháis arna chur isteach ag an bpáirtí a d'iarr na bearta eatramhacha ina iarratas;
 - (b) go measann an binse eadrána, ar feitheamh a chinnidh chríochnaithigh, go ndéanfaí díobháil thromchúiseach dholeasaithe don pháirtí a iarrann na bearta eatramhacha in éagmais na mbeart cúiteach a chur ar fionraí; agus
 - (c) gur mó an díobháil a rinneadh don pháirtí a d'iarr na bearta eatramhacha trí na bearta cúiteacha atá faoi chonspóid a chur i bhfeidhm láithreach ná an leas i gcur i bhfeidhm láithreach agus éifeachtach na mbeart sin.
5. Ní bheidh feidhm ag fionraí na n-imeachtaí dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal III.9(2) in imeachtaí de bhun an Airteagail seo.
6. Ní bheidh ach éifeacht eatramhach ag cinneadh a ghlacfaidh an binse eadrána de réir mhír 4 agus beidh sé gan dochar do chinneadh an bhinse eadrána ar shubstaint an cháis.

7. Mura rud é go socrófar leis an gcinneadh a ghlacfaidh an binse eadrána de réir mhír 4 den Airteagal seo dáta is luaithe le haghaidh dheireadh na fionraí, rachaidh an fhionraí in éag nuair a ghlacfar an cinneadh críochnaitheach de bhun Airteagal 33(2) den Chomhaontú seo.

8. Chun amhras a sheachaint, chun críocha an Airteagail seo, tuigtear, le linn don bhinse eadrána leasanna an pháirtí a iarrann na bearta eatramhacha agus an pháirtí eile a bhreithniú, go gcuirfidh sé san áireamh leasanna daoine aonair agus oibreoirí eacnamaíocha na bpáirtithe, ach nach é an toradh a bheidh orthu siúd a chur san áireamh aon seasamh a dheonú do dhaoine aonair nó d'oibreoirí eacnamaíocha den sórt sin os comhair an bhinse eadrána.

AIRTEAGAL III.11

Fianaise

1. Soláthróidh gach páirtí fianaise ar na fíorais arb iad forais a éilimh nó a chosanta iad.

2. Ar iarraidh ó pháirtí, nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an binse eadrána faisnéis ábhartha a mheasann sé a bheith riachtanach agus iomchuí a lorg ó na Páirtithe. Socróidh an binse eadrána teorainn ama do na páirtithe chun freagra a thabhairt ar a iarraidh.

3. Ar iarraidh ó pháirtí, nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an binse eadrána aon fhaisnéis is iomchuí leis a lorg ó aon fhoinse. Tá sé de cheart ag an mbinse eadrána freisin tuairim saineolaithe a lorg de réir mar is iomchuí leis agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha a chomhaontóidh na páirtithe, i gcás inarb infheidhme.

4. Aon fhaisnéis a gheobhaidh binse eadrána faoin Airteagal seo cuirfear ar fáil í do na páirtithe agus féadfaidh na páirtithe tuairimí faoin bhfaisnéis sin a chur faoi bhráid an bhinse eadrána.

5. Tar éis don bhinse eadrána tuairimí an pháirtí eile a lorg, glacfaidh sé bearta iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar aon cheist a tharraingeoidh páirtí anuas maidir le cosaint sonraí pearsanta, rúndacht ghairmiúil agus leasanna dlisteanacha rúndachta.

6. Is é an binse eadrána a thabharfaidh breithiúnas ar inghlacthacht, ábharthacht agus neart na fianaise a tiolacadh.

AIRTEAGAL III.12

Éisteachtaí

1. Nuair nach mór éisteacht a bheith ann, déanfaidh an binse eadrána, tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe, fógra a thabhairt do na páirtithe fada go leor roimh dháta, am agus áit na héisteachta.

2. Is go poiblí a éistfear cásanna mura ndéanfaidh an binse eadrána, uaithi féin nó ar iarratas ó na páirtithe, a mhalairt a chinneadh ar chúiseanna troma.

3. Déanfaidh cathaoirleach an bhinse eadrána miontuairiscí gach éisteachta a tharraingt suas agus a shíniú. Is iad na miontuairiscí sin amháin a bheidh barántúil.

4. Féadfaidh an binse eadrána cinneadh a dhéanamh an éisteacht a thionól go fíorúil de réir chleachtas an Bhiúró Idirnáisiúnta. Cuirfear na páirtithe ar an eolas faoin gcleachtas sin go tráthúil. I gcásanna den sórt sin, beidh feidhm ag mír 1, *mutatis mutandis*, agus ag mír 3.

AIRTEAGAL III.13

Réamhshocrú

1. Más rud é, laistigh den teorainn ama a leagtar síos leis an bPrótacal seo nó ag an mbinse eadrána, nach mbeidh a ráiteas éilimh curtha isteach ag an iarratasóir, gan cúis leordhóthanach a thaispeáint, ordóidh an binse eadrána go gcuirfear clabhsúr leis na himeachtaí eadrána, mura mbeidh ceisteanna gan réiteach ann a bhféadfadh gá a bheith le rialú ina leith agus más cuí leis an mbinse eadrána déanamh amhlaidh.

Más rud é, laistigh den teorainn ama a leagtar síos leis an bPrótacal seo nó ag an mbinse eadrána, gan cúis leordhóthanach a thaispeáint, nach mbeidh a fhreagra ar an bhfógra eadrána nó ar a ráiteas cosanta curtha isteach ag an gcosantóir, ordóidh an binse eadrána go leanfar de na himeachtaí, gan a mheas gurb ionann an mhainneachtain féin agus glacadh líomhaintí an iarratasóra.

Tá feidhm ag an dara fomhír freisin i gcás nach gcuireann an t-iarratasóir freagra ar fhrithéileamh isteach.

2. Mura dtiocfaidh páirtí, a chomórfar go cuí i gcomhréir le hAirteagal III.12(1), i láthair ag éisteacht agus mura léireoidh sé cúis leordhóthanach gan déanamh amhlaidh, féadfaidh an binse eadrána leanúint den eadráin.

3. Páirtí ar iarr an binse eadrána air go cuí tuilleadh fianaise a thabhairt ar aird, mura ndéanfaidh sé amhlaidh laistigh de na teorainneacha ama a shocraítear gan cúis leordhóthanach a thaispeáint gan déanamh amhlaidh, féadfaidh an binse eadrána rialú a thabhairt ar bhonn na fianaise a bheidh ar fáil aige.

AIRTEAGAL III.14

Dúnadh an nós imeachta

1. I gcás ina léirítear go raibh deis réasúnach ag na páirtithe a n-argóintí a chur i láthair, féadfaidh an binse eadrána dúnadh na n-imeachtaí a dhearbhu.
2. Féadfaidh an binse eadrána, má mheasann sé gur gá sin mar gheall ar imthosca eisceachtúla, cinneadh a dhéanamh ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó pháirtí na himeachtaí a athoscailt tráth ar bith sula mbeidh a chinneadh déanta aige.

CAIBIDIL IV

CINNEADH

AIRTEAGAL IV.1

Cinntí

Féachfaidh an binse eadrána lena chinntí a dhéanamh de chomhthoil. Más rud é, áfach, nach féidir cinneadh a dhéanamh de chomhthoil, is é tromlach na n-eadránaithe a dhéanfaidh cinneadh an bhinse eadrána.

AIRTEAGAL IV.2

Foirm agus éifeacht chinneadh an bhinse eadrána

1. Féadfaidh an binse eadrána cinntí ar leithligh a dhéanamh ar cheisteanna éagsúla ag tráthanna éagsúla.
2. Eiseofar gach cinneadh i scríbhinn agus luafar iontu na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe. Beidh siad críochnaitheach agus ina gceangal ar na páirtithe.
3. Síneoidh na headránaithe cinneadh an bhinse eadrána, beidh ann an dáta a rinneadh é agus luafar ann an áit eadrána. Cuirfidh an Biúró Idirnáisiúnta cóip den chinneadh arna shíniú ag na headránaithe in iúl do na páirtithe.
4. Déanfaidh an Biúró Idirnáisiúnta cinneadh an bhinse eadrána a phoibliú.

Le linn don Bhiúró Idirnáisiúnta cinneadh an bhinse eadrána a phoibliú, urramóidh sé na rialacha ábhartha maidir le cosaint sonraí pearsanta, rúndacht ghairmiúil agus leasanna dlisteanacha rúndachta.

Beidh na rialacha dá dtagraítear sa dara fomhír comhionann le haghaidh na gcomhaontuithe déthaobhacha uile i réimsí an mhargaidh inmheánaigh ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach agus le haghaidh an Chomhaontaithe maidir le sláinte, an Chomhaontaithe maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta agus an Chomhaontaithe maidir le ranníocaíocht thráthrialta airgeadais na hEilvéise. Déanfaidh an Comhchoiste na rialacha sin a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta le cinneadh chun críocha an Chomhaontaithe.

5. Comhlíonfaidh na páirtithe cinntí uile an bhinse eadrána gan mhoill.

6. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 32(2) den Chomhaontú seo, tar éis don bhinse eadrána tuairim na bpáirtithe a fháil, socróidh sé teorainn ama réasúnach sa chinneadh maidir le substaint an cháis chun a chinneadh a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 32(5) den Chomhaontú seo agus nósanna imeachta inmheánacha na bpáirtithe á gcur san áireamh.

AIRTEAGAL IV.3

An dlí is infheidhme, rialacha maidir le léiriú, idirghabhálaí

1. Is éard atá sa dlí is infheidhme an Comhaontú seo, na gníomhartha dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear ann, chomh maith le haon riail eile den dlí idirnáisiúnta atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí sin.
2. Déanfaidh an binse eadrána cinneadh i gcomhréir leis na rialacha maidir le léiriú dá dtagraítear in Airteagal 29 den Chomhaontú seo.
3. Cinntí roimh ré arna nglacadh ag comhlacht um réiteach díospóidí maidir le comhréireacht beart cúiteach faoi chomhaontú déthaobhach eile i measc na gcinntí sin dá dtagraítear in Airteagal 33(1), beidh siad ina gceangal ar an mbinse eadrána.
4. Ní cheadófar don bhinse eadrána cinneadh a dhéanamh mar idirghabhálaí ná *ex aequo et bono*.

AIRTEAGAL IV.4

Réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach nó cúiseanna eile chun an nós imeachta a dhúnadh

1. Féadfaidh na páirtithe, tráth ar bith, réiteach ar a ndíospóid a chomhaontú go frithpháirteach. Cuirfidh siad aon réiteach den sórt sin in iúl go comhpháirteach don bhinse eadrána. Má éilítear formheas leis an réiteach de bhun nósanna imeachta intíre ábhartha ceachtar páirtí, déanfar tagairt san fhógra don cheanglas sin, agus cuirfear an nós imeachta eadrána ar fionraí. Mura gá formheas den sórt sin, nó nuair a bheidh fógra tugtha faoi thabhairt chun críche aon nós imeachta intíre den sórt sin, déanfar an nós imeachta eadrána a dhúnadh.

2. Más rud é, le linn imeachtaí, go gcuirfidh an t-iarratasóir in iúl i scríbhinn don bhinse eadrána nach mian leis na himeachtaí a shaothrú tuilleadh, agus más rud é, ar an dáta a gheobhaidh an binse eadrána an chumarsáid sin, nach bhfuil aon bheart déanta fós ag an gcosantóir sna himeachtaí, eiseoidh an binse eadrána ordú ina dtaifeadfar go hoifigiúil clabhsúr na n-imeachtaí. Déanfaidh an binse eadrána cinneadh maidir leis na costais, a íocfaidh an t-iarratasóir, má dhealraíonn sé go bhfuil údar leis sin de bharr iompar an pháirtí sin.

3. Más rud é, sula ndéantar cinneadh an bhinse eadrána, go dtagann an binse eadrána ar an gconclúid go bhfuil sé gan chiall nó dodhéanta leanúint de na himeachtaí ar aon chúis seachas na cúiseanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, cuirfidh an binse eadrána in iúl do na páirtithe go bhfuil sé ar intinn aige ordú a eisiúint lena gcuirfear clabhsúr leis na himeachtaí.

Níl feidhm ag an gcéad fhomhír i gcás ina bhfuil ceisteanna gan réiteach ann ar féidir gur gá rialú ina leith agus más cuí leis an mbinse eadrána déanamh amhlaidh.

4. Cuirfidh an binse eadrána in iúl do na páirtithe cóip den ordú lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí eadrána nó den chinneadh a rinneadh trí chomhaontú idir na páirtithe, agus í sínithe ag na headránaithe. Beidh feidhm ag Airteagal IV.2(2) go (5) maidir le cinntí eadrána a ghlacfar trí chomhaontú idir na páirtithe.

AIRTEAGAL IV.5

Cinneadh an bhinse eadrána a cheartú

1. Laistigh de 30 lá tar éis cinneadh an bhinse eadrána a fháil, féadfaidh páirtí, trí fhógra a thabhairt don pháirtí eile agus don bhinse eadrána tríd an mBiúró Idirnáisiúnta, a iarraidh ar an mbinse eadrána aon earráid sa ríomh, aon earráid chléireachais nó chló, nó aon earráid nó easnamh dá samhail a cheartú i dtéacs chinneadh an bhinse eadrána. I gcás ina measfaidh sé go bhfuil údar cuí leis an iarraidh, déanfaidh an binse eadrána an ceartú laistigh de 45 lá tar éis dó an iarraidh a fháil. Ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an iarraidh ar an teorainn ama dá bhforáiltear in Airteagal IV.2(6).
2. Féadfaidh an binse eadrána, laistigh de 30 lá tar éis dó a chinneadh a chur in iúl, na ceartúcháin dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh ar a thionscnamh féin.
3. Déanfar na ceartúcháin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i scríbhinn agus beidh siad ina gcuid dhílis den chinneadh. Beidh feidhm ag Airteagal IV.2(2) go (5).

AIRTEAGAL IV.6

Táillí eadránaithe

1. Beidh na táillí dá dtagraítear in Airteagal IV.7 réasúnta, agus castacht an cháis, an t-am a chaitheann na headránaithe air agus na cúinsí ábhartha eile go léir á gcur san áireamh.
2. Déanfar liosta de chúiteamh laethúil agus de na huaireanta uasta agus íosta, a bheidh i gcoiteann ag gach comhaontú déthaobhach sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach chomh maith leis an gComhaontú maidir le sláinte, an Comhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta agus an Comhaontú maidir le ranníocaíocht thráthrialta airgeadais na hEilvéise, a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá. Déanfaidh an Comhchoiste an liosta sin a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta le cinneadh chun críocha an Chomhaontaithe.

AIRTEAGAL IV.7

Costais

1. Iompróidh gach páirtí a chostais féin agus leath de chostais an bhinse eadrána.
2. Socróidh an binse eadrána a chostais ina chinneadh ar shubstaint an cháis. Ní áireofar ar na costais sin ach an méid seo a leanas:
 - (a) táillí na n-eadránaithe, a luafar ar leithligh le haghaidh gach eadránaí agus a shocróidh an binse eadrána féin i gcomhréir le hAirteagal IV.6;
 - (b) na costais taistil agus costais eile arna dtabhú ag na headránaithe; agus

(c) táillí agus costais an Bhiúró Idirnáisiúnta.

3. Beidh na costais dá dtagraítear i mír 2 réasúnach, agus an méid atá faoi dhíospóid, castacht na díospóide, an t-am a chaith na headránaithe agus aon saineolaí arna cheapadh ag an mbinse eadrána uirthi agus aon toisc ábhartha eile á gcur san áireamh.

AIRTEAGAL IV.8

Costais a thaisceadh

1. Ag tús na headrána, féadfaidh an Biúró Idirnáisiúnta a iarraidh ar na páirtithe méid comhionann a thaisceadh mar réamhíocaíocht le haghaidh na gcostas dá dtagraítear in Airteagal IV.7(2).

2. Le linn na n-imeachtaí eadrána, féadfaidh an Biúró Idirnáisiúnta taiscí atá forlíontach leo siúd dá dtagraítear i mír 1 a iarraidh ar na páirtithe.

3. Déanfar na méideanna uile arna dtaisceadh ag na páirtithe i gcur i bhfeidhm an Airteagail seo a íoc leis an mBiúró Idirnáisiúnta agus íocfaidh sé amach iad chun na costais a tabhaíodh iarbhír a chumhdach, lena n-áirítear, go háirithe, na táillí arna n-íoc leis na headránaithe agus leis an mBiúró Idirnáisiúnta.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL V.1

Leasuithe

Féadfaidh an Comhchoiste, le cinneadh, leasuithe ar an bPrótacal seo a ghlacadh.